Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Cuntais Leithreasa

2009

Cuntais curtha faoi bhráid Dháil Éireann faoi réir Ailt 3 (11) de
Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993

Meán Fómhair 2010

© Rialtas na hÉierann 2010

Cuntais Leithreasa Iniúchta 2009

Ceanglaíonn Alt 3(11) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 orm, ar chríochnú m'iniúchadh ar na Cuntais Leithreasa, cóip de gach cuntas chomh maith le mo dheimhniú a chur i láthair Dháil Éireann.

Tarchuirim leis seo, de bhun na bhforálacha roimhe seo, na cuntais agus deimhnithe sin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009.



SEÁN Ó BUACHALLA

An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

10 Meán Fómhair 2010

Clár Ábhar

Leathanach

Réamhrá

Cúlra leis na Cuntais Leithreasa 9

Cuntasacht agus Socruithe Iniúchta 10

Cuntais Leithreasa 2009

Formáid Athbhreithnithe na gCuntas Leithreasa 2009 15

Ráiteas Polasaithe Cuntasaíochta agus Prionsabail 2009 17

Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh Caighdeánach 2009 22

Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin 25

Vóta 2 Roinn an Taoisigh 35

Vóta 3 Oifig an Ard-Aighne 47

Vóta 4 An Phríomh-Oifig Staidrimh 59

Vóta 5 Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste 69

Vóta 6 Oifig an Aire Airgeadais 83

Vóta 7 Aoisliúntas agus Liúntas Scoir 97

Vóta 8 Oifig na gCoimisinéirí Achomhairc 105

Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim 115

Vóta 10 Oifig na nOibreacha Poiblí 127

Vóta 11 An tSaotharlann Stáit 145

Vóta 12 Rúnseirbhís 155

Vóta 13 Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit 161

Vóta 14 Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí 173

Vóta 15 An Oifig Luachála 183

Vóta 16 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí 193

Vóta 17 Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí 203

Vóta 18 Oifig an Ombudsman 213

Vóta19 Oifig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóiriú Dlí 225

Vóta 20 An Garda Síochána 243

Vóta21 Príosúin 259

Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna 273

Vóta 23 An tÚdarás Clárúcháin Maoine 285

Vóta 24 Tabhartais agus Tiomnachtaí Carthanacha 295

Vóta 25 Comhshaol, Oidhreacht agus Rialtas Áitiúil 303

Vóta 26 Oifig an Aire Oideachais agus Eolaíochta 325

Vóta 27 An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta 355

Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha 371

Vóta 29 Comhar Idirnáisiúnta 385

Vóta 30 Cumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha 397

Vóta 31 Talmhaíocht, Iascaigh agus Bia 415

Vóta 32 Iompar 435

Vóta 33 An Gailearaí Náisiúnta 449

Vóta 34 Fiontar, Trádáil agus Fostaíochta 461

Vóta 35 Ealaíona, Spórt agus Turasóireacht 479

Vóta 36 Cosaint 495

Vóta 37 Pinsin Airm 513

Vóta 38 Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh 521

Vóta 39 Sláinte agus Leanaí 537

Vóta 40 Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte 551

Vóta 41 Oifig an Aire Leanaí 573

Ciste Teagmhais 583

Réamhrá

Cúlra leis na Cuntais Leithreasa

Soláthraíonn Dáil Éireann airgid do ghnáthsheirbhísí na Ranna agus na nOifigí Rialtais, idir chaipiteal agus neamh-chaipiteal, trí

- mheastacháin a cheadú do na seirbhísí i rith gach bliana
- éifeacht reachtúil a sholáthar do na meastacháin san Acht Leithreasa bliantúil.

Foráiltear don chaiteachas faoi 'Vótaí' le ceann nó níos mó ag clúdach feidhmeanna gach Roinne nó Oifige. Soláthraíonn an chéad chuid den mheastachán do gach Vóta (ar a dtugtar an raon) imlíne ar na seirbhísí atá le maoiniú. Ionchorpraítear an raon san Acht Leithreasa agus léiríonn sé sin na cúiseanna ar cheadaigh Dáil Éireann cistí.

Ag deireadh gach bliana airgeadais, ceanglaítear ar gach Roinn nó Oifig cuntas ar a dtugtar anCuntas Leithreasa a ullmhú do gach seirbhís vótáilte a riarann sí. Is é an ceanglas reachtúil atá ann ná go soláthróidh an Cuntas Leithreasa sonraí ar aschur na bliana i gcoinne an mhéid a sholáthraíonn Dáil Éireann, bunaithe ar mhéideanna airgid thirim íocaíochtaí agus admhálacha. Ag tosú le Cuntais 2009, taispeántar toradh na bliana roimhe sin chun críche comparáide.

I dteannta eolas airgeadais reachtúil a sholáthar ar bhonn cuntasaíochta airgid, leagann gach Cuntas Leithreasa amach roinnt eolais fabhrú-bhunaithe, sna nótaí leis an gCuntas.

- Taispeánann Nóta 1 ráiteas costais oibriúcháin a thugann eolas ar chostas na seirbhíse don bhliain agus
- Taispeánann Nóta 2 ráiteas sócmhainní agus dliteanais, le nótaí míniúcháin ghaolmhara, a thugann eolas ar staid airgeadais na seirbhíse ag deireadh na bliana. Áirítear ann eolas ar ghealltanais caiteachais agus ar staid iarbhír na seirbhíse vótáilte *vis-à-vis* an Státchiste ag deireadh na bliana i.e. an glandliteanas chuig an Státchiste.

Soláthraíonn nótaí eile leis an gCuntas eolas ar éagsúlachtaí sa chaiteachas (Nóta 3), fáltais (Nóta 4), líon foirne agus pá (Nóta 5). Taispeánann Nóta 6 eolas ar ábhair ilghnéitheacha.

Cuntasacht agus Socruithe Iniúchta

Tá freagrachtaí faoi seach na nOifigeach Cuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste leagtha amach thíos

Dualgais na nOifigeach Cuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta mar cheannaire ar Roinn nó Oifig Rialtais agus sannann an tAire Airgeadais dualgas air/uirthi an Cuntas Leithreasa bliantúil do gach Vóta faoina c(h)úram a ullmhú de réir Alt 22 den Acht 'Exchequer and Audit Departments Act', 1866. De réir dlí, caithfear na Cuntais a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste faoi 31 Márta i ndiaidh dheireadh na bliana cuntais. Caithfidh na Cuntais Leithreasa cloí le riachtanais *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* de chuid na Roinne Airgeadais agus treoracha eile an Aire Airgeadais.

Tá Oifigigh Chuntasaíochta freagrach freisin as acmhainní agus maoin atá faoina rialú a chosaint, as éifeacht agus eacnamaíocht riaracháin ina Ranna/Oifigí agus as rialtacht agusoiriúnacht gach idirbhirt sna Cuntais Leithreasa.

Dualgais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i leith na gCuntas Leithreasa

Forálann Airteagal 33 de Bhunreacht na hÉireann Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a cheapadh chun gach eisíocaíocht a rialú ar son an Stáit agus chun iniúchadh a dhéanamh ar gach cuntas airgid arna riaradh ag nó faoi údarás an Oireachtais. Forálann Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, an bonn reachtúil don iniúchadh seo trí dhualgas a fhorchur ar Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste na Cuntais Leithreasa don bhliain airgeadais roimhe, ullmhaithe ag na Ranna agus ag na hOifigí Stáit, a iniúchadh gach bliain.

Agus é i mbun a chuid dualgas, bíonn ar an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste trialacha amheasann sé a bheith oiriúnach a dhéanamh chun críche an iniúchta.

Ar chríochnú an iniúchta, tá dualgas air teastas a cheangal le gach cuntas, ag cur in iúl, ina thuairim féin, cibé an gcuireann an cuntas na fáltais agus an costas a bhaineann leis an Vóta ábhartha i láthair mar is ceart nó nach gcuireann, agus chun tagairt d'aon chás ábhair:

- inar theip ar Roinn nó Oifig caiteachas atá sa chuntas chun críche na leithreasa a bhí beartaithe ag an Oireachtais a chur i bhfeidhm, nó
- nach gcloíonn idirbhearta taifeadta sa chuntas leis an údarás a bhfuil siad in ainm a bheith ag obair leis.

Tarraingíonn sé aird chomh maith ar aon chás ábhair ina mbíonn an Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh, arna n-ullmhú ag an Oifigeach Cuntasaíochta, míthreorach nó ar neamhréir le faisnéis eile a bhfuil eolas ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste air ó na Cuntais Leithreasa.

Bunús tuairime an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ar na Cuntais Leithreasa

Pleanálann agus déanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste a iniúchadh ar bhealach a chuireann san áireamh na breathnuithe speisialta a cheanglaítear ar chomhlachtaí Stáit maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Áirítear ar iniúchadh scrúdú, ar bhonn trialach, ar fhianaise a bhaineann le méideanna, nochtadh agus rialtacht na n-idirbheart airgeadais sa Chuntas Leithreasa agus measúnú ar cibé ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta Airgeadais Phoiblí* nó nár cloíodh.

Déantar an t-iniúchadh chun dóthain fianaise a sholáthar chun dearbhú réasúnta a thabhairt a léiríonn go bhfuil an Cuntas Leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha cibé ar calaois nó mírialtacht eile nó earráid atá ann agus go bhfuil an caiteachas agus na fáltais i bhfeidhm do chuspóirí beartaithe Dháil Éireann agus chun cloí leis na húdaráis a stiúrann iad. Agus an tuairim sin á déanamh, déantar leorgacht iomlán ar chur i láthair eolais an Chuntais Leithreasa a mheas.

Ag Tuairisciú ar Nithe a eascraíonn ón Iniúchadh

Faoi Alt 3 (10) 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, tá dualgas breisear an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste tuarascáil a ullmhú, gach bliain, ar rudaí a mheasannsé a bheith oiriúnach tuairisc a dhéanamh orthu, a eascraíonn óna iniúchtaí ar na Cuntais Leithreasa.

Tá ábhair a tuairiscíodh a d'eascair as iniúchadh na gCuntas Leithreasa do 2009 curtha i láthair i dtuarascáil ar leithligh dar teideal *Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste - Cuntais na Seirbhísí Poiblí 2009.*

Tagraíonn na tagairtí i ndeimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina Thuarascáil Bhliantúil don tuarascáil roimhe seo, atá curtha i láthair i dhá imleabhar

- Déileálann Imleabhar 1 le Rialtas Láir, le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta agus le hIoncam.

- Déileálann Imleabhar 2 le cúrsaí Bainistíochta Vótaí.

Cuntais Leithreasa 2009

Formáid Athbhreithnithe na gCuntas Leithreasa 2009

Sonraíonn an Roinn Airgeadais an fhormáid maidir le cur i láthair na gcuntas leithreasa. In Eanáir 2010, d'eisigh an Roinn treoracha chuig Oifigigh Chuntasaíochta ag athrú na formáide do chuntais a chur ar fáil do 2009 agus blianta ina dhiaidh sin. Is iad cuspóirí na n-athruithe ná, agus ceanglais reachtúla fós a gcomhlíonadh

- na cuntais a thabhairt níos mó de réir mar a éilítear go ginearálta i sraith nua-aoiseach ráiteas airgeadais
- chun comhleanúnachas níos mó a chinntiú idir cuntais na vótaí éagsúla agus,
- chun roinnt eolais bhreise a sholáthar (go háirithe, comparáidí na bliana roimhe).

Comparáid leis an bhFormáid Roimhe seo

Áirítear ar na Príomhathruithe a rinneadh ar an bhformáid i gcomparáid le blianta roimhe seo

- Tá réamhrá curtha isteach iontu, ag ionchorprú raon an vóta cuí, agus ráiteas foirmeálta ar na beartais agus nósanna imeachta cuntasaíochta (agus aon eisceachtaí mínithe más cuí). Tá an réamhrá sínithe ag an Oifigeach Cuntasaíochta.
- Beidh an teastas iniúchta anois ag tosach an chuntais, díreach tar éis an réamhrá.
- Tá colún a thaispeánann comparáid na bliana roimhe sin san áireamh sa chuntas leithreasa, in áit an cholúin fhabhraithe a bhí ann roimhe seo. Sna nótaí leis an gcuntas, tá roinnt comparáidí don bhliain roimhe sin curtha isteach chomh maith nuair is cuí.

Ábhar na Nótaí

Tá cur i láthair na nótaí déanta chomh caighdeánach agus is féidir. Go ginearálta taispeánann na nótaí an t-eolas thíos. Is féidir le cur i láthair na gcuntas indibhidiúil a bheith éagsúil uaireanta nuair atá nótaí faoi leith iomarcach.

- Taispeánann Nóta 1 ráiteas faoin gcostas oibriúcháin, a thaispeánann caiteachas ar riarachán (suim fhotheidil A) agus caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir. Tá sé leagtha amach chun costas atá bunaithe ar fhabhrú maidir le riaradh na seirbhísí cuí a thabhairt.
- Taispeánann Nóta 2 ráiteas faoi shócmhainní agus dliteanais, le fonótaí a dhéileálann le sócmhainní caipitil, sócmhainní atá á bhforbairt, stoic agus stórais, dliteanas chuig/ón Stát/Státchiste, féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí, creidiúnaithe agus dliteanais agus ceangaltais fhabhraithe.
- Déileálann Nóta 3 le hathruithe maidir le caiteachas, ag míniú na ndifríochtaí ábhartha idir toradh an chaiteachais a tuairiscíodh agus na suimeanna a soláthraíodh.
- Déanann Nóta 4 anailís ar fháltais faoi dhá fhonóta: leithreasaí-i-gcabhair, le mínithe ar éagsúlachtaí suntasacha, agus fáltais bhreise an Státchiste le briseadh síos/míniú san áit go bhfuil na suimeanna a fuarthas suntasach.
- Nochtann Nóta 5 líon agus pá na bhfostaithe – lena n-áirítear líon achtúireach na bhfostaithe ag deireadh na bliana cuntasaíochta agus ag deireadh na bliana roimhe sin, briseadh síos ar an bpá; nóta ar luach saothair bhreise agus nótaí ar thuillteanas/caiteachais eile a bhaineann le pá (a bhíodh tugtha go ginearálta cheana i réimse nótaí 'ilghnéitheacha').

- Déileálann Nóta 6 le haon mhíreanna ilghnéitheacha eile a theastaíonn a nochtadh. Taispeántar nótaí sonraithe Vótaí (más ann), lena n-áirítear nóta faoi chaiteachas ar choimisiúin nuair is cuí, díscríobh, íocaíochtaí cúitimh, etc.

Mionsonraí na nÍocaíochtaí Deontas

San am a caitheadh, tugadh mionsonraí ar íocaíochtaí deontais aonair go rialta i gcuid de na cuntais leithreasa mar liostaí 'meabhráin' e.g. Deontais maoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta de réir ghrúpa agus chontae an fhaighteora. Tá an cineál mionsonra seo neamhghnách i ráitis airgeadais nua-aoiseacha, agus is féidir iad a thaispeáint ar bhealach níos inrochtana, ar nós bunachair sonraí inchuardaithe ar láithreáin ghréasáin na ranna. Dá réir sin, tá an t-eolas sin tógtha amach agus nuair is cuí, tá tagairtí láithreán gréasán san áireamh ag taispeáint cár féidir an t-eolas a fháil.

Athbhreithníodh an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Prionsabail 2009 do na Cuntais Leithreasa, atá leagtha amach sa roinn ina dhiaidh seo, de réir na n-athruithe roimhe seo.

Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta agus Prionsabail 2009

1 Bunús na gCuntas

Ullmhaítear Cuntais Leithreasa a bhfuil idirbhearta airgeadais Ranna an Rialtais[1] léirithe iontu, de réir an Exchequer and Audit Departments Act, 1866 (arna leasú le hAcht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993) agus de réir rialacha agus nósanna imeachta Cuntasaíochta atá leagtha síos ag an Aire Airgeadais.

Is cuntas costasbhunaithe de na fáltais agus na híocaíochtaí iad na cuntais sa bhliain i gcomparáid leis na méideanna a soláthraíodh faoin Acht Leithreasa. Léirítear réamhfhigiúirí bliana sna cuntais chomh maith le go bhféadfaí comparáid a dhéanamh. Tá roinnt eolais a bhfuil nádúr fáis ag baint leis san áireamh i nótaí leis na Cuntais.

Úsáidtear na beartais agus prionsabail chuntasaíochta caighdeánaí atá leagtha amach thíos in ullmhú na gCuntas. Mínítear aon imeacht ó na beartais agus polasaithe caighdeánacha i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta ar an gCuntas Leithreasa.

2 Tréimhse Tuairiscithe

Is í an bhliain dar chríoch 31 mí na Nollag 2009 an tréimhse thuairiscithe.

3 Fáltais

Is fáltais iad na Leithreasa i gCabhair a d'fhéadfaí a úsáid, faoi alt 2 den Public Accounts and Charges Act, 1891, chun freastal ar chaiteachas feadh a údaraíonn an tAcht Leithreasa bliantúil iad. Go ginearálta is fáltais iad sin a thagann chun cinn le linn gnáthghnó Roinne faoin Vóta.

Tá creidiúnaithe fáltas áirithe Roinne díreach chuig an Státchiste mar fháltais 'bhreise' de dhíth ar an Roinn Airgeadais. Go ginearálta, is fáltais iad sin nach mbíonn baint dhíreach acu leis an gcaiteachas Vóta nó atá ina bhfáltais 'torthaí leagtha'. Ní féidir na fáltais bhreise sin a úsáid chun freastal ar chaiteachas ón Vóta. Sa chás go dtagann siad chun cinn, tuairiscítear iad i nóta leis an gCuntas Leithreasa (Nóta 4).

4 Íocaíochtaí

Tá íocaíochtaí comhdhéanta de na suimeanna sin atá tagtha le linn íocaíochta i rith na bliana. Meastar suimeanna a bheith tagtha i gcúrsa íocaíochta nuair atá an dliteanas tabhaithe, an íocaíocht dlite agus an seic nó an t-ordú iníoctha tarraingthe.

Sa chás go bhfuil dliteanas tabhaithe agus íocaíocht dlite (i.e. bíonn an dliteanas aibithe), ba chóir íocaíocht a chomhlánú roimh dheireadh na bliana chun ionracas an Chuntais Leithreasa a chinntiú. I gcásanna ina mbíonn íocaíocht agus dliteanais aibí neamhíoctha ag deireadh na bliana ba chóir méid na ndliteanas sin a thabhairt i nóta leis an gCuntas (Nóta 2).

1 Sa ráiteas sin, áirítear ar an téarma 'Roinn', ranna, oifigí agus gníomhaíochtaí an rialtais láir atá freagrach as cuntasaíocht agus bainistiú Vóta.

5 Fabhruithe

Tá eolas a bhfuil nádúr fáis ag baint leis ar fáil sna nótaí le gach Cuntas Leithreasa, lena n-áirítear

- ráiteas costais oibriúcháin (Nóta 1), a léiríonn méid iomlán na n-acmhainní a chaitheann an Roinn sa bhliain
- ráiteas sócmhainní agus dliteanas na Roinne ag deireadh na bliana (Nóta 2), le nótaí míniúcháin breise lena n-áirítear sonraí maidir le sócmhainní caipitil, sócmhainní caipitil faoi fhorbairt, an glandliteanas chuig an Státchiste agus gealltanais.

Áirítear sa ráiteas sócmhainní agus dliteanas na staide ag deireadh na bliana maidir leis an méid seo a leanas.

- **Costais Fhabhraithe** – léiríonn siad na dliteanais seachas na dliteanais maidir le luach saothair agus pinsin. I gcás earraí agus seirbhísí, aithnítear dliteanas fabhraithe nuair atá freastal déanta ag an íocaí ar an riachtanas conarthach chun na hearraí agus na seirbhísí ordaithe a sholáthar. Déileáiltear le méideanna a bheidh dlite d'earraí seachadta, ach nach bhfuil íoctha, fiú mura bhfuil iniúchadh déanta orthu nó mura bhfuil siad i stoc, mar dhliteanas. I gcás deontas, aithnítear dliteanas nuair atá freastal déanta ag an ndeonaí ar riachtanais na scéime deontais ach nach bhfuil íocaíocht faighte aige go fóill.
- **Réamhíocaíochtaí** — íocaíochtaí arna ndéanamh le linn na bliana cuntais le freastal ar chostaisi a thagann chun cinn go hiomlán nó go páirteach i mbliain airgeadais ina dhiaidh sin.
- **Ioncam Fabhraithe:** ioncam atá dlite don Roinn ag deireadh na bliana cuntais nach bhfuil faighte go fóill.
- **Ioncam Iarchurtha:** Ioncam a fhaigheann an Roinn i rith na bliana cuntas d'earraí/seirbhísí atá fós le soláthar aige.

6 Sócmhainní Caipitil

Léirítear luach tosaigh agus luach deiridh sócmhainní caipitil ar chlár sócmhainní Ranna agus mionsonraí dímheasa trí nóta chuig an ráiteas sócmhainní agus dliteanas.

Ní áirítear an méid seo a leanas sa ráiteas sócmhainní caipitil

- sócmhainní ar fiú níos lú ná €318 iad a fuarthas idir 1 Eanáir 1995 agus 31 Nollaig 2003, nó sócmhainní ar fiú níos lú na €1,000 iad a fuarthas ó 1 Eanáir 2004.
- sócmhainní oidhreachta nach féidir an luach a chur in iúl go leordhóthanach i dtéarmaí airgeadais.

6.1 Luacháil ar Shócmhainní

Talamh agus Foirgnimh

Áirítear tailte agus foirgnimh faoi úinéireacht an Stáit agus faoi rialú/bhainistíocht Roinne sa ráiteas sócmhainní agus dliteanas (agus sa nóta sócmhainní caipitil). Nuair is cuí, mínítear an bonn luachála talún agus foirgneamh i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta chuig an gCuntas Leithreasa.

Nuair atá talamh agus foirgnimh (a) dílsithe d'Oifig na nOibreacha Poiblí nó (b) dílsithe d'Aire ach faoi rialú/bhainistíocht Oifig na nOibreacha Poiblí go hiarbhír, cuirtear iad san áireamh i gcuntas na hOifige sin. Thairis sin, bíonn siad léirithe sa chuntas don Roinn ábhartha.

Nuair a bhíonn tailte nó foirgnimh dílsithe d'Aire ach iad faoi rialú/bhainistíocht ag comhlacht lasmuigh go hiarbhír, ní áirítear mar shócmhainní de chuid na Roinne iad ach nótáiltear úinéireacht na sócmhainne i gcuntas na Roinne.

Ceanglaíonn na Ranna sin nach bhfuil in ann luachálacha a sholáthar do na tailte agus na foirgnimh sin de chuid an Stáit atá á rialú/á mbainistiú acu sceideal sócmhainní leis an gCuntas Leithreasa.

Trealamh, Troscán agus Feistis

Luacháiltear trealamh, troscán agus feistis ag costas, seachas éadálacha áirithe roimh Eanáir 1995 a luacháiltear ag luachálacha rannacha.

Sócmhainní Eile

Tá beartais chuntasaíochta i leith luachála sócmhainní eile (m.sh. feithiclí sainfheidhmeacha) leagtha amach i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta chuig an gCuntas Leithreasa nuair is gá.

6.2 Dímheas

Ní dhímheastar talamh. Nuair is cuí, dímheastar foirgnimh mar a léirítear i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta chuig an gCuntas Leithreasa.

Dímheastar trealamh, troscán agus feistis ar bhonn dronlíneach ag na rátaí bliantúla a leanas thar a saoil úsáideacha measta:

- troscán agus feistis, agus trealamh teileachumarsáid — 10%
- trealamh agus bogearraí IT, trealamh eolaíochta agus saotharlainne agus innealra oifige eile — 20%.

Dímheastar míreanna caipitil eile, nuair is gá, mar a léirítear i réamhrá an Oifigigh Chuntasaíochta chuig an gCuntas Leithreasa.

7 Sócmhainní Caipitil Faoi Fhorbairt

Soláthraítear ráiteas ar shócmhainní caipitil faoi fhorbairt mar nóta chuig an ráiteas sócmhainní agus dliteanas. Taispeántar íocaíochtaí airgid ar shócmhainní arna bhforbairt laistigh den Roinn,

e.g. forbairt bogearra nó tionscadail tógála, nach bhfuil aitheanta go fóill mar shócmhainní sa chuntas ag tús na bliana.

8 Stoic

Luaitear earraí inchaite ag an gcostas nó ag luachálacha na Roinne, cibé acu is lú.

9 Glan-Dliteanas don Státchiste

Soláthraíonn nóta ar ghlandliteanas an Vóta don Státchiste sonraí ar an staid iarbhír *vis-a-vis* an Státchiste ag deireadh na bliana, trí choigeartuithe a dhéanamh leis an bhfigiúir barrachais atá le géilleadh sa Chuntas Leithreasa.

10 Gealltanais

Is éard is gealltanas ann ná oibleagáid chonartha chun íoc as seachadadh earraí nó seirbhísí nach bhfuil ar fáil go fóill ag deireadh na bliana. I gcás scéimeanna deontais, aithnítear gealltanas nuair a cheadaítear an deontas ach go bhfuil riachtanais na scéime fós le comhlíonadh ag an ndeontaí.

Soláthraíonn nóta figiúirí ar ghealltanais is dócha a thiocfaidh chun cinn sna blianta dar gcionn faoi (i) sholáthar agus faoi (ii) fho-mhírchinn deontais, gan gealltanais faoi €1,270 san áireamh.

Soláthraítear nóta ar leithligh a thugann sonraí ar ghealltanais chaipitil ilbhliantúla thar €6,350,000.

11 Aoisliúntas

Baintear amach íocaíochtaí aoisliúntais do státseirbhísigh, Gardaí, múinteoirí, pearsanra ón arm agus pearsanra ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte atá scortha agus iarphearsanra an Bhoird Sláinte ar bhonn reatha ó Vótaí 7, 20, 26, 37 and 40. Ní bhíonn soláthar aoisliúntais léirithe i gCuntais Leathreasaithe de chuid Vótaí eile.

12 Idirbhearta Airgeadra Coigríche

Aistrítear idirbhearta a eascraíonn in airgeadraí coigríche in Euro ag rátaí an mhalartaithe a rialaítear ag dátaí na n-idirbheart. Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadais ainmnithe in airgeadra coigríchego Euro ag rátaí malartaithe dheireadh na bliana.

13 Nótaí Eile leis na Cuntais

Prionsabail Ghinearálta

Go ginearálta, tá sé mar aidhm ag nótaí eile leis na Cuntais Leithreasa aird na Dála agus Choiste na gCuntas Poiblí a tharraingt ar ábhair a bhfuil tionchar acu ar rialú parlaiminte, nó chun níos mó eolais faoi idirbhearta ábhartha cinn de nádúr neamhghnách a thaifeadtar sa chuntas e.g. caillteanais, íocaíochtaí *ex gratia* nó speisialta, agus luach saothair breise. Ach amháin sna

cásanna atá léirithe thíos, soláthraítear nótaí sa chás ina mbaineann €50,000 nó níos mó le hidirbheart aonair nó le catagóir idirbheart a bhíonn tógtha le chéile.

Nuair a bhíonn méideanna níos lú ná na luachanna tairsí i gceist, soláthraítear nótaí chomh maith nuair a eascraíonn saincheist thromchúiseach prionsabail nó nuair a mheasann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste nó an Roinn Airgeadais gur chóir nóta a sholáthar.

Athruithe ó Dheontas

I gcás athruithe ó dheontas (Nóta 3), soláthraítear nóta sa chás

- nuair atá an t-athrú €100,000 nó níos mó agus
- nuair is ionann an t-athrú agus 5% nó níos mó den fhocheannteideal (25% i gcás na bhfocheannteideal riaracháin).

I gcás go mbíonn údar maith leis mar gheall ar chúinsí, féadfar athrú céatadáin níos lú a mhíniú trí nóta.

Tá nótaí maidir le hathruithe sna catagóirí leithreasaí i gcabhair curtha san áireamh ar bhonn comhcosúil.

Luach Saothair Breise

I gcás luach saothair breise, áirítear ar na sonraí a thugtar (Nóta 5), an méid iomlán a íocadh faoi gach catagóir, líon iomlán faighteoirí, líon na ndaoine aonair a fuair €10,000 nó níos mó, agus an íocaíocht aonair uasta, más mó ná €10,000 í.

Íocaíochtaí Malla

I gcás íocaíochtaí úis faoi na Rialacháin maidir le hÍocaíocht Mhall in Idirbhearta Tráchtála, 2002, soláthraítear eolas (Nóta 6) sa chás

- ina raibh iomlán na n-íocaíochtaí dlite €10,000 nó níos mó nó
- ina raibh íocaíocht aonair €10,000 nó níos mó.

Coimisiúin agus Fiosrúcháin

Más cuí, áirítear ar Nótaí Ilghnéitheacha (Nóta 6), ráiteas caiteachais faoi gach Coimisiún nó Fiosrúchán arna maoiniú ón Vóta. Sa chás ina mbíonn Coimisiún nó Fiosrúchán bunaithe ar bhonn sealadach, tugtar an caiteachas iomlán óna bhunú chomh maith.

Ciste Deontas-i-gCabhair agus Cuntais Ilghnéitheacha

Nuair is cuí, léirítear cuntais Cistí Deontas-i-gCabhair a bhíonn maoinithe ón Vóta agus cuntais ilgnéitheacha eile i Nóta 7.

Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh Caighdeánach 2009

De thoradh ar Thuairisc an Ghrúpa Oibre ar Chuntasacht na nArd-Rúnaithe agus na nOifigeach Cuntasaíochta 2002, bíonn ar Oifigigh Chuntasaíochta Ráiteas Caighdeánach ar Rialú Airgeadais Inmheánach a shíniú i leith na gCuntas Leithreasa. Sa réamhrá ar na Cuntais Leithreasa, déanann roinnt Oifigeach Cuntasaíochta cur síos ar na gníomhaíochtaí a tógadh nó a pleanáladh chun gnéithe éagsúla de rialú inmheánach sna Ranna nó sna hOifigí ábhartha a fheabhsú. Tá an Ráiteas san fhormáid seo a leanas.

Ráiteas Caighdeánach Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh

Admhaím, mar Oifigeach Cuntasaíochta, an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcothaíonn an Oifig córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais. Cleachtaim an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige. Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach cinnteacht réasúnta, nach absalóideach í a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí agus go seachnaítear botúin nó neamhrialtachtaí nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

Déantar cur síos thíos ar an timpeallacht um rialú airgeadais, creat um nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchadh inmheánach:

Timpeallacht um Rialú Airgeadais

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- *freagrachtaí airgeadais sannta ag leibhéal bainistíochta agus cuntasacht dá réir i gceist*
- *socruithe tuairiscithe bunaithe ag gach leibhéal ina bhfuil freagracht i gcomhair bainistíocht airgeadais sannta*
- *nósanna imeachta a bhunú chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus a chinntiú go nglacfar gníomh ceartaitheach iomchuí*
- *tá Coiste Iniúchta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.*

Rialúcháin Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta

Dearbhaím go bhfuil creat de nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgais agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- *córas buiséadaithe cuí le buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú*

- *athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearach ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán*
- *córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Oifig*
- *córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú*
- *treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitiúla cuí agus disciplíní bhainistiú tionscadail foirmiúla.*

Iniúchadh Inmheánach

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Oifig le pearsanra le hoiliúint chuí, a fheidhmíonn de réir chairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Cuireann sé anailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige san áireamh agus é ag feidhmiú agus tá a phleananna inmheánacha bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm ag na pleananna seo na príomhrialúcháin a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go gcuirtear tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh i gcrích.

Vóta 1: Teaghlachas an Uachtaráin

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 1, tá sé de dhualgas orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le hiniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 ar thuarastail agus chostais Oifig Rúnaí an Uachtaráin, do chostais faoi leith eile do Theaghlachas an Uachtaráin agus do dheontais faoi leith.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2009, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le na nótaí 1 go 5.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha faoi bhráid agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm i dTeaghlachas an Uachtaráin.

Tá Teaghlachas an Uachtaráin ag braith ar an Roinn Airgeadais chun feidhm íocaíochta agus seirbhís chuntasaíochta a sholáthair.

Kevin Cardiff
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Airgeadais
31 Márta 2010

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Theaghlachas an Uachtaráin le haghaidh 2009 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Airgeadais i ndáil leis an Vóta ar Theaglachas an Uachtaráin. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhlian dar chríoch 31 Nollaig 2009.



SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
31 Lúnasa 2010

Vóta 1 Teaghlachas an Uachtaráin
Cuntas Leithreasa 2009

Seirbhís		2009 Suim soláthraithe sa mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
		€000	€000	€000
Riarachán				
A.1.	Tuarastail, pánna agus liúntais	1,689	1,634	1,607
A.2.	Taisteal agus cothú	132	120	117
A.3.	Costais theagmhasacha	183	148	147
A.4.	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	157	96	97
A.5.	Fearais oifige agus soláthairtí oifige agus seirbhísí gaolmhara eile	228	140	155
Seirbhísí eile				
B.	Fordheontais do dhaoine in aois a gcéid	1,120	758	943
	Ollchaiteachas	**3,509**	**2,896**	**3,066**
	Bain de:			
C.	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**87**	**64**	—
	Glanchaiteachas	**3,422**	**2,832**	**3,066**
	Farasbarr le tabhairt suas		**€590,345**	**€469,011**

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2009

	Nóta	€000	2009 €000	2008 €000
Caiteachas ar riarachán			2,138	2,123
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir			758	943
Ollchaiteachas			2,896	3,066
Bain de				
Leithreasaí i gcabhair			(64)	—
Glanchaiteachas			2,832	3,066
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil				
Airgead tirim na gceannacháin		(23)		
Dímheas		38		
			15	39
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha				
Laghdú ar fhabhruithe deiridh		(36)		
Méadú ar stoc		(27)		
			(63)	(53)
Caiteachas díreach			2,784	3,052
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara	1.1		4,712	5,612
Iomlán an chostais oibriúcháin			7,496	8,664

1.1 Glansheirbhísí gaolmhara

Tá méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 1 a tabhaíodh i áit eile

		2009 €000	2008 €000
Vóta 2	Roinn an Taoisigh	—	42
Vóta 7	Aoisliúntais and Liúntais Scoir	469	515
Vóta 10	Oifig na nOibreacha Poiblí	2,410	2,899
Vóta 20	An Garda Síochána	177	232
Vóta 28	Gnóthaí Eachtracha	199	445
Vóta 36	Cosaint	427	456
An Príomh-Chiste (Luach saothair agus liúntais an Uachtaráin, pinsin Iar-Uachtaráin agus/nó baintreach		1,030	1,023
		4,712	5,612

2 Ráiteas faoi Shócmhainní agus faoi Dhliteanais ag 31 Nollaig 2009

	Nóta	2009 €000	2008 €000
Sócmhainní Caipitil	2.1	56	72
Sócmhainní Reatha			
Banc agus Airgead Tirim	2.2	145	8
Stoic	2.3	121	94
Réamhíocaíochtaí		64	67
Glandliteanas don Státchiste	2.4	—	37
Iomlán na Sócmhainní Reatha		**330**	**206**
Lúide Sócmhainní Reatha			
Costais fhabhraithe		42	81
Glandliteanas don Státchiste	2.4	72	—
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.5	73	45
Iomlán na ndliteanas reatha		**187**	**126**
Glansócmhainní Reatha		**143**	**80**
Glansócmhainní		**199**	**152**

2.1 Sócmhainní Caipitil

	Trealamh TF	Trealamh oifige	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2009	199	88	287
Breiseanna	18	5	23
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2009	217	93	310
Dímheas Carntha			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2009[1]	140	76	216
Dímheas don bhliain	32	6	38
Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2009	172	82	254
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2009	**45**	**11**	**56**
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2008	**65**	**7**	**72**

Déantar talamh agus foirgnimh a thaifeadadh ar an gClár Sócmhainne de chuid Vóta 10, Oifig na nOibreacha Poiblí.

[1]Táthar tar éis na hiarmhéideanna tosaigh maidir le dímheas carntha a leasú chun eolas sócmhainne níos cruinne a léiriú.

2.2 Banc agus Airgead Tirim ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	211	64
Orduithe íocaíochta gan íoc	(66)	(56)
	145	8

2.3 Stoic ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Stáiseanóireacht	69	56
Ábhar inchaite na teicneolaíochta faisnéise	13	3
Ilghnéitheach	39	35
	121	94

2.4 Glandliteanas don Státchiste ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Farasbairr le tabhairt suas	590	469
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(518)	(506)
Glandliteanas don Státchiste	72	(37)
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Suíomh glan an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim	145	8
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(60)	(31)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(13)	(14)
	(73)	(45)
	72	(37)

2.5 Iarmhéideanna creidmheasa eile ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Méideanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	19	22
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	10	7
Ranníocaíochtaí/Tobhach Pinsin	6	2
Forghéilleadh tuarastail deonach	22	—
Tobhach Ioncaim	3	—
	60	31
Asbhaintí párolla coinnithe ar fionraí	13	14
	73	45

3 Éagsúlachtaí sa Chaiteachas

Tugtar míniú anseo thíos maidir le gach fotheideal caitheachais ina raibh éagsúlacht idir an toradh agus an tsuim a soláthraíodh sa bhreis ar €100,000, agus sa bhreis ar 5% (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

Fotheideal	Níos lú/(níos mo) ná a soláthraíodh €000	Míniú
B	362	Tharla na coigiltis toic go raibh an líon daoine in aois a gcéid sa bhliain níos ísle ná mar a ceapadh.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair	2009 Measta €000	2009 Réadaithe €000	2008 Réadaithe €000
Fáltais ó asbhaintí Pinsin-Choibhneasta ar Luach Saothair na Seirbhíse Poiblí.	87	64	—

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2009	2008
Líon foirne ag deireadh na bliana (coibhéis lánaimseartha)	24	27

	2009 €000	2008 €000
Pá	1,503	1,479
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	60	50
Liúntais eile	2	2
Ragobair	12	16
ÁSPC an Fhostóra	57	60
Pá iomlán	**1,634**	**1,607**

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair 2009 €	Uasíocaíocht aonair 2008 €
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	8	3	20,113	20,027
Ragobair	15	—	3,769	2,356

Tabhair faoi deara: Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

5.2 Íocaíochtaí Feidhmíochta agus Fiúntais

Tugadh íocaíochtaí ag iomlánú €1,732 le baill foirne faoin scéim mar aitheantas dá gcuid feidhmíochta eisceachtúil. Íocadh an tsuim seo in Eanáir 2009 maidir leis an mbliain 2008.

Vóta 2: Roinn an Taoisigh

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 2, ceanglaítear orm Cuntas Leithreasa an Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 ar thuarastail agus chostais Roinn an Taoisigh lena n-áirítear seirbhísí faoi leith atá curtha i bhfeidhm ag an Roinn agus d'íocaíochtaí deontas agus deontais-i-gcabhair.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2009, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair de chaiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo iad an Ráiteas ar Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 6.

Ráiteas ar Bheartais agus Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh i bhfeidhm agus an Cuntas seo á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras rialaithe inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm i Roinn an Taoisigh.

DERMOT MCCARTHY
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn an Taoisigh
29 Márta 2010

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Roinn an Taoisigh le haghaidh 2009 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn an Taoisigh. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhlian dar chríoch 31 Nollaig 2009.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
7 Meán Fómhair 2010

Vóta 2 Roinn an Taoisigh
Cuntas Leithreasa 2009

Seirbhís		2009 Suim Soláthraithe sa Mheastúchá	2009 Toradh	2008 Toradh
		€000	€000	€000
Riarachán				
A.1.	Tuarastail, Pá agus Liúntais	13,974	13,501	14,364
A.2.	Taisteal agus Cothabhála	731	479	723
A.3.	Costais Theagmhasacha	1,587	618	1,620
A.4.	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	545	407	619
A.5.	Fearais Oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí gaolmhara	1,961	1,007	1,440
A.6.	Costais Áitreabh Oifige	741	493	513
A.7.	Seirbhísí Comhairleachta	118	3	107
A.8.	Luach ar airgead agus athbhreithniú beartais	1	—	25
A.9.	Clár athbhreithnithe eagraíochtúil	676	497	745
Seirbhísí Eile				
B.	An Oifig Náisiúnta d'Fhorbairt Eacnamaíoch agus Shóisialach (Deontas-i-gcabhair)	5,059	3,401	5,371
C.	An Fóram um Shíocháin agus Athmhuintearas	5	—	—
D.	Tionscnaimh Chomórtha	170	133	121
E.	Binse Fiosrúcháin (íocaíochtaí le Muintir Dunnes)	1	—	—
F.	Binse Fiosrúcháin (íocaíochtaí leis an Uasal C.J. Haughey agus leis an Uasal M. Lowry)	7,500	3,796	4,009
G.	An Fóram Náisiúnta um an Eoraip	360	506	3,058
H.	Comhpháirtíochtaí Gnó i gcomhar le Talamh an Éisc agus Labradar	300	291	334
I.	Coimisiúin Imscrúdúcháin	1	—	—
J.	Oifig um Shaoránacht Ghníomhach	56	17	6
	Sochaí Faisnéise agus ríomh-Chuimsiú	—	—	*66*
	Olliomlán	**33,786**	**25,149**	**33,121**
	Bain de:			
K.	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**1,100**	**914**	**224**
	Glaniomlán	**32,686**	**24,235**	**32,897**
	Farasbarr le tabhairt suas		**€8,450,714**	**€9,308,252**

Nótaí maidir leis an Ráiteas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2009

	Nóta	€000	2009 €000	2008 €000
Caiteachas ar Riarachán			17,005	20,156
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir			8,144	12,965
Olliomlán			25,149	33,121
Bain de				
Leithreasaí-i-gcabhair			914	224
Glaniomlán			24,235	32,897
Athruithe maidir le Sócmhainní Caipitil				
Ceannacháin airgid thirim		(103)		
Dímheas		270		
Cailteanas ar dhiúscairt Socmhainní Seasta		9		
			176	230
Athruithe maidir le Glansócmhainní reatha				
Laghdú ar fhabhruithe deiridh		(151)		
Laghdú ar stoc		29		
			(122)	(407)
Caiteachas Díreach			24,289	32,720
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile				
Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara	1.1	7,554		5,640
Measchíosanna		2,031	9,585	2,085
Costas Oibriúcháin			**33,874**	**40,445**

1.1 Glanseirbhísí Gaolmhara

Vóta		2009 €000	2008 €000
7	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	3,302	2,513
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	2,278	902
19	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí - Ionad na gComhsheirbhísí Airgeadais	265	297
20	Garda Síochána	1,048	1,290
36	Cosaint	88	71
	An Príomh-Chiste - Pinsin na nAirí srl	573	567
		7,554	**5,640**

2 Ráiteas faoi Shócmhainní agus faoi Dhliteanais ag 31 Nollaig 2009

	Nóta	2009 €000	2008 €000
Sócmhainní Caipitil	2.1	534	711
		534	**711**
Sócmhainní Reatha			
Banc agus Airgead Tirim	2.2	1,613	2,421
Stoic	2.3	84	113
Réamhíocaíochtaí		268	337
Iarmhéideanna eile dochair:	2.4	398	285
Iomlán na Sócmhainní reatha		**750**	**3,156**
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais fhabhraithe		197	421
Iarmhéideanna eile creidmheasa:	2.5	514	604
Glandliteanas don Státchiste	2.6	1,497	2,102
Iomlán na nDliteanas reatha		**2,208**	**3,127**
Glansócmhainní reatha		**155**	**29**
Glansócmhainní		**689**	**740**

2.1 Ráiteas Sócmhainní Caipitil

	Trealamh Oifige	Troscán agus Feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luach ag 1 Eanáir 2009	3,101	537	3,638
Breiseanna	90	13	103
Diúscairtí	(33)	(15)	(48)
Costas nó luach ag 31 Nollaig 2009	3,158	535	3,693
Dímheas carntha			
Iarmhéid oscailte ag 1 Eanáir 2009	2,614	313	2,927
Dímheas ar aistrithe			
Dímheas don bhliain	220	50	270
Dímheas ar dhiúscairtí	(28)	(10)	(38)
Dímheas carntha ag 31 Nollaig 2009	2,806	353	3,159
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2009	**352**	**182**	**534**
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2008	**487**	**224**	**711**

2.2 Banc agus Airgead Tirim

ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Iarmhéideanna an Phámháistir Ghinearálta agus airgead tirim	1,941	2,872
Orduithe gan íoc	(328)	(451)
	1,613	2,421

2.3 Stoic

ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Bronntanais	10	16
Stáiseanóireacht	33	45
Foilseacháin	22	37
Ábhar Inchaite srl.	19	15
	84	113

2.4 Other Debit Balances

	2009 €000	2008 €000
Tuarastail In-fhorchúitithe	281	230
Caiteachas na scéime pas taistil inaisíoctha	60	2
Eile	57	53
	398	285

2.5 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Méideanna dlite don Stát		
Cáin ioncaim	204	247
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	102	87
Cáin Bhreisluacha	5	55
Ranníocaíochtaí Pinsin	1	—
Cáin Coinneála	56	80
	368	469
Asbhaintí den Phárolla	145	111
Eile	1	24
	514	604

2.6 Glandliteanas don Státchiste ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Farrasbarr le tabhairt suas	8,451	9,308
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(6,954)	(7,206)
Glandliteanas don Státchiste	1,497	2,102
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Glanstad an Phámháisitir Ginearálta agus airgead tirim	1,613	2,421
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	398	285
	2,011	2,706
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(368)	(469)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(146)	(135)
	(514)	(604)
	1,497	2,102

2.7 Ceangaltais ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Iomlán	147	96

2.8 Dliteanais Aibithe

Ba ionann €30,802.33 agus méid iomlán na ndliteanas aibithe neamhurscaoilte ag 31 Nollaig 2009.

3 Athruithe i gCaiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

Fo-theideal	Níos lú/(níos mó) ná a solathraíodh	Míniú
	€000	
A.2.	252	D'eascair coigiltis mar thoradh ar laghdú i rátaí taistil agus rátaí cothabhála agus mar gheall ar laghdú i gcostais taistil i rith 2009.
A.3	969	D'eascair coigiltis mar thoradh ar chaiteachas laghdaithe ar oiliúint, siamsaíocht, seirbhísí leabharlainne agus fógraíocht.
A.4	138	Baineadh amach coigiltis trí luach ar airgead a fháil níos fearr a fháil mar thoradh ar thairiscintí do sheirbhísí fóin soghluaiste.
A.5.	954	D'eascair coigiltis mar thoradh ar chaiteachas laghdaithe ar earraí inchaite, crua-earraí TF agus priontáil, agus de bharr úsáid acmhainní leictreonacha chun tuarascálacha a dháileadh.
A.6.	248	D'eascair coigiltis mar thoradh ar chaiteachas laghdaithe chun coigilitis agus luach ar airgead níos fearr a bhaint amach.
A.7.	115	Bunaithe ar thaithí roimhe seo, áiríodh méid theagmhasach sa mheastúchán le haghaidh riachtainais chomhairleachta nár tháinig chun cinn i 2009.
A.9	179	D'eascair coigiltis as folúntas an Phríomhoifigigh a fhágáil folamh.
B.	1658	D'eascair coigiltis as mhoratorium earcaíochta agus as caiteachas laghdaithe ar chomhairleacht, priontáil, taisteal agus cothabháil, cothabháil oifige agus oiliúint.
F.	3704	Níor tháinig dámhachtain costas dlí chun cinn mar a bhíothas ag súil leis in 2009.
G.	(146)	Tharla róchaiteachas mar thoradh ar ghannmheastachán i ndáil le costais fhoirceannadh.
J.	39	Cuireadh siar feidhmiú phríomh-mholtaí sainithe an Tascfhórsa.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí i gcabhair	2009 Measta €000	2009 Réadaithe €000	2008 Réadaithe €000
1. Tobhach Pinsin	1,000	810	—
2. Ilghnéitheach	100	104	224
	1,100	914	224

Míniú ar athrúchán

Tháinig athrú chun cinn mar thoradh ar rómheastúchán den mhéid le bheith bailithe faoin asbhaint phinsin i gceist, nár tháinig chun cinn ina iomlán de bharr laghduithe ar líon foirne i 2009.

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2009	**2008**
Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire) **ag deireadh na bliana**	198	212
	€000	**€000**
Pá	12,431	13,912
Ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise	623	400
Ragobair agus tinreamh breise	490	588
ÁSPC an Fhostóra	681	710
Pá iomlán	**14,225**	**15,610**

Nóta: Sáraíonn na figiúirí thuas an toradh d'Fhotheideal A mar go bhfuil eilimintí pá fhotheidil H agus I san áireamh.

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	**Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó**	**Uasíocaíocht Aonair**	**Uasíocaíocht Aonair**
			2009	**2008**
			€	**€**
Ard-dualgais, dualgais speisialta agus dualgais bhreise	52	17	164,566	20,186
Ragobair agus tinreamh breise	112	15	25,620	23,276
Scéim Aitheantais i leith fostaí	—	—	—	1,169

Nóta: (1) Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

(2) Tá an uasíocaíocht aonair liostaithe de bharr riaraistí ó Bhealtaine 2008 a íocadh i 2009.

5.2 Íocaíochtaí Feidhmíochta agus Fiúntais

Ní dhearnadh aon íocaíochtaí feidhmíochta agus fiúntais i 2009.

5.3 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia den mheid €31,040 (2008 - €92,718) agus €10,267 (2008 - €23,560) i ndáil le sochair scoir do bheirt iarfhostaithe.

6 Míreanna Ilghnéitheacha

6.1 Coimisiúin agus Fiosrúcháin

Coimisiún, Coiste nó Fiosrúchán Speisialta	Bliain Ceaptha	Iomlán go 31 Nollaig 2009 €000	Caiteachas í 2009 €000	Caiteachas í 2008 €000
Binse Fiosrúcháin II (Íocaíochtaí leis an Uasal Haughey agus leis an Uasal Lowry)	1997	38,271	3,796	4,009

Bainfidh íocaíocaíochtaí breise leis an mBinse Fiosrúcháin (íocaíochtaí leis an Uasal C.J. Haughey agus leis an Uasal M. Lowry). Ní féidir na costais a chinneadh ag an bpointe seo mar go bhfuil obair an Bhinse ar siúl go leanúnach.

6.2 Bronntanais Oifigiúla

Tá suim de €3,145 san áireamh sa chuntas a úsáideadh chun bronntanais a cheannach le tíolacadh ag nó thar ceann an Taoisigh agus Airí Stáit in 2009. Ba é €19,746 an figiúr inchomparáide do 2008.

6.3 Eile

Sa bhreis ar an gcaiteachas sa Bhuiséad Riaracháin fuarthas na suimeanna seo a leanas in 2009:

Fuarthas €352,961 (2008 - €900,000) ón gCiste um Bainistiú Athruithe (Nuachóiriú na Seirbhíse Poiblí & Creatoibre Faisnéise Bainistíochta). Fotheideal M. de Vóta 6, Oifig an Aire Airgeadais.

Fuarthas €9,822 (2008 - €9,266) ó Vóta 6, Oifig an Aire Airgeadais maidir le Tionscadal Leabharlainne Il-Láithreáin.

Vóta 3: Oifig an Ard-Aighne

Réamhrá

Mar an Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 3, is gá dom an Cuntas Leithreasaithe a ullmhú gach bliain don Vóta, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena inniúchadh.

I dtaca leis an riachtanas seo, tá cuntas ceangailte leis seo ar an méid a caitheadh sa bhliain dár chríoch 31 Nollaig 2009 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Ard-Aighne, lena n-áirítear deontas-i-gcabhair, ullmhaithe agam.

Cuirtear toradh an chaiteachais i gcomparáid leis na suimeanna a dheonaigh Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2009, lena n-áirítear an méid caiteachais don bhliain a bheadh inúsáidte mar leithreasaí-i-gcabhair.

Tá an Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus na nótaí 1 go 5 mar chuid den Chuntas.

Ráiteas faoi Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Feidhmíodh na beartais agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha maidir le táirgeadh Cuntas Leithreasaithe nuair a bhí an Cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, sholáthraigh mé ráiteas san fhormáid chaighdeánach faoin gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais a fheidhmíonn in Oifig an Ard-Aighne. Glacadh na céimeanna seo a leanas, nó tá siad á mbeartú, chun rialuithe inmheánacha a fheabhsú maidir le hoiliúint foirne, bainistiú rioscaí, slándáil theicneolaíocht na faisnéise agus cumarsáide agus athbhreithniú leanúnach ar éifeacht na rialuithe riaracháin agus airgeadais.

Oiliúint Foirne

Dlite don Stát	63	(222)
Iamhéideanna creidmheassa: ar fionraí	(6)	(52)
	57	(274)
	1,365	1,144

2.8 Ceangaltais Ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Suim Ceangaltais	7	198

3 Difríochtaí i gCaiteachas

Tugtar miniú thíos maidir le gach fotheideal caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis €100,000 níos mó nó níos lú an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraoidh (25% I gcás na bhfotheideal riaracháin).

Fotheideal	Níos lú (níos mo) ná a soláthraíodh €000	Miniú
A.2.	436	Cuireadh clár athluachála i bhfeidhm, chun athluacháil a dhéanamh ar gach áitreamh tráchtála laistigh den Stát. Thosaigh sé le maoin a bhí gar den Cheanncheathrú agus bhí laghdú suntasach dá bharr ar chostais taistil agus cothabhála.
A.3.	242	Eagraíodh níos lú imeachtaí oiliúna agus tharla coigilt dá bharr agus bhí laghdú ar an líon foirne ar theastaigh aisíoc uathu ar tháillí oideachais.
A.7.	(121)	Bhí seirbhísí comhairliúcháin breise mar thoradh ar fhorbairt leanúnach ar chórais athluachála na hOifige.
C.	(127)	Tá sé deacair a thuar cén uair a réiteofar cásanna agus cá mhéid acu a réiteofar. In 2009 réitíodh cás amháin ar €800,000.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí I gcabhair	2009 Measta €000	2009 Réadaithe €000	2008 Réadaithe €000
1. Táillí Achomhairc an Bhinse Luachála	40	38	84
2. Deimhnithe Luachála	145	161	186
3. Táillí athbhreithnithe Luachála	1,233	1,956	2,008
4. Táillí ó Achomhairc chuig an gCoimisinéir	125	98	94
5. Fáltais Ilgnéitheacha	95	84	200
6. Asbhaint a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí.	600	451	—
Iomlán	2,238	2,788	2,572

Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis as 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

Teideal	Níos lú (níos mó) ná an tsuim mheasta €000	Míniú
3.	(723)	Mar thoradh ar na cigireachtaí theastaigh líon níos airde luachálacha agus dá bharr sin táillí infhaighte. Chomh maith leis sin rinneadh iarracht mhór táillí a bhí ag seasamh amach d'Údaráis Áitiúla a fháil.
6.	149	Tháinig laghdú ar an leibhéal fostaíochta le linn na bliana mar gheall i bpáirt ar luathscor. Chiallaigh sé sin go raibh suim níos ísle ná mar a bhí meata ar shuim na n-asbhaintí ar an tobhach pinsin.

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2009	2008
Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire)	152	163

	2009 €000	2008 €000
Pá	8,330	8,414
Liúntais le haghaidh ard-dualgas dualgas speisialta nó dualgas breis	275	292
Liúntais eile	—	—
Ragobair	36	40
ÁSPC an Fhostóra	440	432
Pá iomlán	9,081	9,178

5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragobair

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair €10,000 nó níos mó 2009 €	Uasíocaíocht aonair €10,000 nó níos mó 2008 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas dualgas speisialta nó dualgas breis	47	12	17,922	15,772
Liúntais le haghaidh ragobair agus tinrimh bhreise	6	1	10,976	11,251

Nóta: Fuair daoine áirithe luach saothair bhreise I níos mó ná earnáil amháin

5.2 Other Remuneration Arrangements

Íocadh iomlán de €6,709 le 3 státseirbhíseach ar scor a fostaíodh a gcuid seirbhísí ar thascanna speisialta.

Íocadh bronntanais scoir ar fiú €6,000 iad le 12 ball foirne.

Vóta 16: An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 16 ní mór dom an Cuntas Leithghabhála don Vóta a ullmhú gach bliain agus an Cuntas a chur os comhair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le haghaidh iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 ar thuarastail agus ar mhuirir na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Déantar comparáid idir an caiteachas agus an tsuim a thug Dáil Eireann faoin Acht Leithreasaí 2009, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair de chaiteachas don bhliain.

Tá an Ráiteas faoi Bheartas agus Prionsabail Cuntasaíochta agus nótaí 1 go 5 ina gcuid den Chuntas.

Ráiteas faoi Bheartas agus Prionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha cuntasaíochta do Chuntais Leithghabhála i bhfeidhm agus an Cuntas á ullmhú.

Ráiteas ar Rialáil Inmheánach Airgeadais

Cuireadh Ráiteas ar Rialáil Inmheánach Airgeadais sa ghnáth-fhormáid don bhliain dar chríoch 31 Eanáir 2009 ar aghaidh leis na cuntais seo chuig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Rinneadh na gníomhaíochtaí seo chun an córas inmheánach rialála a leasú.

I rith 2009 eisíodh nuashonrú airgeadais do Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (PAS) roimh gach cruinniú den Bhord. Scrúdaíodh na tuarascálacha seo agus pléadh iad le linn gach cruinniú. Bhí MAC iomlán gníomhach le cúrsaí airgeadais i rith na bliana agus rinne siad moltaí cuí nuair a bhí gá leis.

Chuir PAS Córas Ordú Ceannaigh úr i bhfeidhm in 2009. Tá an córas seo ag obair go sásúil agus is féidir le bainisteoirí ag gach leibhéal teacht ar eolas airgeadais. Cuireann an córas go mór le cumas na hOifige súil a choinneáil ar chaiteachas. Le linn 2009 d'uasghrádaigh PAS an córas bainistíochta airgeadais (Agresso) leis an leagan is déanaí den earra.

Feidhmíonn ball den Bhord mar bhall de Choiste Iniúchóireachta na hOifige fosta le nasc dlúth a chinntiú idir an Bord agus feidhm na hiniúchóireachta. Tuairiscíonn an ball seo ar ghníomhaíocht an Choiste Iniúchóireachta ag gach cruinniú den Bhord. Cuireann Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta a thuarascáil bhliantúil os comhair cruinniú den Bhord é féin.

In 2009 chomhlíon an Coiste Iniúchóireachta agus le cuidiú ó iniúchóir seachtrach agus ón aonad inmheánach iniúchóireachta, 6 iniúchóireacht ar ghnéithe éagsúla de ghnó PAS. Lorg an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar stádas na moltaí sa dá thuarascáil iniúchóireachta déag deiridh. Tá an Coiste sásta gur cuireadh na moltaí sna tuarascálacha roimhe seo i bhfeidhm nó go bhfuiltear á gcur i bhfeidhm. Ghlac an Coiste chomh maith leis an Phlean Straitéiseach Iniúchóireachta 2010-2012.

I rith na bliana tugadh cur i láthair agus oiliúint do na baill foirne cuí ar cheisteanna éagsúla a bhaineann le bainistíocht airgeadais, soláthar agus ceisteanna gaolta eile.

BRYAN ANDREWS
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
24 Lúnasa 2010

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig Seirbhis um Cheapachain Phoibli le haghaidh 2009 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag Oifig Seirbhis um Cheapachain Phoibli. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009.

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
31 Lúnasa 2010

Vóta 16 An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Cuntas Leithghabhála 2009

Seirbhís		2009 Soláthar don Mheastachán	2009 Caiteachas	2008 Caiteachas
		€000	€000	€000
Riarachán				
A.1.	Tuarastail, Pá agus Liúntais	7,152	6,611	6,958
A.2.	Taisteal agus Cothú	469	152	524
A.3.	Costais theagmhasacha	522	249	584
A.4.	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	291	182	219
A.5.	Fearas oifige agus soláthairtí oifige agus seirbhísí gaolmhara	1,882	2,176	2,101
A.6.	Costais áitreabh oifige	405	292	307
A.7.	Seirbhísí comhairleoireachta	338	119	574
A.8.	Cóiríocht, fógraíocht, agus ceannach agus clódóireacht páipéar trialach	1,127	221	1,520
A.9	Costais agallamh agus comórtas ilchineálacha	922	361	1,400
	Ollchaiteachas	**13,108**	**10,363**	**14,187**
	Bain de:			
A.10.	**Leithghabhálacha i gcabhair**	**453**	**563**	**241**
	Glanchaiteachas	**12,655**	**9,800**	**13,946**
	Farasbarr le tabhairt suas		**€ 2,854,728**	**€ 1,216,400**

Nótaí don Chuntas Leithghabhála

1 Ráiteas Chostas Oibriúcháin 2009

	Nóta	2009 €000	2008 €000
Caiteachas ar riarachán		10,363	14,187
Caiteachas ar sheirbhísí agus cláir		—	—
Ollchaiteachas		10,363	14,187
Bain de			
Leithghabhálacha i gcabhair		563	241
Caiteachas glan		9,800	13,946
Athruithe i sóchmhainní caipitil			
Ceannacháin -airgead tirim		(51)	(209)
Dímheas		1,214	787
Diúscairt -airgead tirim		—	—
Cailliúint ar dhiúscairt		—	—
		1,163	578
Athruithe i sochmhainní atá á bhforbairt			
Íocaíochtaí in airgead tirim		(886)	(742)
Athruithe i sóchmhainní reatha glan			
Laghdú i bhfabhruithe deiridh		(350)	(330)
Méadú i stoc		(59)	(314)
Caiteachas díreach		9,668	13,138
Glanchostas do sheirbhísí gaolta	1.1	1,122	1,052
Cíos barúlach		3,558	2,158
Costas iomlán oibríochtaí		**14,348**	**16,348**

1.1 Seirbhísí Gaolta Glan

Tá an t-iomlán measta seo a leanas maidir le Vóta 16 a tharla in áit eile san áireamh sa chaiteachas do sheirbhísí gaolta glan.

Vóta		2009 €000	2008 €000
7	Aoisliúntas agus Liúntas Scoir	1,122	1,052

2 Ráiteas faoi Shóchmhainní agus Dhliteanais ag 31 Nollaig 2009

	Nóta	2009 €000	2008 €000
Sóchmhainní Caipitil	2.1	3,817	1,759
Sóchmhainní Caipitil á bhForbairt	2.2	—	2,612
		3,817	4,371
Sóchmhainní Reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	325	281
Stoic	2.4	872	813
Réamhíocaíochtaí		320	97
Ioncam Fabhraithe		49	155
Fuílleach eile sochair: fionraí		46	40
Sóchmhainní Reatha Iomlán		1,612	1,386
Lúide Dliteanas Reatha			
Dliteanas Glan don Státchiste	2.5	156	(36)
Costais fhabhraithe		102	335
Iarméid sochair eile	2.6	215	357
Iarmhéid na nDliteanas Reatha		473	656
Glanshóchmhainní Reatha		1,139	730
Glanshóchmhainní		4,956	5,101

2.1 Ráiteas faoi Shóchmhainní Caipitil

	Trealamh Oifige	Troscán agus Feistis	Feabhsúcháin don Fhoirgneamh	Iomlán
	€000	€000	€000	€000
Sóchmhainní glan				
Costas nó luacháil ar an 1 Éanáir 2009	5,574	588	692	6,854
Coigeartú na bliana roimhe sin [1]	72	—	—	72
Breiseanna	3,214	1	—	3,215
Diúscairt	—	—	—	—
Costas nó luacháil ar an 31 Nollaig 2009	8,860	589	692	10,141
Dímheas Carntha				
Iarmhéid tosaigh ar an 1 Eanáir 2009	4,243	369	483	5,095
Coigeartú na bliana roimhe sin [1]	15	—	—	15
Dímheas don bhliain	1,086	59	69	1,214
Dímheas ar Dhiúscairtí	—	—	—	—
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2009	5,344	428	552	6,324
Glanshóchmhainní ag 31 Nollaig 2009	3,516	161	140	3,817
Glanshóchmhainní ag 31 Nollaig 2008	1,331	219	209	1,759

1: Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár sócmhainní le linn 2009, tháinig coigeartuithe na bliana roimhe sin chun cinn maidir le luachanna sócmhainní faoi leith agus dímheas gaolmhar.

2.2 Ráiteas ar Shóchmhainní Caipitil á bhForbairt

	Feidhmchlár Inmheánach Ríomhairí
	€000
Suim tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2009	2,612
Coigeartú na bliana roimhe sin [1]	(334)
Íocaíocht Airgead Tirim don bhliain	886
Aistrithe go dtí Clár na Sóchmhainní	(3,164)
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2009	—

1: Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár sócmhainní le linn 2009, tháinig coigeartuithe na bliana roimhe sin chun cinn maidir le luachanna sócmhainní faoi leith agus dímheas gaolmhar.

2.3 Banc agus Airgead Tirim

ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Iarmhéid agus airgead tirim PMG	325	435
Orduithe gan íoc	—	(154)
	325	281

2.4 Stoic ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Soláthairtí cláraithe	845	789
Earraí/stáiseanóireacht TF	27	24
	872	813

2.5 Glandliteanas don Státchiste ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Farrasbar le tabhairt suas	2,855	1,216
Deontas an Státshciste nár Tarraingíodh	(2,699)	(1,252)
Glandliteanas don Státchiste	156	(36)

Léirithe ag:

Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	325	281
Iarmhéideanna dochair: fionraí	46	40
	371	321
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(163)	(315)
Iarmhéideanna Creidmheasa: Fionraí	(52)	(42)
	(215)	(357)
	156	(36)

2.6 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	70	109
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	65	55
Cáin Shiarchoinneálach um Sheirbhísí Gairmiúla	1	96
Cáin Bhreisluacha	13	42
Pinsin	14	13
	163	315
Earraí creidmheasa eile (ag feitheamh)	52	42
	215	357

2.7 Ceangaltais ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Líon iomlán na gceangaltas comhaontaithe	1	545

2.8 Dliteanais Aibithe

Méid iomlán na ndliteanas aibí neamhurscaoilte ag 31 Nollaig 2009 ná €8,023

3 Difríochtaí i gCaiteachas

Mínítear thíos i gcás gach fo-theideal caiteachais nuair a bhí difríocht de €100,00 agus 25% idir an toradh agus an méid a soláthraíodh.

Fo-theideal	Níos lú/níos mó ná mar a soláthraíodh €000	Míniú
A.2	317	Leibhéal earcaíochta laghdaithe i gcomhar le húsáid níos éifeachtaí na n-acmhainní
A.3	273	Leibhéal earcaíochta laghdaithe I gcomhar le húsáid níos éifeachtaí na n-acmhainní.
A.4	109	An úsáid is costéifeachtaí d'áiseanna (teileafón agus postas)
A.5	(294)	Tagrann róchaiteachas d'uasghrádú agus d'athruithe riachtanacha in infreastruchtúr r-sheirbhísí an Rialtais (comhlíonta anois).
A.6	113	Úsáid níos éifeachtaí na n-áiseanna (cumhacht, ola & gás).
A.7	219	Críochnaíodh tionscadail áirithe in 2008 agus laghdaíodh caiteachas go mór dá bharr in 2009.
A.8	906	Leibhéal íslithe earcaíochta i gcomhar le cainéil fhógraíochta chomhroghnaíochta fheabhsaithe.
A.9	561	Laghdú i leibhéal na hearcaíochta i gcomhar le húsáid níos éifeachtaí na n-acmhainní.

4 Admhálacha

4.1 Leithghabhálacha i gcabhair	2009 Meastachán €000	2009 Réadaithe €000	2008 Réadaithe €000
1. Ilchineálach	150	298	241
2. Pinsin - asbhaintí gaolmhara ar luach saothair na seirbhíse poiblí	303	265	—
Iomlán	453	563	241

Míniú ar dhifríochtaí suntasacha

Mínítear thíos i gcás gach fo-theideal caiteachais nuair a bhí difríocht de €100,00 agus 25% idir an toradh agus an méid a soláthraíodh.

Teideal	Níos lú/ (níos €000	Míniú
1.	(110)	Fuarthas roinnt táillí a bhain le 2008 ar ais in 2009 agus tógadh faoi roinnt tionscadal sa bhreis ar, ar son cliant.

5 Líon na bhFostaithe agus Pá

	2009	2008
Líon na mBall foirne ag deireadh na bliana (coibhéis lánaimseartha)	109	143

	2009 €000	2008 €000
Pá	6,112	6,243
Liúntais níos airde, speisialta nó do dhualgais breise	41	33
Liúntais eile	1	1
Ragobair	67	253
ÁSPC an Fhostóra	390	428
Pá iomlán	**6,611**	**6,958**

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon a fuair	Líon a fuair €10,000 nó níos mó	Íocaíocht is mó do dhuine amháin 2009 €	Íocaíocht is mó do dhuine amháin 2008 €
Freagrachtaí níos airde, speisialta nó breise	11	—	8,894	9,427
Ragobair agus freastal breise	62	—	9,137	9,734

Nóta: Fuair daoine áirithe íocaíocht sa bhreis i níos mó na catagóir amháin.

5.2 Íocaíochtaí Feidhmíochta agus Fiúntais

Íocadh €7,293 san iomlán faoin scéim fiúntais um shár-fheidhmíocht.

Vóta 17: Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

Réamhrá

Mar Oifgeach Cuntasaíochta do Vóta 17, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2009, i gcomparáid leis an tsuim a deonaíodh agus le suimeanna comparáideacha na bliana roimhe sin, do thuarastail agus chostais Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2009, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caitheachas don bhliain.

Is cuid iad den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 5.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas seo á ullmhú.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm in Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Déantar na bearta seo a leanas d'fhonn an córas um rialú inmheánach airgeadais a fheabhsú go leanúnach.

Do rinne iniúchóir inmheánach neamhspleách líon áirithe iniúchtaí thar ceann na hOifige le linn 2010 ar na nósanna imeachta agus na rialúcháin chuntasaíochta airgeadais atá i bhfeidhm. Táthar tar éir glacadh le tátail an iniúchóra agus tá struchtúir curtha i bhfeidhm d'fhonn aghaidh a thabhairt ar a chuid fionnachtana agus a chuid moltaí.

Déanann coiste iniúchóireachta na hOifige gach aon iniúchadh inmheánach agus seachtrach a athbhreithniú agus a mheas. Chomh maith leis sin tugann sé comhairle faoi na córais bhainistíochta riosca de chuid na hOifige.

Úsáidtear an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) chun riachtanais oiliúna foirne a shainaithint, lena n-áirítear oiliúint i mbainistíocht airgeadais.

Andrew Patterson
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poibl
31 Márta 2010

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Serbhíse Phoibli le haghaidh 2009 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Serbhíse Phoibli. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
31 Lúnasa 2010

Vóta 17 Oifig an Choimisiúin um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí

Cuntas Leithreasa 2009

Seirbhís		2009 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
		€000	€000	€000
Riarachán				
A.1.	Tuarastail, pá agus liúntais	746	650	591
A.2.	Taisteal agus cothú	8	4	8
A.3.	Costais theagmhasacha	96	68	108
A.4.	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	30	20	28
A.5.	Fearais oifige agus	113	31	121
A.6.	Costais áitreabh oifige	40	13	54
A.7.	Seirbhísí comhairleoireachta	114	88	245
A.8	Táillí dlí	96	109	—
	Ollchaiteachas	**1,243**	**983**	**1,155**
	Asbhain:			
A.9	**Leithreasaí-i-gcabhair**	**39**	**32**	—
	Glanchaiteachas	**1,204**	**951**	**1,155**
	Farasbarr le tabhairt suas		**€252,849**	**€281,739**

Nótaí ag Gabháil leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2009

		2009	2008
	€000	€000	€000
Caiteachas ar riarachán		983	1,155
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir		—	—
Ollchaiteachas		983	1,155
Asbhain:			
Leithreasaí-i-gCabhair		32	—
Glanchaiteachas		951	1,155
Athruithe maidir le sóchmhainní caipitil			
Ceannacháin airgid	(4)		(56)
Dímheas	20		29
Caillteanas ar dhiúscairtí	1	17	—
Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt			
Íocaíochtaí in airgead tirim		—	—
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha			
Laghdú ar fhabhraithe deiridh		(19)	(48)
Laghdú ar stoc		(19)	82
Caiteachas díreach		930	1,162
Caiteachas a tabhaíodh in áit eile		—	—
Iomlán na gCostas Oibriúcháin		**930**	**1,162**

2 Ráiteas faoi shócmhainní agus dhliteanais ag 31 Nollaig 2009

	Nóta	2009 €000	2008 €000
Sócmhainní Caipitil	2.1	56	73
		56	73
Sócmhainní Reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	4	13
Stoic	2.3	29	48
Réamhíocaíochtaí		23	44
Iarmhéideanna eile dochair		2	3
Iomlán na Sócmhainní Reatha		58	108
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais fhabhraithe		—	3
Iarmhéideanna eile sochair	2.4	5	16
Glandliteanas don Státchiste	2.5	1	—
Iomlán na nDliteanas Reatha		6	19
Glansócmhainní Reatha		52	89
Glansócmhainní		108	162

2.1 Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil

	Trealamh Oifige €000	Troscán agus Feistis €000	An tIomlán €000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil an 1 Eanáir 2009	123	50	173
Breiseanna	4	—	4
Diúscairtí	(13)	—	(13)
Costas nó luacháil an 31 Nollaig 2009	114	50	164
Dímheas Carntha			
Iarmhéid tosaigh an 1 Eanáir 2009	83	17	100
Dímheas don bhliain	15	5	20
Dímheas ar dhiúscairtí	(12)	—	(12)
Dímheas carnach an 31 Nollaig 2009	86	22	108
Glansócmhainní an 31 Nollaig 2009	28	28	56
Glansócmhainní an 31 Nollaig 2008	40	33	73

2.2 Banc and Airgead Tirim

an 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Iarmhéideanna leis an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	4	23
Orduithe íocaíochta gan íoc	—	(10)
	4	13

2.3 Stoic

an 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Clódóireacht agus Stáiseanóireacht	24	42
Ábhair inchaite Theicneolaíochta Faisnéise	5	6
	29	48

2.4 Iarmhéideanna Sochair Eile

an 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Suimeanna atá dlite don Stát		
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	2	14
	2	14
Míreanna eile sochair atá ar fionraí	3	2
	5	16

2.5 Glandliteanas don Státchiste

an 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Farrasbar le tabhairt suas	253	282
Deontas ón Státchiste nar tarraingíodh	(252)	(282)
Glandliteanas don Státchiste	1	—
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	4	13
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	2	3
	6	16
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(2)	(14)
Iarmhéideanna Sochair: ar fionraí	(3)	(2)
	(5)	(16)
	1	—

3 Athruithe maidir le Caiteachas

Ní raibh aon fhotheideal caiteachais ann a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 25% amach ón tsuim a soláthraíodh.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair	2009 Measta €000	2009 Réadaithe €000	2008 Réadaithe €000
1.Fáltais ón Tobhach Pinsin a Asbhaint	39	32	—

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2009	2008
An líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire) ag deireadh na bliana	9	12
	€000	**€000**
Pá	627	565
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	-	-
Liúntais eile	-	1
Ragobair	-	3
ÁSPC an Fhostóra	23	22
Pá iomlán	650	591

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhfaigh-teoirí	Faighteoirí €10,000 nó níos mó	Íocaíocht aonair uasta 2009 €	Íocaíocht aonair uasta 2008 €
Dualgais níos airde, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	—	—	—	—
Ragobair agus tinreamh breise	—	—	—	—

5.2 Íocaíochtaí Feidhmíochta agus Fiúntais

Íocadh dámhachtanaí de €600 san iomlán leis an bhfoireann faoin scéim chun aitheantas a thabhairt d'fheidhmíocht eisceachtúil.

Vóta 18: Oifig an Ombudsman

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 18, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 ar thuarastail agus chostais Oifig an Ombudsman, an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, Oifig an Choimisinéara Faisnéise agus Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2009, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 5.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas seo, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bfeidhm in Oifig an Ombudsman. Tá na nithe seo a leanas i measc na n-oibreacha atá curtha i bhfeidhm, nó atá beartaithe, chun feabhas a chur ar rialú airgeadais inmheánach na h-Oifige seo:

Úsáideann an Oifig an Córas Forbartha Bainistiú Feidhmíochta (CFBF), chun riachtanais traenála na foirne d'aithint, agus áirítear ansin bainistiú airgeadais agus scileanna cuntasóireachta. Déantar an traenáil riachtanach a eagrú nú a fhostú de réir mar is cuí.

Anois, níos mó ná riamh, cuid bhunúsach de phróiseas straitéise agus gnó na h-Oifige is ea riosca a bhainistiú. Cuirtear é seo i bhfeidhm trí chláir riosca, trí phleananna straitéise agus gnó agus trí spriocanna CFBF áirithe.

Tá, suite ar deasca na h-Oifige, agus ar fáil don fhoireann go léir, na crua-earraí agus na bog-earraí ríomhaireachta is nua-aimseartha amuigh. Tá líonraí agus córais, cúltacaí agus ballaí dóiteáin in áit freisin. Tá an bonneagar seo á bhainistiú agus á shlánú de réir an chleachtais chomhaimseartha is fearr atá ar fáil.

Mar fhocal scoir, is é iniúchóir inmheánach na h-Oifige a dhéanann an rialú inmheánach seo a luacháil agus a fheidhmiú. Tá an obair seo á thacú ag Coiste Iniúchóireachta a bhfuil beirt bhall ón dtaobh amuigh páirteach ann. Ag forbairt na pleananna iniúchóireachta dóibh, tógann an Coiste ceann d'aon mholtaí a thiocfadh ón Ard-Reachtaire Cuntais agus Ciste ag éirí as iniúchadh ar an Account Leithghabhála.

PAT WHELAN
Oifigeach Cuntasaíochta
Oifig an Ombudsman
26 Márta 2010

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig an Ombudsman le haghaidh 2009 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag Oifig an Ombudsman. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
7 Meán Fómhair 2010

Vóta 18 Oifig an Ombudsman
Cuntas Leithreasa 2009

Seirbhís		2009 Suim Soláraithe sa Mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
		€000	€000	€000
Riarachán				
A.1.	Tuarastail, pá agus liúntais	4,421	4,197	3,882
A.2.	Taisteal agus cothú	51	39	38
A.3.	Costais theagmhasacha	253	275	306
A.4.	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	69	42	43
A.5.	Fearais oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí gaolmhara	162	76	160
A.6.	Costais áitreabh oifige	138	60	245
A.7.	Seirbhísí comhairleoireachta	27	51	—
A.8.	Táillí dlí	50	56	—
—	*Táillí comhairleoireachta agus dlí**	—	—	*48*
An Coimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí				
B.1.	Tuarastail, pá agus liúntais	786	691	691
B.2.	Taisteal agus cothú	17	3	5
B.3.	Costais theagmhasacha	202	65	132
B.4.	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	17	19	21
B.5.	Fearais oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí gaolmhara	63	39	86
B.6.	Costais áitreabh oifige	37	30	61
B.7.	Seirbhísí comhairleoireachta	12	8	—
B.8.	Táillí dlí	45	6	—
—	*Táillí comhairleoireachta agus dlí**	—	—	*37*

Seirbhís		2009 Suim Soláraithe sa Mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
		€000	€000	€000
Oifig an Choimisinéara Faisnéise/ Oifig an Choimisinéara um Fhaisnéis Comhshaoil				
C.1.	Tuarastail, pá agus liúntais	1,439	1,200	1,194
C.2.	Taisteal agus cothú	20	4	6
C.3.	Costais theagmhasacha	138	82	134
C.4.	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	20	26	26
C.5.	Fearais oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí gaolmhara	81	49	100
C.6.	Costais áitreabh oifige	36	37	62
C.7.	Seirbhísí comhairleoireachta	17	10	—
C.8.	Táillí dlí	202	225	—
—	*Táillí comhairleoireachta agus dlí**	—	—	*539*
	Olliomlán	**8,303**	**7,290**	**7,816**
D.	**Bain de Leithreasaí-i-gcabhair**	**345**	**317**	**7**
	Glaniomlán	**7,958**	**6,973**	**7,809**
	Farasbarr le tabhairt suas		**€985,311**	**€963,806**

*Tugadh isteach forálacha meastacháin leithleacha ar mhaithe le seirbhísí comhairliúcháin agus táillí dlí in 2009.

Nótaí a ghabhann leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2009

	Nóta	€000	2009 €000	2008 €000
Olliomlán			7,290	7,816
Bain de				
Leithreasa-i-gcabhair			317	7
Glaniomlán			6,973	7,809
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil				
Ceannacháin		(15)		
Dímheas		98	83	(152)
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha				
Méadú ar fhabhraithe deiridh		6		
Laghdú ar stoc		4		
			10	(18)
Caiteachas díreach			7,066	7,639
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara	1.1		2,006	1,429
Costas iomlán oibriúcháin			**9,072**	**9,068**

1.1 Seirbhísí gaolmhara

Is ionann an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara agus na méideanna measta seo a leanas I ndáil le Vóta 18 a thabhaítear in áiteann eile.

Vóta		2009 €000	2008 €000
7	Aoisliúntais and Liúntais Scoir	569	273
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,437	1,156
		2,006	**1,429**

2 Ráiteas faoi Shócmhainní agus faoi Dhliteanais ag 31 Nollaig 2009

	Nóta	2009 €000	2008 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	**256**	**339**
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	241	301
Stoic	2.3	24	28
Réamhíocaíochtaí		100	117
Iarmhéideanna eile dochair		14	13
Glandliteanas ón Státchiste		37	(35)
Iomlán na sócmhainní reatha		**416**	**424**
Lúide Dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		19	30
Iarmhéideanna eile creidmheasa	2.4	292	279
Iomlán na ndliteanas reatha		**311**	**309**
Glansócmhainní reatha		**105**	**115**
Glansócmhainní		**361**	**454**

2.1 Sócmhainní caipitil

	Trealamh oifige	Troscán agus feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2009	1,122	479	1,601
Breiseanna	15	—	15
Diúscairtí	(1)	(2)	(3)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2009	1,136	477	1,613
Dímheas carntha			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2009	922	340	1,262
Dímheas don bhliain	76	22	98
Dímheas ar dhiúscairtí	(1)	(2)	(3)
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2009	997	360	1,357
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2009	**139**	**117**	**256**
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2008	**200**	**139**	**339**

2.2 Banc agus Airgead Tirim

ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	241	301

2.3 Stoic

ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Stáiseanóireacht	5	8
Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise	19	20
	24	28

2.4 Iarmhéideanna eile creidmheasa

ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Suim atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	93	91
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	40	31
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	35	45
Ranníocaíochtaí pinsin	13	12
	181	179
Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí	65	47
Míreanna eile creidmheasa atá ar fionraí	46	53
	292	279

2.5 Glandliteanas ón Státchiste ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Barrachas le tabhairt suas	985	964
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(1,022)	(929)
Glandliteanas ón Státchiste	(37)	35
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Banc agus Airgead Tirim	241	301
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	14	13
	255	314
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(181)	(179)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(111)	(100)
	(292)	(279)
	(37)	35

3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 25% amach ón tsuim a soláthraíodh.

Foth-eideal	Níos lú (níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
B.3.	137	Ba thoradh í an tsábháil ar chostais fógraíochta níos lú nár a rabhthas ag súile leo agus ar an teagmhas de luach €85,000 a bhí san fhocheannteideal agus nár caitheadh.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair	2009 Measta €000	2009 Réadaithe €000	2008 Réadaithe €000
1. Ilghnéitheach	5	5	7
2. Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí	340	312	—
Iomlán	**345**	**317**	**7**

4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

Aistríodh fáltais I ndáil le haisíocaiochtaí ÁSPC ón bhfostóir agus arbh ionann a luach agus €3,067 chuig an Stárchiste i rith na bliana.

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2009	2008
Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire) ag deireadh na bliana	88	90

	2009 €000	2008 €000
Pá	5,780	5,454
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	43	50
Ragobair	30	29
ÁSPC an Fhostóra	235	234
Pá iomlán	**6,088**	**5,767**

5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair 2009	Uasíocaíocht aonair 2008
			€	€
Ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	12	2	14,430	17,800
Ragobair agus tinrimh bhreise	22	—	8,823	8,895

Nóta: Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

5.2 Íocaíochtaí Feidhmíochta agus Fiúntais

Caitheadh suim de €13,240 ar ghradaim fhiúntais (lena n-áirítear 19 gradam ar leith ó €300 go €1,000).

Vóta 19: Oifig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 19, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an suim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 ar na tuarastail agus costais de chuid Oifig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, foireann na Seirbhíse Promhaidh agus seirbhísí eile lena n-áirítear íocaíochtaí faoi scéimeanna airgid-teoranata riartha ag an Oifig sin, agus íocaíocht deontais agus deontais-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2009, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid den Chuntas seo é an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú [seachas i gcás an mhéid seo a leanas

Dímheas

Déantar Sócmhainní Caipitiúla a dímheas ar bhonn líne díreach thar a saolré úsáideach measta ag tosú leis an mí a cuireadh i seirbhís iad. Déantar dímheas ar fhoirgneamh ag ráta 2% ar bhonn líne dírí thar an saol úsáideach measta ag tosú an mhí a cuireadh i seirbhís é.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.

S AYLWARD
Oifigeach Cuntasaíochta
An roinn dlí agus cirt, comhionannais agus athchóirithe dlí
26 Márta 2010

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí le haghaidh 2009 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críoch m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Athchóirithe Dlí. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
7 Meán Fómhair 2010

Vóta 19: Oifig an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Cuntas Leithreasa 2009

Seirbhís		2009 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
	€000	€000	€000	€000
Riarachán				
A.1. Tuarastail, pá agus liúntais		23,125	23,792	23,897
A.2. Taisteal agus cothú		1,043	405	603
A.3. Costais theagmhasacha		2,699	3,797	7,961
A.4. Seirbhísí poist agus teileachumarsáide		1,150	1,534	2,334
A.5. Fearais oifige agus soláthairtí eile oifige agus Seirbhísí coibhneasacha				
Bunaidh	6,424			
Forlíontach	2,900	9,324	9,603	12,336
A.6. Costais áitreabh oifige				
Bunaidh	986			
Forlíontach	1,700	2,686	2,586	2,076
A.7. Seirbhísí comhairleoireachta		109	170	222
A.8. Taighde		483	187	551
A.9. Comhsheirbhísí airgid		11,576	10,510	11,800
A.10. Athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe		64	2	78
Coimisiúin				
B.1. Coimisiúin agus fiosrúcháin speisialta				
Bunaidh	17,870			
Forlíontach	(8,300)	9,570	8,531	17,110
B.2. An coimisiún um chearta an duine (deontas-i-gcabhair)		1,596	1,596	2,342
B.3. Coimisiún d'íobartaigh na caismirte i dtuaisceart Éireann		360	203	607
B.4. An coimisiún idirnáisiúnta neamhspleách (deontas-i-gcabhair)		896	623	470
B.5. An coimisiún monatóireachta neamhspleách (deontas-i-gcabhair)		1,018	516	483
Cúnamh dlíthiúil				
C.1. Cúnamh dlíthiúil - coiriúil (uimh. 12 de 1962)				
Bunaidh	41,981			
Forlíontach	18,500	60,481	60,338	55,276

Seirbhís		2009 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
	€000	€000	€000	€000
C.2. An bord um chúnamh dlíthiúil (deontas-i-gcabhair)		26,560	26,311	26,988
C.3. Ionaid saorchomhairle dlí		98	98	103
Tearmann				
D.1. Seirbhís eadoirseachta agus inimirce na héireann				
Bunaidh	49,078			
Forlíontach	15,000	64,078	64,250	65,912
D.2. Tascfhórsa an lucht iarrtha tearmainn - cúnamh dlíthiúil		8,980	8,330	8,897
D.3. An ciste eorpach do dhídeanaithe		2,348	1,338	849
D.4. Aisíoc dídine d'údaráis áitiúla				
Bunaidh	67,392			
Forlíontach	17,600	84,992	86,510	91,472
Comhionannas				
E.1. An túdarás comhionannais (deontas-i-gcabhair)		3,333	3,329	5,455
E.2. An binse comhionannais		2,554	2,717	2,949
E.3. Deontais d'eagraíochtaí náisiúnta ban		558	558	585
E.4. Díonadh chomhionannais		410	260	281
E.5. Cosc - foréigean teaghlaigh, gnéasach & inscne		2,746	2,085	3,162
E.6. Monatóireacht comhionannais/coistí Comhairleacha		981	763	1,310
E.7. Príomhshruthú inscne agus gníomh dearfach ar son ban				
Bunaidh	4,982			
Forlíontach	(3,000)	1,982	1,427	1,319
E.8. Oifig an aire um lánpháirtiú				
Bunaidh	7,665			
Forlíontach	(2,500)	5,165	5,241	6,546
Míchumas				
F.1. Stádas na ndaoine le míchumais				
Bunaidh	3,415			
Forlíontach	(1,415)	2,000	1,556	2,523
F.2. An túdarás náisiúnta míchumais				
Bunaidh	6,242			
Forlíontach	(1,500)	4,742	4,363	4,791
F.3. Tionscadail mhíchumais				
Bunaidh	3,149			
Forlíontach	(1,149)	2,000	1,996	2,662

Seirbhís		2009 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
	€000	€000	€000	€000
Seirbhísí eile				
G.1. An bord um ghearáin i gcoinne an garda síochána		418	664	1,115
G.2. Oifig an choimisinéara cosanta sonraí		1,292	1,741	1,968
G.3. An biúró um shócmhainní coiriúla		8,653	6,877	7,508
G.4. Cigireacht na bpríosún		380	339	387
G.5. Seirbhís chróinéara		373	392	122
G.6. An bord parúil		288	335	382
G.7. An tsaotharlann dlí-eolaíochta				
Bunaidh	8,863			
Forlíontach	(1,300)	7,563	8,062	7,598
G.8. Oifig an phaiteolaí stáit				
Bunaidh	7,610			
Forlíontach	(6,500)	1,110	1,056	2,607
G.9. Cúiteamh ar dhíobhálacha pearsanta déanta go coiriúil (a)		4,449	4,442	4,596
G.10 Maoiniú seirbhísí d'íospartaigh coiriúlachta		1,383	1,289	1,135
G.11 Bearta coiscthe coireanna		517	328	701
G.12 Údaráis lárnacha (fuadach leanaí, cosaint leanaí agus fiachóirí cothabhála)		66	106	209
G.13 Coimisiún ombudsman an gharda síochána				
Bunaidh	11,058			
Forlíontach	(1,500)	9,558	9,422	9,949
G.14 An túdárás um shlándáil phríobháideach		2,323	2,399	2,344
G.15 Oifig chigireachta na ngardaí		1,975	1,152	1,577
G.16 Oifig Aicmithe Scannán na hÉireann		1,286	1,175	1,404
G.17 An túdaras um rialáil seirbhísí maoine náisiúnta		966	657	600
G.18 Oibreacha glanta graifítí (gro)		1,024	33	1,129
G.19 Bearta um míbhuntaíste sóisialta (cistí díomhaoin maoinithe)		500	568	130
G.20 An bord athbhreithnithe meabhair-shláinte (dlí coiriúil)		447	661	701
Seirbhísí promhaidh				
H.1. Seirbhísí promhaidh - tuarastail, pá agus liúntais		25,437	24,723	24,877

Seirbhís			2009 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
		€000	€000	€000	€000
H.2.	Seirbhísí promhaidh - costais oibriúcháin				
	Bunaidh	5,914			
	Forlíontach	(2,200)	3,714	5,302	7,869
H.3.	Seirbhís phromhaidh - seirbhísí do chiontóirí				
	Bunaidh	18,001			
	Forlíontach	(1,200)	16,801	16,471	16,650
H.4.	Scéim orduithe na seirbhíse pobail		2,444	2,590	2,587
Seirbhís na héireann um cheartas i leith an aosa óig					
I.	Seirbhís na héireann um cheartas i leit han aosa óig				
	Bunaidh	57,676			
	Forlíontach	(13,135)			
			44,541	44,524	43,798
	Olliomlán				
	Bunaidh	465,214			
	Forlíontach	12,001			
			477,215	**470,833**	**505,893**
	Bain de:				
J.	**Leithreasaí i gcabhair**				
	Bunaidh	30,327			
	Forlíontach	12,000			
			42,327	**43,653**	**29,174**
	Glaniomlán				
	Bunaidh	434,887			
	Forlíontach	1			
			434,888	**427,180**	**476,719**
	Farasbarr le tabhairt suas			**€7,707,710**	**€3,691,188**

Nótaí don Chuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2009

	Nóta	2009 €000	2008 €000
Caiteachas ar riarachán		52,586	61,858
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir		418,247	444,035
Olliomlán		470,833	505,893
Bain de			
Leithreasaí i gcabhair		43,653	29,174
Glaniomlán		427,180	476,719
Athruithe maidir le Sócmhainní Caipitil			
Ceannacháin		(8,554)	(5,858)
Dímheas		10,631	11,239
Caillteanas i ndiúscairt shócmhainn seasta		47	7
Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt			
íocaíochtaí in airgead tirim		(3,495)	(8,415)
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha			
Méadú ar fhabhraithe deiridh		1,828	(5,158)
Laghdú ar stoc		128	(126)
Caiteachas díreach		427,765	468,408
Caiteachas a iompraíodh ó áit éigin eile			
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara	1.1	40,493	30,643
Measchíosanna		5,476	5,873
Costas Oibriúcháin		**473,734**	**504,924**

1.1 Glanseirbhísí Gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 19 a tháinig ó áit eile

Vóta	2009 €000	2008 €000
7 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	23,306	18,774
9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	2,909	2,968
10 Oifig na nOibreacha Poiblí	22,270	17,841
20 Garda Síochána	183	269
Lárchiste – Pinsin na nAirí (Uimh. 38 de 1938 s.rl.)	365	361
	49,033	40,213
19 Costas na gComhsheirbhísí Airgeadais cionroinnte ar na Seirbhísí Gaolmhara	(8,540)	(9,570)
	40,493	**30,643**

2 Ráiteas faoi Shócmhainní agus faoi Dhliteanais ag 31 Nollaig 2009

	Nóta	2009 €000	2008 €000
Sócmhainní caipitil	2.1	40,503	38,068
Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt	2.2	3,826	5,079
		44,329	**43,147**
Sócmhainní reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	6,295	1,595
Stoic	2.4	521	649
Réamhíocaíochtaí		1,384	2,399
Ioncam fabhraithe		1,057	3,367
Iarmhéideanna eile dochair	2.5	1,015	4,583
Iomlán na sócmhainní reatha		**10,272**	**12,593**
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais fhabhraithe		10,641	12,362
Ioncam iarchurtha		201	196
Iarmhéideanna eile creidmheasa	2.6	5,602	6,085
Glandliteanas don Státchiste	2.7	1,708	93
Iomlán na ndliteanas reatha		**18,152**	**18,736**
Glandliteanais reatha		**(7,880)**	**(6,143)**
Glansócmhainní		**36,449**	**37,004**

2.1 Shócmhainní caipitiúla

	Talamh agus Foirgnimh	Feithiclí agus Trealamh	Trealamh Oifige	Troscán agus Feistis	Iomláin
	€000	€000	€000	€000	€000
Ollsócmhainní					
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2009	6,986	1,224	80,459	6,098	94,767
Breiseanna	7,870	160	4,935	148	13,113
Diúscairtí	—	—	(107)	(57)	(164)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2009	14,856	1,384	85,287	6,189	107,716
Dímheas carntha					
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2009	202	595	51,867	4,035	56,699
Dímheas don bhliain	158	202	9,910	361	10,631
Dímheas ar dhiúscairtí	—	—	(82)	(35)	(117)
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2009	360	797	61,695	4,361	67,213
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2009	**14,496**	**587**	**23,592**	**1,828**	**40,503**
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2008	**6,784**	**629**	**28,592**	**2,063**	**38,068**

2.2 Shócmhainní caipitiúla á bhforbairt

	Feidhmchláir Ríomhaireachta In-tí	Foirgnimh	Iomláin
	€000	€000	€000
Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2009	2,230	2,849	5,079
Íocaíochtaí in Airgead Tirim don Bhliain	1,404	2,091	3,495
Coigeartú[1]	—	(189)	(189)
Aistrithe go dtí Clár na Sócmhainní	—	(4,559)	(4,559)
Méideanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2009	3,634	192	3,826

[1]Baineann coigeartú le staidéar féidearthachta a rinneadh ar Linn Snámha Bhaile an Oibricigh a airíodh san Iarmhéid Dheiridh do 2008. Tá sé ag dul chun cinn anois mar thionscadal caipitlithe.

2.3 Banc agus airgead tirim

ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	9,769	12,364
Orduithe íocaíochta gan íoc	(3,474)	(10,769)
	6,295	1,595

2.4 Stoic

ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Páipéarachas	175	273
Tomhaltais Fóiréinseacha	154	159
Tomhaltais Oifige	2	2
Tomhaltais TF	152	160
Ilghnéitheach	28	39
Trealamh/Éadach	10	16
	521	649

2.5 Iarmhéideanna eile dochair ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Airleacain d'Oifig na nOibreacha Poiblí	55	684
Óinchistí	106	210
Iarmhéideanna Dochair Eile		
Tuarastail aisghabhála	253	104
Aisghabháil na scéime pas taistil	168	10
Glacadóireacht CAB	169	144
Mír fionraí shocair eile	264	3,431
	1,015	4,583

2.6 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile: ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Suim atá dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	1,571	1,652
Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasa	1,043	874
Cáin Bhreisluacha	72	195
Ranníocaíochtaí Pinsean	11	8
Cáin Shiarchoinneálach	1,847	2,202
Fáltais Státchiste Bhreise	-	46
	4,544	4,977
Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí	763	759
Míreanna fionraí creidmheasa eile	295	349
	5,602	6,085

2.7 Glandliteanas don Státchiste ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Farasbarr le tabhairt suas	7,708	3,691
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(6,000)	(3,598)
Glandliteanas don Státchiste	1,708	93
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Banc agus Airgead Tirim	6,295	1,595
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	1,015	4,583
	7,310	6,178
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(4,544)	(4,977)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(1,058)	(1,108)
	(5,602)	(6,085)
	1,708	93

2.8 Ceangaltais

(A) Ceangaltais Domhanda

Is ionann tiomantais fhorfheidhmithe ag an dlí amhail 31 Nollaig 2009 agus €3.3m (2008 - €1.8m)

(B) Ceangaltais Chaipitiúla Ilbhliantúla

Tionscadal	Caiteachas go 1 Ean 2009 €000	Caiteachas i 2009 €000	Blianta Iartheach-tacha €000	Caiteachas i 2008 €000	Costas Measta Iomlán €000
"AISIP" – Clár Comhtháthaithe Straitéiseach Tearmainn/Inimirce	3,529	—	6,043	760	9,572
"AFIS" – Uathchóras Aitheantais Ó Mhéarloirg [1]	8,861	1,785	1,731	4,000	12,377

[1]Tá an tionscadal AFIS cómhaoinithe ó Vótaí Dlí agus Cirt agus na nGardaí mar go bhfuil riachtanais Inimirice agus Tearmainn agus riachtanais oibríochta na nGardaí á bhaint amach ag an tionscadal. Tá leibhéal an mhaoinithe a chuireann an Vóta seo ar fáil cothrom le 55% den chostas iomlán agus déantar an t-iarmhéid a mhaoiniú ó Vóta na nGardaí. Is é costas iomlán fortheilge an tionscadail ná €22m.

2.9 Dliteanais aibithe

Is ionann na dliteanais aibithe ag deireadh na bliana agus €8,096.

3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, [tar éis d'aon athruithe a bheith déanta i meastacháin fhorlíontacha,] agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

Fotheideal	Níos lú (níos mo) ná a soláthraíodh	Míniú
	€000	
A.2.	638	Tá an choigilt ann de bharr roinnt bearta laghdaithe costais a tógadh maidir le taisteal intíre agus eachtrach araon, chomh maith le laghdú san éileamh le haghaidh freastail ag cruinnithe sa bhaile agus thar lear.
A.3.	(1,098)	Tháinig an farasbarr chun cinn go príomha de bharr caiteachas méadaithe ar tháillí, costais agus íocaíochtaí dlí, a chinneann na Cúirteanna go hiondúil.
A.4.	(384)	Cé go raibh laghdú ar chaiteachas i gcomhparáid leis an mbliain roimhe sin, ba iad éilimh oibriúcháin leanúnacha na Roinne agus roinnt dá hoifigí lasmuigh le haghaidh seirbhísí teileachumarsáide is mó ba chúis leis an mbarrachas.
A.8.	296	De bharr na staide geilleagraí, bhí sé riachtanach caiteachas a ghearradh siar chomh mór agus ab fhéidir agus dá réir sin níor coimisiúnaíodh aon tionscadail
B.1.	1,039	Tháinig na coigiltis chun cinn de bharr costais lena n-áirítear costais dlí a bhíothas ag súil le híoc sa bliain 2009, gan a bheith dlite go dtí 2010.
B.3.	157	Tháinig deireadh foirmiúil le téarma ceapacháin an Choimisiúin Chuimhne ar 31 Deireadh Fómhair 2008. Bhí leithdháileadh laghdaithe riachtanach chun costais chlabhsúir agus leagáide a mhaoiniú, arna raibh an leibhéal deacair a thuar roimh
B.4.	273	Cuireann nádúir na hoibre a dhéanann an Coimisiún Idirnáisiúnta Neamhspleách um Dhíchoimisiúnú (IICD), atá neamhspleách ar an Roinn, teorainn leis an méid gur féidir an caiteachas a thuar. Ina theannta sin, tá tionchar ag an deighilt idir Oifig Thuaisceart Éireann agus an Roinn maidir le freagracht as a chuid maoinithe ar na pátrúin chaiteachais.
Fo-mhírcheann	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
B.9.	1,724	D'eascair an coigilteas go príomha ó laghdú i leibhéal an deontais a íocadh sa bhliain 2009 de bharr an fharasbairr oibriúcháin i gcuntais 2008 na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, mar aon le roinnt folúntas a bheith neamhlíonta i rith na bliana 2009.
B.10.	4,406	D'eascair an coigilteas toisc go raibh an tarraingt anuas agus an caiteachas ní ba mhoille ó chistí na gcuntas díomhaoin i rith na bliana 2009.
B.11.	398	D'eascair an coigilteas go príomha ó laghduithe sna costais a socraíodh de thoradh caibidlíochta le soláthraithe seirbhíse agus ón moill a tharla i bhfeidhmiú céimneach na hoiliúna i dtaca le Straitéis na Sláinte Gairme sa bhliain 2009.
B.12.	55,502	D'eascair an coigilteas go príomha ó laghdú i meánmhéid na dámhachtana a íocadh agus ó laghdú sa líon dámhachtainí a bhí á mbreithniú, rud arbh é an fáth a bhí leis ná an titim sa ráta ag a raibh an Bord ag fáil na gcáipéisí go léir ba ghá chun dámhachtain a bhreithniú.
B.15.	227	Tharla an coigilteas mar ba lú ná mar a tuaradh an caiteachas ar roinnt tionscadal toisc gur baineadh éifeachtúlachtaí amach agus toisc go ndearna an Roinn atheagrú ar an gcaoi a n-íocadh deontais le roinnt áirithe tionscadal.
B.16.	214	D'eascair an coigilteas go príomha ón gcinneadh gan dul ar aghaidh le bunú an chomhlachta nua, Oideachas Éireann.
B.17.	2,749	Glanchoigilteas is ea an coigilteas ar an bhfo-mhírcheann ilghnéitheach seo, ina bhfuil ocht bhforannán. D'eascair an coigilteas go príomha toisc gur cuireadh an lánchosc i bhfeidhm maidir le hearcaíocht san earnáil phoiblí, agus mar thoradh air sin tharla laghdú i leibhéal an fhairsingithe a tuaradh i gClár na Luathlitearthachta agus toisc gur cuireadh roinnt áirithe bearta laghdaitheacha i ngníomh ó thaobh an chostais de.
B.18.	(8,852)	D'eascair an róchaiteachas ar Chlár Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide na Scoileanna ó eisíocaíocht €22m sna deontais chaipitil Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide Bunoideachais go déanach sa bhliain 2009, a ndearna coigilteas sa chaiteachas reatha é a fhritháireamh i bpáirt.
B.19.	15,408	D'eascair an coigilteas mar níorbh fhéidir leis an gCoimisiún a oiread de bhillí dlíthiúla tríú páirtí a thabhairt chun críche agus a tuaradh i gcomhair na bliana 2009, rud a tharla go háirithe toisc gur atreoraíodh acmhainní an Choimisiúin chun tuarascáil an Choimisiúin a fhoilsiú i rith na bliana 2009, agus ina dhiaidh sin chun plé le hiarmhairt na tuarascála.
B.22.	3,563	D'eascair an coigilteas go príomha ó thaobh an chaiteachais reatha de, toisc gur thaithigh na gníomhaireachtaí coigilteas i roinnt mhaith réimsí, ina measc soláthar foirne, fógraíocht, sainchomhairleoireacht agus táillí gairmiúla. D'eascair coigilteas caipitil €1m mar tharla moill maidir le feidhmiú céimneach córais Teicneolaíochta Faisnéise i gComhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna.
C.2.	(106)	Eascraíonn an róchaiteachas ó mhéadú ar chostais oibriúcháin na modhscoileanna.

Fo-mhírcheann	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh	Míniú
	€000	
C.5.	19,990	Glanchoigilteas is ea an coigilteas ar an bhfo-mhírcheann seo toisc go bhfuil trí fhorannán déag aige agus toisc gur de chineál ilghnéitheach é. Eascraíonn €10m den choigilteas mar bhí an caiteachas ar chostais chíosa na cóiríochta sealadaí sna scoileanna ní ba lú le linn na bliana 2009 de bharr an bheartais ó thaobh deontas-i-gcabhair a chur ar fáil chun cóiríocht shealadach a cheannach, de rogha ar í a thógáil ar cíos, in imthosca áirithe. Eascraíonn an chuid eile den choigilteas go príomha mar rinneadh athrú i gcóras na n-íocaíochtaí ó Mheán Fómhair 2009 agus aistríodh íocaíocht na múinteoirí a maoiníodh roimhe sin as fo-mhírcheann na ndeontas d'imircigh go fo-mhírcheann párolla na Roinne, in éineacht le caiteachas ar thionscnaimh ilghnéitheacha eile a bheith ní ba mhoille ná mar a tuaradh.
C.6.	(52,171)	D'eascair an róchaiteachas ón líon pinsinéirí sa bhliain 2009 a bheith níb airde ná mar a measadh roimh ré, agus chuaigh 438 ní ba mhó múinteoirí ar pinsean ná mar a réamh-mheasadh. Ina theannta sin, mhéadaigh meánráta an phinsin agus ba é an méadú sin, mar aon leis an líon pinsinéirí ar an bpárolla a bheith de shíor ag méadú, ba chionchúis leis an róchaiteachas.
C.7.	1,161	Ba é an t-ardathrúchán foirne i lárionaid na scéime píolótaí um anailís fheidhmeach ar iompraíocht ba chionchúis le tarraingt anuas an mhaoinithe ón bhfo-mhírcheann sa bhliain 2009 a bheith ní ba lú ná mar a measadh roimh ré. Bunaíodh na meastacháin ar an mbonn go rachadh an fhoireann chun cinn ar an scála tuarastail, ach ba scáil a bhí sa chaiteachas ar an bhfoireann athsholáthair a thosaigh ar an gcéad phointe den scála.
D.4.	(42,113)	D'eascair an róchaiteachas ón líon pinsinéirí sa bhliain 2009 a bheith níb airde ná mar a measadh roimh ré, agus chuaigh 329 ní ba mhó múinteoirí ar pinsean ná mar a réamh-mheasadh. Ina theannta sin, mhéadaigh meánráta an phinsin agus ba é an méadú sin, mar aon leis an líon pinsinéirí ar an bpárolla a bheith de shíor ag méadú, ba chionchúis leis an róchaiteachas.
D.7.	(49,208)	D'eascair an róchaiteachas ó leibhéal méadaithe na ndaoine ar scor in Earnáil an Ghairmoideachais sa bhliain 2009, agus íocadh 551 cheann ní ba mhó ná mar a réamh-mheasadh de chnapshuimeanna i leith iarfhostaithe na gCoistí Gairmoideachais agus na nInstitiúidí Teicneolaíochta. Thairis sin, mhéadaigh an líon daoine ar phárollaí pinsin na gCoistí Gairmoideachais agus na nInstitiúidí Teicneolaíochta de 708, rud ba chionchúis leis an róchaiteachas freisin.
D.8.	2,880	Glanchoigilteas is ea an coigilteas ar an bhfo-mhírcheann seo mar tá trí fhorannán déag laistigh den fho-mhírcheann seo, atá de chineál ilghnéitheach. D'eascair an coigilteas sa bhliain 2009 go háirithe ó rómheastachán ar fho-mhírchinn áirithe ar deacair iad a thuar.
E.3.	383	Lean an coigilteas de thoradh na mbeart a tugadh isteach chun caiteachas na hearnála poiblí a laghdú i rith na bliana 2009, agus an lánchosc a cuireadh i bhfeidhm maidir le hearcaíocht san earnáil phoiblí san áireamh.

Fo-mhírcheann	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
E.5.	1,165	D'eascair an coigilteas ó rátaí méadaithe tháillí clárúcháin na mac léinn chomh maith leis an laghdú dá réir ar ghlanmhéid an deontais chaipitíochta a bhí iníoctha sa bhliain 2009.
E.14.	456	D'eascair an coigilteas toisc go raibh an dul chun cinn ar phlean straitéiseach Ghráinseach Ghormáin sa bhliain 2009 ní ba mhoille ná mar a measadh roimh ré.
F.1.	93,811	Eascraíonn an coigilteas ar an bhfo-mhírcheann caipitil bunoideachais go háirithe ón moill maidir le tionscadail mhórscála a chur ar aghaidh chun an láithreáin agus chun na foirgníochta i rith na bliana 2009. Cé gur cuireadh cuid den choigilteas ar fáil chun tacú le virement sna fo-mhírchinn F.2. agus B.18., tugadh an chuid ba mhó den choigilteas anonn chun go gcaithfí é ar thionscadail mhórscála faoin bhfo-mhírcheann seo sa bhliain 2010.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair	2009 Measta €000	2009 Réadaithe €000	2008 Réadaithe €000
G.1. Fáltais Riaracháin agus Seirbhísí Eile			
1. Fáltais Taistil AE	1	—	—
2. Ranníocaíochtaí ón AE i gcomhair gníomhaíochtaí oideachais	25	—	74
3. Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa	21,840	36,102	29,294
4. Fáltais maidir le Clár na Síochana	99	6	1
5. Ilghnéitheach	400	2,168	1,420
6. Maoiniú Cuntas Díomhaoin	13,000	8,404	18,771
7. Scéim Aoisliúntais an Bhoird Náisiúnta Leasa Oideachais	356	382	370
G.2. Fáltais an Chéad Leibhéil			
1. Aoisliúntas srl. na Múinteoirí Náisiúnta:			
(i) Aisíoc Aiscí faoi na Scéimeanna Aoisliúntais, 1934 go 1958, srl.	460	668	497
(ii) Ranníocaíochtaí leis na Scéimeanna Aoisliúntais	89,382	86,086	82,297
(iii) Ranníocaíochtaí le Scéim Phinsin do Chéilí agus Leanaí na Múinteoirí	27,765	29,304	26,908
2. Ilghnéitheach	550	2,069	2,642
3. Ranníocaíochtaí leis an Scéim Aoisliúntais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta, d'Airígh agus don Fhoireann Chléireachais i Scoileanna Náisiúnta (Fo-mhírcheann C.4.)	6,300	7,240	6,449
4. Aisghabháil tuarastail srl. na múinteoirí ar iasacht agus athghreim ar ró-íocaíochtaí tuarastail	5,332	6,150	5,188
5. Muirear láimhseála i dtaca le hasbhaintí áirithe a dhéanamh ó thuarastail na múinteoirí	315	309	308
—Ranníocaíochtaí leis an Scéim Aoisliúntais d'fhoireann neamh-mhúinteoireachta na nIonad d'Ógchiontóirí [1]	—	—	—

Leithreasaí-i-gcabhair (ar lean)	2009 Measta €000	2009 Réadaithe €000	2008 Réadaithe €000
G.3. Fáltais Dara Leibhéal agus Fáltais Bhreisoideachais			
1. Aoisliúntas srl. na Múinteoirí Meánscoileanna, Scoileanna Cuimsitheacha agus Pobalscoileanna:			
(i) Ranníocaíochtaí le Scéim Aoisliúntais na Meánmhúinteoirí	67,090	67,787	62,060
(ii) Ranníocaíochtaí le Scéim Phinsin do Chéilí agus Leanaí na Meánmhúinteoirí	19,949	19,308	18,118
(iii) Aisíoc Aiscí faoi Scéim Aoisliúntais na Meánmhúinteoirí	34	125	119
2. Táillí cúrsa an Athscrúdaithe Ardteistiméireachta	70	142	69
3. Ilghnéitheach	450	1,882	2,150
4. Ranníocaíochtaí leis an Scéim Aoisliúntais do Chúntóirí Riachtanas Speisialta agus do Chúntóirí Cléireachais i Meánscoileanna (Fo-mhírcheann D.3.)	1,140	1,054	1,048
5. Aisghabháil tuarastail srl. na múinteoirí ar iasacht agus athghreim ar ró-íocaíochtaí tuarastail	7,753	6,159	7,379
6. Muirear láimhseála i dtaca le hasbhaintí áirithe a dhéanamh ó thuarastail na múinteoirí	201	191	203
G.4. Tobhach Pinsin			
1. Fáltais ón Asbhaint ó thaobh Pinsin ar an Luach Saothair sa tSeirbhís Phoiblí	307,841	303,985	—
Iomlán	**570,353**	**579,521**	**265,364**

1. Aistríodh na hIonaid d'Ógchiontóirí chuig an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí sa bhliain 2007. Baineadh an fo-mhírcheann de Vóta 26 in Imleabhar Mheastacháin Athbhreithnithe na Bliana 2009.

Míniú ar Dhifríochtaí Suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a measadh, agus breis is 5% amach ón tsuim a measadh.

Teideal	Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000	Míniú
G.1.		
3.	(14,262)	D'eascair farasbarr sna fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa ó réamhíocaíocht €3.2m ó Chiste Sóisialta na hEorpa a bheith íoctha, in éineacht le comhaontú ó Choimisiún an Aontais Eorpaigh i rith 2009 rátaí méadaithe cúnaimh ó Chiste Sóisialta na hEorpa a thabhairt isteach le héifeacht chúlghabhálach ó 1 Eanáir 2007.
5.	(1,768)	D'eascair farasbarr sna fáltais ilghnéitheacha ó aisghabháil costas comhroinnte seirbhísí, ó aisghabháil ranníocaíochta le Clár Leathanbhanda na Scoileanna, ó aisghabháil sochar árachais shóisialaigh mar aon le fáltais ad-hoc eile ar deacair iad a mheas.
6.	4,596	Baintear feidhm as an bhfo-mhírcheann seo chun fáltais a bhaineann le caiteachas a thabhaítear ar Scéim Chistí na gCuntas Díomhaoin faoi Fho-mhírcheann B.10. a thabhairt chun cuntais. Déantar ioncam i bhfo-mhírcheann G.1.6. a nascadh le caiteachas ó fho-mhírcheann B.10. sa dóigh go mbíonn sé neodrach ó thaobh an Státchiste de. Lean gannchion sna fáltais de thoradh an choigiltis faoi fho-mhírcheann B.10.
G.2.		
1.1.	(208)	Is éard atá sna fáltais faoin bhfo-mhírcheann seo i gcoitinne ná íocaíochtaí aonuaire ó bhunmhuinteoirí chun aiscí a fuarthas roimhe sin a aisíoc ionas go gcuirfear seirbhís roimh ré ar ais chun críocha pinsin. D'eascair farasbarr ón líon ard múinteoirí a chuaigh ar scor sa bhliain 2009.
1.3.	(1,539)	D'eascair farasbarr sna fáltais ón líon múinteoirí a bhí ag dul ar pinsean a bheith ardaithe go mór, maille le méadú dá bhrí sin ar an méid ranníocaíochtaí pinsin a íocadh.
2.	(1,519)	D'eascair farasbarr sna fáltais ilghnéitheacha ó aisghabháil sochar árachais shóisialaigh, lacáistí iomarcaíochta, aisghabháil ró-íocaíochtaí, aisíocaí ag eascairt ó chealú orduithe iníoctha agus orduithe iníoctha nár briseadh a bhí as dáta mar aon le fáltais ad-hoc eile ar deacair iad a mheas go bliantúil.
3.	(940)	D'eascair farasbarr sna fáltais ó chostais mhéadaithe ó thaobh tuarastail, rud as ar tháinig méadú dá réir sna fáltais phinsin. Ina theannta sin, bhí leibhéal an athcheannaigh phinsin ó Airígh níb airde ná mar a measadh roimh ré.
4.	(818)	D'eascair an farasbarr go háirithe mar bhí aisghabháil na bhfáltas i dtaca le daoine a bhí ar iasacht sna blianta roimhe sin ní ba mhó ná mar a measadh roimh ré.
G.3.		
3.	(1,432)	D'eascair farasbarr sna fáltais go príomha toisc gur íocadh €1.063m faoi théarmaí Mhodh-Chomhaontú Fhine Gall chun tacú le saoráidí feabhsaithe caipitil. D'eascair an chuid eile de na fáltais go háirithe ó aisghabháil sochar árachais shóisialaigh, aisghabháil ró-íocaíochtaí, aisíocaí ag eascairt ó chealú orduithe iníoctha agus orduithe iníoctha nár briseadh a bhí as dáta.
5.	1,594	Eascraíonn an gannchion toisc rómheastachán a bheith déanta ar leibhéal na bhfáltas a tuaradh i gcomhair na bliana 2009.

4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

	€000
An Chomhairle Mhúinteoireachta - riaráistí ranníocaíochtaí aoisliúntais [1]	287
Fáltais Bhreise le híoc leis an Státchiste - Ranníocaíochtaí Pinsin	36
Costais Finnéithe	2

[1] Fuair an Roinn an tsuim seo sa bhliain 2009 ón gComhairle i leith ranníocaíochtaí carntha aoisliúntais suas go 31 Nollaig 2008. Threoraigh an Roinn Airgeadais go n-íocfaí an tsuim mar fháltais bhreise le híoc leis an Státchiste. Ón mbliain 2010, tá fáltais aoisliúntais i leith na Comhairle Múinteoireachta á dtabhairt chun cuntais i bhfo-mhírcheann G.1.7.

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2009	2008
Líon foirne (coibhéisí lánaimseartha)	95,152	96,869

Is le hEarnáil an Oideachais a bhaineann an líon foirne dá dtagraítear thuas

	2009	2008
	€000	**€000**
Pá	59,850	59,339
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	587	534
Liúntais eile	193	370
Ragobair	605	1,181
ÁSPC an Fhostóra	3,770	3,782
Pá iomlán	**65,005**	**65,206**

Ní bhaineann na sonraí airgeadais sa tábla seo ach leis an bhfoireann a íoctar as an bhFo-mhírcheann Riaracháin A.1. - Tuarastail na Foirne.

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2009	2008
			€	€
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	164	7	38,627	20,187
Liúntais eile	117	2	12,864	19,000
Ragobair agus tinreamh breise	273	12	23,766	36,750

Nóta: Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin. Is leis an bhfoireann a íoctar as Fo-mhírchinn an Bhuiséid Riaracháin A.1. agus A.10. amháin a bhaineann na sonraí de liúntais agus d'íocaíochtaí ragoibre sa tábla seo.

6 Míreanna Ilghnéitheacha

6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Tá na focheannteidil i Vóta 26 as ar íocadh maoiniú foinsithe an Chrannchur náisiúnta astu tugtha thíos. Tá liosta iomlán le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne (www.education.ie)

Faighteoirí an Mhaoinithe ón gCrannchur Náisiúnta	2009	2008
	€000	€000
Costais na nEagraíochtaí Oideachais Aosaigh (Fo-mhírcheann B.1.)	941	956
Gníomhaíochtaí Cultúir (Fo-mhírcheann B.14.)	207	230
Costais Ghinearálta na nEagraíochtaí Ógra agus Caiteachas Eile i dtaca le Gníomhaíochtaí Ógra (Fo-mhírcheann B.9.) [1]	—	43,567
An Ghaeilge (Fo-mhírcheann B.10.) [2]	—	1,432
Iomlán	1,148	46,185

[1]. Aistríodh na feidhmeanna maidir le hEagraíochtaí Ógra agus maidir le Gníomhaíochtaí Ógra amach as Vóta 26 le héifeacht ó 1 Eanáir 2009 chuig Vóta 41 (Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Ógra).

[2]. Ag éirí as an timpeallacht gheilleagrach dhúshlánach, dúnadh roinnt áirithe saindeontas, agus an fo-mhírcheann dar teideal fo-mhírcheann B.10. "An Ghaeilge" san áireamh, le héifeacht ó 31 Nollaig 2008.

6.2 Maoiniú ón AE

An tsuim €36,102,110 a fuarthas ó Chiste Sóisialta na hEorpa agus a taispeánadh mar Leithreasaí-i-gCabhair, bhí sí ar áireamh sa chaiteachas taifeadta ó na Fo-mhírchinn seo a leanas d'Oifig an Aire Oideachais agus Eolaíochta: - A.1., B.5.,B.20., B.22., D.1., D.6., D.9., E.4., E.11. agus E.12.

6.3 Coimisiúin agus Fiosrúcháin

	Bliain an cheapacháin	Caiteachas Carnach go 31 Nollaig 2009	Caiteachas i 2009	Caiteachas i 2008
		€000	€000	€000
Coimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú	1999	62,933	3,570	15,696
Coiste Athbhreithnithe um Fhorais Chónaithe	2003	5,115	937	1,177
Coimisiún um Chóiríocht Scoile	1996	3,505	25	316
Fiosrúchán ar Ghairmscoil Chathair Chill Chainnigh[1]	2006	267	106	85
		71,820	4,638	17,274

Rinneadh ganniontráil trí earráid ar an gcaiteachas carntha a thabhaigh an Fiosrúchán i nGairmscoil Chathair Chill Chainnigh de €3,933 i gCuntais 2008. Ba chóir gur €161,077 suim an chaiteachais carntha don Fhiosrúchán go deireadh 2008 a bheith taispeáinte i gcuntais 2008.

6.4 Dliteanas Teagmhasach

Déanfar a thuilleadh íocaíochtaí a bhainfidh leis an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú agus leis an mBord um Shásamh. Ní féidir na costais chríochnaitheacha a shocrú ag an bpointe seo mar is obair leanúnach atá ar siúl faoi láthair ag an dá chomhlacht.

Ba é an caiteachas ar an gCoimisiún chun Drochúsáid Leanaí a Fhiosrú ó bunaíodh é go deireadh 2009 ná €62,933,104. Ag an bpointe seo meastar go bhféadfaidh soláthar de thart ar €30 - €40 milliún a bheith ag teastáil chun íoc as costais eile an Choimisiúin. Is soláthar trialach é seo ós rud é nach bhfuil toirt mhór costas dlíthiúil tríú páirtí idirbheartaithe fós ag an gCoimisiún.

Ba é an caiteachas go deireadh 2009 a bhain leis an mBord um Shásamh ná €999,054,093 agus ag an bpointe sin bhí timpeall is 13,745 iarratas próiseáilte as an neasiomlán 14,633 iarratas (agus 185 d'iarratais dhéanacha san áireamh) a fuair an Bord. Ag an bpointe seo meastar go bhféadfaidh soláthar de thart ar €75 milliún a bheith ag teastáil chun íoc as costais eile an Bhoird. Bunaithe ar mheándámhachtainí, is meastachán trialach é seo ós rud é go raibh beagán le cois 880 iarratas le próiseáil fós ag an mBord ag deireadh 2009 agus ós rud é go bhféadfaidh éagsúlacht leis an meánmhéid a bheith ar leibhéal na dámhachtana sna cásanna seo atá fós le breithniú.

6.5 Costais dlí agus cúiteamh

Cuimsíonn an caiteachas faoi Fho-mhírcheann B.24. dámhachtainí €435,000 maidir le ceithre chás sásaimh. Tabhaíodh costais dlí arbh éard a bhí iontu ná €379,988 go hiomlán i dtaca leis na ceithre chás seo agus trí chás is fiche eile. Íocadh táillí leighis agus táillí eile arbh éard a bhí iontu ná €1,722 go hiomlán maidir le ceann amháin de na cásanna dámhachtana agus cás amháin eile. (S18/10/04)

Cuimsíonn an caiteachas faoi Fho-mhírcheann C.5. dámhachtainí arbh éard a bhí iontu ná €10,000 go hiomlán do trí éilitheoir i dtaca le cinneadh de chuid an Bhinse Chomhionannais. (S18/9/09)

Áirítear sa chaiteachas faoi Fhotheideal C.5 costais dlí de luach €78,897, a d'eascair as athbhreithniú breithiúnach a bhain le fostú ball foirne ó Ionad Leanaí agus Ógánach. (S18/10/04)

Cuimsíonn an caiteachas faoi Fho-mhírcheann D.8. socraíocht €105,000 i leith timpiste i gceann de na Scoileanna Pobail agus Cuimsitheacha. Íocadh costais dlí arbh éard a bhí iontu ná €47,325 i leith an cháis seo freisin. (S18/10/04)

6.6 Míreanna ilghnéitheacha eile

Faoi fhorálacha Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, tugtar €79m den leithdháileadh nár caitheadh i leith na Coda Caipitil den fho-mhírcheann B.18. agus i leith an fho-mhírchinn F.1. freisin ar aghaidh chun na bliana 2010 mar shuim iarchurtha le tabhairt suas.

Chuimsigh an caiteachas faoi Fho-mhírchinn C.5. agus D.8. suimeanna arbh éard a bhí iontu ná €38,818,924 go hiomlán i leith áitribh shealadaigh scoile.

D'fhoráil Alt 23 den Acht um Shásamh i leith Foras Cónaithe 2002 go mbunófaí Cuntas Speisialta arna mhaoiniú as "airgead a sholáthróidh an tOireachtas" agus ag "duine, le toiliú an Aire (Oideachais agus Eolaíochta) agus an Aire Airgeadais". Mar aon leis an airgead a sholáthraíonn an tOireachtas, tagann maoiniú i gcomhair an Chuntais Speisialta as airgead a thugtar faoi théarmaí an Chomhaontaithe Slánaíochta idir an Stát agus na pobail (na hoird rialta) a dhéanann ranníocaíochtaí. Tá liosta de na pobail a dhéanann ranníocaíochtaí sa chéad Sceideal den Chomhaontú sin. Úsáidtear airgead ón gCuntas Speisialta chun íoc as dámhachtainí a dhéanann an Bord um Shásamh i leith Foras Cónaithe agus as costais an Bhoird ó thaobh an tAcht a riaradh. Tá na cuntais faoi réir iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

7 Cuntais ilghnéitheacha

7.1 Cuntais Neamhvótáilte

	Urrúis	Airgead Tirim	Iomlán	Iomlán 2008
	€000	€000	€000	€000
Iarmhéid na nUrrús ar 1 Eanáir 2009	1,094	—	1,094	1,046
Urrúis a Fuasclaíodh	(331)	331	—	(48)
Glanaistriú ó Chuntas Ioncaim	—	(14)	(14)	51
Urrúis a Ceannaíodh	343	(317)	26	(3)
Iarmhéideanna ar 31 Nollaig 2009	1,106	—	1,106	1,046

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009

Iarmhéideanna ar 1 Eanáir 2009	79	89
Fáltais	384	67
Aistriú go Cuntas Ioncaim	—	(51)
Íocaíochtaí	(349)	(26)
Iarmhéideanna ar 31 Nollaig 2009	114	79

1. Taispeánadh, de dheasca earráide trasuímh i gCuntais Neamhvótáilte na Bliana 2008, an tsuim chreidmheasa €48,409 mar iarmhéid deiridh airgid sa chuntas caipitil. Ba cheart gurbh í náid iarmhéid airgid chuntas caipitil dheireadh na bliana 2008. Le linn na bliana 2008 ba é €24,202 méid iomlán na n-urrús a fuasclaíodh, rinneadh aistriú ciste ón gcuntas ioncaim arbh éard a bhí ann ná €50,659 go hiomlán, agus chiallaigh sé sin gurbh é an t-ioncam iomlán chuig an gcuntas caipitil ná €74,866. Ba é an caiteachas ón gcuntas caipitil ar stoc nua ná €74,866 go hiomlán.

7.2 Scoileanna Dearlaice

Cuntas ar Fháltais agus Íocaíochtaí na Scoileanna Dearlaice (comhdhéanta faoin Acht um Dhearlaicí Oideachais (Éire) 1885) i rith na bliana dar chríoch 31 Nollaig 2009, i leith Caipitil agus Ioncaim

	Urrúis	Airgead Tirim	Iomlán	Iomlán 2008
	€000	€000	€000	€000
Iarmhéid amhail 1 Eanáir	591	—	591	539
Urrúis a Fuasclaíodh	(133)	133	—	—
Aistriú ó Chuntas Ioncaim	—	3	3	55
Urrúis a Ceannaíodh	143	(136)	7	(4)
Iarmhéideanna ar 31 Nollaig	**601**	**—**	**601**	**590**

Cuntas Fáltas agus Íocaíochtaí don Bhliain dar chríoch 31 Nollaig	**2009**	**2008**
	€000	€000
Iarmhéideanna ar 1 Eanáir	8	52
Fáltais	148	134
Aistriú go Cuntas Caipitil	(136)	(55)
Íocaíochtaí	—	(123)
Iarmhéideanna ar 31 Nollaig	20	8

7.3 Ciste Deontas i gCabhair 2009	**2009**	**2008**
	€000	**€000**
Fo-mhírcheann B.1. - Ciste le haghaidh Chostais Ghinearálta na nEagraíochtaí Oideachais Aosaigh (Arna Mhaoiniú ón gCrannchur Náisiúnta)[1]	941	956
Fo-mhírcheann B.8. - Íocaíochtaí i leith thionscadail na dTascfhórsaí Áitiúla Drugaí[1]		
Crannchur Náisiúnta[2]	—	43,567
Státchiste[2]	3,643	12,527
Fo-mhírcheann B.14. - Ciste le haghaidh Chostais Ghinearálta na nEagraíochtaí Cultúir, Eolaíochta agus Oideachais (Arna Mhaoiniú ón gCrannchur Náisiúnta)	207	230
	4,791	57,280

[1] Le héifeacht ó 2009, is é Focheannteideal B.8 amháin a mhaoiníonn tionscadail i leith an Tascfhórsa Áitiúil um Dhrugaí (LDTF). Roimh 2009, bhí caiteachas maidir le heagraíochtaí agus gníomhaíochtaí don óige san áireamh chomh maith i bhFocheannteideal B.8.

[2] Chuir an maoiniú Deontas i gCabhair ó Vóta 26 i 2008 maoiniú ar fáil i gcomhair Eagraíochtaí Ógra agus Gníomhaíochtaí Ógra ó fho-mhírchinn B.8. (€12.527milliún arna mhaoiniú ón Státchiste) agus B.9. (€43.567milliún arna pháirtmhaoiniú ón gCrannchur Náisiúnta). Aistríodh na feidhmeanna maidir le hEagraíochtaí Ógra agus maidir le Gníomhaíochtaí Ógra amach as Vóta 26 le héifeacht ó 1 Eanáir 2009 chuig Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Ógra, (Vóta 41).

Vóta 27: An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 27, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 ar thuarastail agus ar speansais Oifig an Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, ar sheirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2009, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na Nótaí 1 go 7.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Bhí ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais sa ghnáthfhormáid don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 ag gabháil leis an gcuntas seo a cuireadh faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste. Áirítear na bearta seo a leanas ar na bearta a glacadh, nó atá beartaithe, chun córas na Roinne maidir le rialú inmheánach airgeadais a fheabhsú:

1. Soláthraíonn an Roinn, trí bhíthin fhorfheidhmiú an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta, rochtain ar oiliúint do bhaill foirne i réimse leathan clár, idir cláir airgeadais agus eile, agus spreagtar na baill úsáid a bhaint as an oiliúint sin. Cuireadh oiliúint i gCóras Bainistíochta Airgeadais (FMS) na Roinne ar fáil in 2009 i gcomhair daoine aonair agus grúpaí, de réir mar ba chuí. Anuas air sin, cuireadh oiliúint ar agus tugadh tacaíocht do bhainisteoirí agus d'úsáideoirí leasmhara eile chun uirlis bhainistíochta a éascaíonn ceistiúchán ar FMS na Roinne a úsáid.

2. Déanann an Coiste Stiúrtha ar Theicneolaíocht Faisnéise, ar a bhfuil duine ag leibhéal Rúnaí Cúnta ina chathaoirleach, athbhreithniú agus maoirseacht ar an bpróiseas chun feabhas a chur ar infreastruchtúr agus ar chóras Theicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide na Roinne. Áirítear ar na bearta suntasacha a glacadh in 2009, clár chun freastalaithe agus ríomhairí a athsholáthar agus naisc nua do líonra na Teicneolaíochta Faisnéise a shuiteáil idir príomhoifigí na Roinne.

3. Rinne Coiste Stiúrtha Riosca na Roinne, ar a bhfuil duine ag leibhéal Rúnaí Cúnta ina chathaoirleach, forbhreathnú ar bhainistíocht riosca sa Roinn – lena n-áirítear socruithe tuairiscithe maidir leis na rioscaí ardleibhéil atá amach roimh an Roinn, mar aon le straitéisí a bhaineann le maolú agus bearta gaolmhara. Anuas air sin, ceanglaítear ar bhainisteoirí líne, tríd an bpróiseas Pleanáil Ghnó, bainistíocht riosca a nascadh le comhlíonadh cuspóirí.

4. Tá roinnt meicníochtaí i bhfeidhm chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar chórais bhainistíochta agus rialaithe airgeadais na Roinne ar bhonn leanúnach. Áirítear leo seo Grúpa Sinsearach Bainistíochta Airgeadais, an Coiste Caiteachais, Seirbhísí Cigireachta, Cigireacht na Gaeltachta agus an tAonad Iniúchta Inmheánaigh. Anuas air sin, déanann Coiste neamhspleách Iniúchta na Roinne (ar a bhfuil triúr ball seachtrach, an Cathaoirleach san áireamh) athbhreithniú ar obair an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh, agus déantar tagairt ar leith don fhócas uileghabhálach ar rialú. Tacaíonn Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe na Roinne freisin le ceanglais chreidiúnaithe agus rialaithe an AE a éiríonn as clár forbartha tuaithe cómhaoinithe an AE.

SEOSAMH Ó HÁGHMAILL
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
31 Márta 2010

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa Vóta na Roinne Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta le haghaidh 2009 iniúchta agam faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta cuntas coinnithe ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Comhionannais agus Gaeltachta. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachais an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009.

Déanann Caibidil 24 de mo thuarascáil bhliantúil cur síos ar ábhair ar leithligh a chinn mé a bheith tábhachtach agus tuairisc mé orthu de réir Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú),1993.

Séan Ó Buachalla

SÉAN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
7 Meán Fómhair 2010

Vóta 27 An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Cuntas Leithreasa 2009

Seirbhís		2009 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
	€000	€000	€000	€000
Riarachán				
A.1.	Tuarastail, pá agus liúntais	14,723	14,514	14,840
A.2.	Taisteal agus cothú	645	457	873
A.3.	Costais theagmhasacha	1,224	644	1,174
A.4.	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	423	429	487
A.5.	Fearais oifige agus soláthairtí oifige agus seirbhísí gaolmhara	1,283	992	1,794
A.6.	Costais áitreabh oifige	342	291	595
A.7.	Seirbhísí comhairleoireachta	209	135	273
A.8.	Luach ar Airgead agus Athbhreithnithe Beartais	108	3	198
Ag Forbairt Pobal				
B.1.	Tacaí don Earnáil Phobail agus Dheonach (maoinithe i bpáirt as an gCrannchur Náisiúnta)	15,600	15,836	18,875
B.2.	Cláir Sheirbhísí Phobail	50,650	50,394	47,233
B.3.	Cláir Forbartha Áitiúla agus Pobail (maoinithe i bpáirt as an gCrannchur Náisiúnta)	74,640	73,393	84,859
B.4.	Rialáil Carthanachtaí	200	181	76
B.5.	RAPID	7,490	10,406	9,578
B.6.	Cuntais Dhíomhaoine - Riarachán	1,786	1,717	2,000
B.7.	Tionscnaimh Chun Tabhairt Faoi Mhíbhuntáiste Eacnamaíoch agus Sóisialta (Cistí Díomhaoine Arna Maoinú)	12,950	8,916	8,521
Tabhairt Faoi Úsáid Fhadhbach Drugaí				
C.	Tionscnamh Drugaí	40,611	39,377	65,207
Forbairt Tuaithe				
D.1.	Coimisiún Forbartha an Iarthair	2,246	2,158	2,516
D.2.	Ciste Infheistíochta an Iarthair	2,300	2,300	3,995
D.3.	Caitheamh Aimsire Tuaithe is Scéimeanna Forbartha Tuaithe	5,615	5,335	5,241

		€000	2009 Suim Soláthraithe sa Mheastachán €000	2009 Toradh €000	2008 Toradh €000
D.4.	Scéim Shóisialta Tuaithe				
	Meastachán Bunaidh	49,401			
	Meastachán Forlíontach	(1,000)	48,401	48,344	33,311
D.5.	LEADER – Fo-Chlár Geilleagair Thuaithe 2007 - 2013		27,000	20,943	1,351
—	*Scéim Shóisialta Tuaithe (Cistí Díomhaoine arna Maoinú)*		—	—	*16,000*
D.6.	Ceantair Laga Árd-Riachtanais (CLÁR)		16,860	13,598	24,179
—	*LEADER Clár Náisiúnta Forbartha Tuaithe 2000 - 2006*		—	—	*10,518*
	Forbairt na Gaeltachta agus na nOileán				
E.1.	Tithe Gaeltachta - Deontais faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht) 1929 go 2001		2,950	4,954	5,000
E.2.	Scéimeanna Cultúrtha agus Sóisialta na Gaeltachta		8,900	9,900	12,664
E.3.	Áiseanna Pobail agus Áineasa na Gaeltachta		4,800	4,660	4,867
E.4.	Scéimeanna Feabhsúcháin na Gaeltachta		4,200	4,200	6,633
E.5.	Oileáin - Iompar agus Seirbhísí Eile		5,700	5,664	5,100
E.6.	Oileáin - Infreastruchtúr		23,732	19,732	32,978
E.7.	Údarás na Gaeltachta - Riarachán		11,800	11,800	13,881
E.8.	Údarás na Gaeltachta - Clár do Chaiteachtas Reatha		4,185	4,185	4,673
E.9.	Údarás na Gaeltachta - Deontais do Thionscail agus Caiteachas Caipitil ar Fhoirgnimh		19,650	21,650	25,500
E.10.	Údarás na Gaeltachta - Toghchán		1	—	—
	Caomhnú agus Cur Chun Cinn na Gaeilge				
F.1.	Íocaíocht le Ciste na Gaeilge (maoinithe i bpáirt as an gCrannchur Náisiúnta)				
	Meastachán Bunaidh	6,470			
	Meastachán Forlíontach	(299)	6,171	5,837	5,216
F.2.	An Coimisinéir Teanga		960	831	831
F.3.	Tionscnamh um Ardscileanna Gaeilge				
	Meastachán Bunaidh	944			
	Meastachán Forlíontach	1,300	2,244	2,234	1,373

			2009 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
		€000	€000	€000	€000
Comhoibriú Thuaidh-Theas					
G.1.	An Foras Teanga		16,830	16,216	18,670
G.2.	Uiscebhealaí Éireann		36,500	34,504	38,140
G.3.	Clár Síochána agus Athmhuintearais/ INTERREG		1,772	1,956	11,201
	Iomlán Comhlán				
	Meastachán Bunaidh	475,700			
	Meastachán Forlíontach	1			
			475,701	**458,686**	**540,421**
	Bain De:				
H.	**Leithghabhálacha-i-gcabhair**		**31,828**	**18,234**	**49,941**
	Iomlán Glan				
	Meastachán Bunaidh	443,872			
	Meastachán Forlíontach	1			
			443,873	**440,452**	**490,480**
	Farasbarr le tabhairt suas			**€3,420,487**	**€18,114,898**

— *Fo-cheannteideal scortha in 2009*

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2009

	Nótaí	€000	2009 €000	2008 €000
Caiteachas ar riarachán			17,465	20,234
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir			441,221	520,187
Olliomlán			458,686	540,421
Bain de				
Leithreasaí i gcabhair			18,234	49,941
Glaniomlán			440,452	490,480
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil				
Ceannacháin		(342)		
Diúscairt Airgid Tirim		1		
Dímheas		977		
Caillteanas ar dhiúscairtí		23	659	(120)
Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt				
Íocaíochtaí in airgead tirim			(868)	(5,076)
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha				
Laghdú ar fhabhraithe deiridh		(2,873)		
Méadú ar stoc		(8)		
			(2,881)	(3,901)
Caiteachas díreach			437,362	481,383
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara	1.1		6,341	8,398
Measchíosanna			612	649
Costas oibriúcháin			**444,315**	**490,430**

1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Is iad na suimeanna measta seo a leanas atá sa mhéid glanchaiteachais do sheirbhísí gaolmhara maidir le Vóta 27 atá á n-iompar in áit eile

Vóta		2009 €000	2008 €000
7	Aoisliúntais and Liúntais Scoir	4,170	3,491
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	1,931	4,652
20	An Garda Síochána	182	197
	An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí srl	58	58
		6,341	**8,398**

2 Ráiteas faoi Shócmhainní agus faoi Dhliteanais Ag 31 Nollaig 2009

	Nóta	2009 €000	2008 €000
Sócmhainní Caipitil	2.1	1,418	2,067
Sócmhainní atá á bhforbairt	2.2	7,830	6,962
		9,248	**9,029**
Sócmhainní Reatha			
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	2.3	(1,767)	(5,348)
Orduithe íocaíochta gan íoc	2.3	(78)	(260)
Stoic	2.4	57	49
Iasachtaí gan Íoc	7.0	276	233
Réamhíocaíochtaí		298	384
Ioncam fabhraithe		11,230	8,342
Iarmhéideanna eile dochair	2.5	2,791	5,790
Iomlán na sócmhainní reatha		**12,807**	**9,190**
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais fhabhraithe		75	137
Iarmhéideanna eile creidmheasa	2.6	18	11
Glandliteanas don Státchiste	2.7	928	171
Iomlán na ndliteanas reatha		**1,021**	**319**
Glansócmhainní reatha		**11,786**	**8,871**
Glansócmhainní		**21,034**	**17,900**

2.1 Ráiteas Faoi Shócmhainní Caipitiúla

	Gléasra & Innealra €000	Troscán agus Feistis €000	Trealamh Oifige €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2009	99	748	6,466	7,313
Aistrithe	—	—	—	—
Breiseanna	—	22	329	351
Diúscairtí	(58)	(37)	(656)	(751)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2009	41	733	6,139	6,913
Dímheas carntha				
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2009	62	394	4,790	5,246
Dímheas ar aistrithe	—	—	—	—
Dímheas don bhliain	4	68	905	977
Dímheas ar dhiúscairtí	(58)	(25)	(645)	(728)
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2009	8	437	5,050	5,495
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2009	**33**	**296**	**1,089**	**1,418**
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2008	**37**	**354**	**1,676**	**2,067**

2.2 Ráiteas Faoi Shócmhainní Caipitiúla á bhForbairt

	Forbairt Tionscadal €000
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2009	6,962
Íocaíochtaí in Airgead Tirim don Bhliain	868
Aistrithe go dtí Clár na Sócmhainní	—
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2009	7,830

2.3 Banc agus Airgead Tirim ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	(1,767)	(5,348)
Orduithe íocaíochta gan íoc	(78)	(260)
	(1,845)	(5,608)

2.4 Stoic ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Stáiseanóireacht agus ábhair IIghnéitheacha	22	26
Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise	35	23
	57	49

2.5 Iarmhéideanna eile dochair	**2009**	**2008**
ag 31 Nollaig	**€000**	**€000**
Airleacain do Phobal	2,343	5,697
Airleacain do na Tascfhórsaí Drugaí	178	—
Airleacain don Fhoras Teanga	205	—
Airleacain don Choimisinéir Teanga	34	—
Míreanna eile dochair atá ar fionraí	31	93
	2,791	5,790

2.6 Iarmhéideanna eile creidmheasa	**2009**	**2008**
ag 31 Nollaig	**€000**	**€000**
Suim atá dlite don Stát		
Dlite don Stát (ÍMAT, ÁSPC, Tobhach Ioncaim & CBL)	14	—
Fáltais bhreise atá le híoc leis an Státchiste	—	11
	14	11
Asbhaintí den phárolla atá á gcoinneáil ar fionraí	4	—
Iarmhéideanna eile dochair atá ar fionraí	—	—
	18	11

2.7 Glandliteanas don Státchiste	**2009**	**2008**
ag 31 Nollaig	**€000**	**€000**
Farasbarr leithreasaí le tabhairt suas	3,421	18,115
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(2,493)	(17,944)
Glandliteanas don Státchiste	928	171
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	2,791	5,790
Suíomh glan an Phámháistir Ginearálta agus Airgead Tirim	(1,845)	(5,608)
	946	182
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(14)	(11)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(4)	—
	(18)	(11)
	928	171

2.8 Ceangaltais ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
(A) Ceangaltais Iltaobhacha	241,047	209,123

Tá an figiúr le haghaidh na gceangaltas neamhchaipitiúla i gcomhair 2010 agus do bhlianta ina dhiaidh measta ag €241,046,694.

(B) Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla

Déanann an tábla seo a leanas an caiteachas i 2009 a shonrú, mar aon leis na ceangaltais a bheadh le friotháil sna blianta dar gcionn, ar bhonn tionscadal caipitiúla, áit a raibh conarthaí infheidhmithe go dlithiúil orthu ar 31 Nollaig 2009:

	2009 **€000**	**2008** **€000**
Caiteachas	89,306	115,336
Ceangaltais le friotháil sna blianta dár gcionn	106,165	174,825

(C) Mórthionscadail Caipitiúla

Caitheadh airgead ar thrí thionscadal i 2009 ina mbeidh an costas foriomlán measta i ngach cás os cionn €6.5m. Is iad seo a leanas sonraí na dtionscadal sin:

Tionscadal	**Caiteachas Carntha go 31 Nollaig 2008** **€000**	**Coigeartuithe na Bliana Roimhe seo** **€000**	**Caiteachas in 2009** **€000**	**Blianta dár gcionn** **€000**	**Iomlán** **€000**	**Caiteachas in 2008** **€000**
Piara Chill Rónáin	17,450	—	14,096	9,339	40,885	17,386
Piara an Chalaidh Mhóir [1]	13,411	380	—	180	13,971	5,684
Cosaint Chósta Inis Bó Finne	6,658	—	485	1	7,144	922

[1] I ndiaidh athbhreithniú a bheith déanta ar chaiteachas ar Ché an Chalaidh Mhóir, mhéadaigh an méid atá tiomanta de €204,046, laistigh de théarmaí cheadú na Roinne Airgeadais.

3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, tar éis d'aon athruithe a bheith déanta i meastacháin fhorlíontacha, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

Fothei deal	Níos lú (níos mo) ná a soláthraíodh €000	Míniú
A.2.	188	Rinneadh coigilteas go príomha ós gur laghdaíodh na rátaí iníoctha i gcomhair taistil agus cothabhála atá i bhfeidhm ó Mhárta 2009 agus as bearta a glacadh chun leibhéal taisteal oifigiúil na Roinne a laghdú.
A.3.	580	Rinneadh an coigilteas den chuid is mó ós gur leanadh le bearta arna nglacadh de bhun Cinneadh Rialtais i mí Iúil 2008 chun coigilteas i gcúrsaí riaracháin a bhaint amach don Roinn.
A.8.	105	Rinneadh an coigilteas den chuid is mó ós gur leanadh le bearta arna nglacadh de bhun Cinneadh Rialtais i mí Iúil 2008 chun coigilteas i gcúrsaí riaracháin a bhaint amach don Roinn agus mar thoradh ar athruithe arna dtionscnamh ag an Roinn Airgeadais ar na nósanna imeachta maidir le hAthbhreithnithe VFM a sheoladh.
B.5.	(2,916)	D'aibigh líon áirithe dliteanas faoi bhearta áirithe – a bhain den chuid is mó le Deontais Chaipitil Spóirt, Áiteanna Súgartha agus Deontais Mhionscála do Scoileanna – níos luaithe ná mar a rabhthas ag súil leis.
B.7.	4,034	Rinneadh coigilteas ós go raibh moill le tús a chur le tionscadail áirithe faoi na Bearta Eiseamláireacha agus faoi Bhearta Breisithe RAPID.
D.3.	280	Rinneadh coigilteas i rith na bliana ós gur cuireadh moill le roinnt tionscadal a bhaineann le hÁineas Tuaithe nó nár cuireadh tús leo mar a bhí beartaithe.
D.5.	6,057	Rinneadh coigilteas as moilleanna nár réamh-mheasadh tráth a raibh an próiseas comhtháthaithe maidir leis na Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta a chuireann an Clár i bhfeidhm á thabhairt chun críche. Anuas air sin, bhain agaí suntasacha tionscanta le tionscadail áirithe de chineál caipitiúil.
D.6.	3,262	Bhí íostarraingt Ranna Rialtais, údarás áitiúil agus gníomhaireachtaí eile níos moille ná mar a réamh-mheasadh, a d'fhág caiteachas níos lú faoi scéim CLÁR.
E.1.	(2,004)	D'ainneoin gur cuireadh an scéim ar fionraí i mí Aibreáin 2009, ba ghá íocaíochtaí breise a dhéanamh ós go raibh riaráiste cásanna le próiseáil.
E.2.	(1,000)	Ba mhó an caiteachas a rinneadh ná a rabhthas ag súil leis i gcás roinnt de na scéimeanna bunaithe ar éilimh nach féidir a réamh-mheas go cruinn, Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge ach go háirithe.
E.6.	4,000	Rinneadh coigilteas de bharr moilleanna a cuireadh ar oibreacha foirgníochta ag Aerstráice an Chlocháin de bhun achomhairc a cuireadh faoi bhráid An Bhoird Phleanála agus ag Cuan Chill Rónáin mar gur ghá tuilleadh oibreacha pléasctha a dhéanamh.
E.9.	(2,000)	Leithdháladh breis maoinithe chun dliteanais chaipitil a ghlanadh, go príomha de bhun ganncheana in ioncam réamh-mheasta chuig Údarás na Gaeltachta as sócmhainní a dhíol.
F.1.	334	Rinneadh coigilteas i rith na bliana ós nár cuireadh tús le roinnt tionscadal chomh luath is a bhíothas ag súil leis.

F.2.	129	Rinneadh coigilteas go príomha de bharr beart arna nglacadh chun costais riaracháin a laghdú.
G.2.	1,996	Rinneadh coigilteas de bharr beart arna nglacadh ag Uiscebhealaí Éireann chun bonn níos éifeachtaí a chur faoi obair riaracháin agus de bharr gur cuireadh obair ar thionscadail chaipitil áirithe ar fionraí mar gheall ar leibhéal an uisce a bheith ard.
G.3.	(184)	D'fhág athrú ó 7 mbliana go 5 bliana ar thréimhse an chláir gur ghá tuilleadh maoinithe chun ceanglais chaiteachais a chomhlíonadh.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

	2009 Measta €000	2009 Réadaithe €000	2008 Réadaithe €000
1. Fáltais ilghnéitheacha - Pá	289	856	692
2. Fáltais ilghnéitheacha - Neamh-Phá	1,170	56	42
3. An Clár Síochána agus Athmhuintearais	3,000	—	5,331
4. Scéimeanna Forbartha Tuaithe	—	—	—
5. LEADER, INTERREG agus an Clár Síochána	—	744	7,990
6. Cuntais Dhíomhaoine - Riarachán	1,786	1,718	2,000
7. Cuntais Dhíomhaoine - Caiteachas Cláir	12,950	7,739	9,698
8. Aistriú ó Chiste na gCuntas Díomhaoin don Scéim Sóisialta Tuaithe	—	—	16,000
9. Fochlár Geilleagar Tuaithe LEADER 2007-2013	11,000	5,401	8,190
10. Fáltais ó Asbhaint um Pinsean as Luach Saothair Seirbhíse Poiblí	1,633	1,720	—
An tIomlán	31,828	18,234	49,943

Míniú ar athrúcháin shuntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le gach teideal a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, tar éis d'aon athruithe a bheith déanta i meastacháin fhorlíontacha, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh.

Teideal	Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000	Míniú
1	(567)	Tharla an t-athrúchán seo go príomha de bharr coigeartuithe faoi Scéim Pinsean Uiscebhealaí Éireann, a d'eascair as athbhreithniú a rinneadh ar an scéim in 2009.
2	1,114	Ní bhfuarthas fáltais réamh-mheasta de bhun scéimeanna cómhaoinithe a bhaineann le sláinte.
3	3,000	Ní bhfuarthas fáltais a rabhthas ag súil leo ó údarás íocaíochta an Chláir i dTuaisceart Éireann.
5	(744)	Fuarthas íocaíocht a rabhthas ag súil léi in 2010 ón AE i ndáil leis an gclár LEADER+ níos luaithe ná mar a réamh-mheasadh.
7	5,211	Bhain gannchion leis na fáltais mar go raibh moill ann tionscadail áirithe a thosú agus mar go raibh saincheist ama ann maidir le híostarraingt as Ciste na gCuntas Díomhaoin.
9	5,599	Bhí na fáltais ón AE níos lú ná mar a rabhthas ag súil leo de bharr moilleanna nár réamh-mheasadh tráth a raibh an próiseas comhtháthaithe maidir leis na Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta á thabhairt chun críche agus san am céanna bhain agaí suntasacha tionscanta le tionscadail áirithe de chineál caipitiúil.

4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

	2009 €000	2008 €000
Deontais Aisíoctha ón mbliain seo caite	273	654
Ilghnéitheach	60	10
	333	664

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2009	2008
Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire) ag deireadh na bliana	251	275

	2009 €000	2008 €000
Pá	14,413	14,498
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	233	295
Liúntais eile	39	94
Ragobair	73	142
ÁSPC an Fhostóra	646	699
Pá iomlán	**15,404**	**15,728**

5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair €10,000 nó níos mó 2009 €	Uasíocaíocht aonair €10,000 nó níos mó 2008 €
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	48	6	30,920	25,142
Liúntais eile	21	2	12,804	15,160
Ragobair	15	3	14,140	13,631

Nóta: Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

6 Míreanna Ilghnéitheacha

6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Faoi fho-cheannteidil F.1., B.1. agus B.3., íocadh €38.901 milliún, a bhí maoinithe i bpáirt ag an gCrannchur Náisiúnta, le tionscnóirí faoi chláir áirithe. Tugtar achoimre thíos ar na réimsí cláir atá i gceist agus ar na suimeanna a íocadh. Tá liosta iomlán ar fáil ar láithreán gréasáin na Roinne (www.pobail.ie).

Fo-mhírchinn maoinithe go páirteach ag an gCrannchur Náisiúnta – Íocaíochtaí sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009

Fotheideal		2009 €000	2008 €000
F.1.	Íocaíocht le Ciste na Gaeilge	5,837	5,184
B.1.	Deontais do Sheirbhísí Pobail agus Deonacha	11,220	12,229
B.3.	Cláir Forbartha Áitiúla agus Pobail	21,844	25,863
		38,901	43,276

6.2 Nithe a Díscríobhadh

Díscríobhadh €22,059 mar chaiteachas tionscadail neamh-incháilithe faoin gClár PEACE II. Fuarthas ceadú cuí ón Roinn Airgeadais.

6.3 Maoiniú ón AE

I measc torthaí na bhFo-mhírcheann D.5., E.7., E.9. agus G.3., tá caiteachas bainteach le gníomhaíochtaí cómhaoinithe as cistí an AE.

Ba iad seo a leanas na meastacháin ar chaiteachas agus na torthaí iarbhíre:

Cur Síos ar an bhFotheideal		2009 Meastachán €000	2009 Caiteachas €000	2008 Caiteachas €000
D.5.	LEADER – Fo-Chlár Geilleagair Thuaithe (2007 - 2013)	27,000	20,943	1,351
-	*LEADER Clár Náisiúnta Forbartha Tuaithe 2000 - 2006*	—	—	10,518
E.7.	Údarás na Gaeltachta - Riarachán	11,800	11,800	13,881
E.9.	Údarás na Gaeltachta - Deontais do Thionscail agus Caiteachas Caipitil ar Fhoirgnimh	19,650	21,650	25,500
G.3.	An Clár um Síocháin agus Athmhuintearas/INTERREG	1,772	1,956	11,201
		60,222	56,349	62,451

- Fo-cheannteideal scortha in 2009.

6.4 Eile

Áirítear leis an gCuntas seo íocaíocht théarfa de €54,952 a d'éirigh as feidhmeanna Fhoireann na Straitéise Náisiúnta um Dhrugaí a bheith curtha faoi choimirce Oifig an Aire um Dhrugaí. Rinneadh an íocaíocht seo laistigh de théarmaí cheadú na Roinne Airgeadais.

Mar atá comhaontaithe leis an Roinn Airgeadais faoin Scéim Buiséid Riartha Leithroinnte, tá €200,000 a tugadh anonn san áireamh sa Mheastachán do 2010.

7 Ráiteas maidir le hIasachtaí do Thithíocht Ghaeltachta

Iasachtaí a eisíodh maidir le tithíocht Ghaeltachta faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht) 1929 go 2001 agus aisíocaíochtaí de:

	€000	2009 €000	2008 €000
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir		233	252
Coigeartuithe na Bliana Roimhe seo [1]	64	—	8
Ús Pionósach Bliantúil a Fabhraíodh	4	68	—
Díscríobh Iasachtaí [2]		(6)	(1)
		295	259
Aisíocaíochtaí			
Príomhshuim	(12)		(16)
Iasachtaí	(6)		(9)
Ús Pionósach	(1)		
		(19)	(1)
Iarmhéid Tosaigh ag 31 Nollaig		276	233

[1] Ús Pionósach fabhraithe de €64,000 arna ríomh mar atá an 31/12/2008.

[2] Baineann sé le hiasachtaí a díscríobhadh laistigh de théarmaí cheadú na Roinne Airgeadais.

Vóta 28: Gnóthaí Eachtracha

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 28, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 ar thuarastail agus caiteachais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha, agus ar sheirbhísí áirithe arna riaradh ag an Oifig sin, lena n-áirítear deontais i gcabhair agus Ranníocaíochtaí le hEagraíochtaí Idirnáisiúnta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2009, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2009, lena n-áirtear an tsuim a d'fhéadfaí a usaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na notaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeanácha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

De bharr tréithe uathúla bhailiúchán an Ghailearaí, tá sé indéanta luacháil ceart a dhéanamh.
Dá bharr sin níl aon luachanna san áireamh sa chuntas seo i leith an bhailiúcháin.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcorás um rialú inmheánach airgeadais atá I bhfeidhm sa An Gailearaí Náisiúnta.

Mar chuid den phróiseas bainistithe riosca, tá clár riosca an Ghailearaí tugtha cothrom le dáta agus bainistíonn sé a rioscaí trí Fhóram Bainistithe Riosca.

Déantar athbhreithniú ar bhonn leanúnach ar éifeachtacht gineáralta na rialaithe airgeadais agus riaracháin an Ghailearaí agus a ghéileadh le sár-chleachtais an Rialaithe Chorparáidigh trí obair na feidhme Iniúchta Inmheanaigh agus an Coiste Iniúchta agus Riosca.

RAYMOND KEAVENEY
Oifigeach Cuntasaíochta
An Gailearaí Náisiúnta
31 Marta 2010

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar an nGhaileraí Náisiúnta na hÉireann le haghaidh 2009 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Gaileraí Náisiúnta na hÉireann. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
31 Lúnasa 2010

Vóta 33 An Gailearaí Náisiúnta
Cuntas Leithreasa 2009

Seirbhís		2009 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
		€000	€000	€000
Riarachán				
A.1.	Tuarastail, pá agus liúntais	6,444	6,125	6,262
A.2.	Taisteal agus cothú	42	45	50
A.3.	Costais theagmhasacha	994	1,148	1,585
A.4.	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	160	160	156
A.5.	Fearais oifige agus soláthairtí eile oifige	392	497	397
A.6.	Costais áitreabh oifige	1,075	718	1,014
A.7.	Seirbhísí comhairleoireachta	81	167	301
Seirbhísí eile				
B.	Ciste Deontas-i-gcabhair le haghaidh sealbhuithe agus caomhnaithe	2,000	2,000	2,659
C.	Comhaltacht Íosánach An Gailearaí Náisúnta (Deontas-i-gcabhair)	43	43	43
	Olliomlán	**11,231**	**10,903**	**12,467**
	Bain de:			
D.	**Leithreasaí I gcabhair**	**297**	**263**	**12**
	Glaniomlán	**10,934**	**10,640**	**12,455**
	Farasbarr le tabhairt suas		**€294,448**	**€155,391**

Nótaí

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúchain 2009

	Nóta	€000	2009 €000	2008 €000
Caiteachas ar riarachán			8,860	9,765
Caiteachas ar sheirchísí agus ar chláir			2,043	2,702
Olliomlán			10,903	12,467
Bain de				
Leithreasaí I gcabhair			263	12
Glaniomlán			10,640	12,455
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil				
Ceannacháin		(376)		
Dímheas		267		
Faltais ó dhiúscairtí		—		
Brabus/caillteanas ar dhiúscairtí		—		
			(109)	107
Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt				
Íocaíochtaí in airgead tirim			114	—
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha				
Laghdú ar fhachraithe deiridh		(78)		
Laghdú ar stoc		1		
			(77)	(197)
Caiteachas díreach			10,568	12,365
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara Measchíosanna	1.1		1,051	1,226
Costas oibriúcháin			11,619	13,591

Nóta: Níl aon taifead ar chíos barúlach i leith fhoirgnimh an Ghailearaí atá faoi úinéireacht Stáit agus á gcothabháil ag an OPW.

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá glanchaiteachas na seirbhísí gaolmhara déanta suas de na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 33 tabhaithe in áit eile.

Vóta		2009 €000	2008 €000
7	Aoisliúntais agus Liúntais Scoir	258	286
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	793	940
		1,051	1,226

2 Ráiteas faoi Shócmhainní agus faoi Dhliteanais ag 31 Nollaig 2009

	Nota	2009 €000	2008 €000
Sócmhainní Caipitil	2.1	767	672
Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt	2.2	18	41
		785	**713**
Sócmhainní Reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	365	318
Stoic	2.4	7	8
Réamhíocaíochtaí		139	105
Ioncam fabhraithe		—	—
Iarmhéideanna eile dochair	2.5	17	13
Iomlán na sócmhainni reatha		528	444
Dliteanais reatha			
Costais fhabhraithe		145	189
Iarmhéideanna eile creidmheasa	2.6	427	320
Glandliteanas don Státchiste	2.7	(45)	11
Iomlán na ndliteanas reatha		527	520
Glansocmhainni reatha		1	(76)
Glansócmhainní		786	637

2.1 Ráiteas faoi Sócmhainní Caipitil

	Trealamh Oifige €000	Troscán agus feistis €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2009	2,016	1,264	3,280
Breiseanna	258	104	362
Diúscairtí	(7)	—	(7)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2009	2,267	1,368	3,635
Dímheas Carntha			
Iarmhéid toscaigh ag 1 Eanáir 2009	1,828	780	2,608
Dímheas don bhliain	157	110	267
Dímheas ar Dhiúscairtí	(7)	—	(7)
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2009	1,978	890	2,868
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2009	289	478	767
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2008	188	484	672

2.2 Raiteas faoi Shócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

	Feidhmchláir Riomhaire in-Tí €000	Trealamh Speisialtóra €000	Iomlain €000
Méideanna tughta ar aghaidh ar 1 Eanáir 2009	41	—	41
Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain	96	18	114
Aistrithe chuig clár sócmhainne	(137)	—	(137)
Méudeabba tughta ar aghaidh ar 31 Nollaig 2009	—	18	18

2.3 Banc agus Airgead tirim ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	579	652
Orduithe íocaíochta gan ioc	(214)	(334)
	365	318

2.4 Stoic ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Stáiseanóireacht	6	6
Ábhair Ghlantóireachta	1	2
	7	8

2.5 Iarmhéideanna eile dochair ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Ilgheithéach	17	13
	17	13

2.6 Iarmhéideanna eile creidmheasa ag 31 Nollaig		**2009** **€000**	**2008** **€000**
Suim atá dlite don Stát			
Deontas-i-gcabhair Le haghaidh Sealbhuithe agus Caomhnaithe	Nóta 6	203	67
Comhaltacht Íosnách an Ghailearaí Náisiúnta Deontas-i-gcabhair	Nóta 6	224	253
		427	320

2.7 Glandliteanas don Státchiste ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Farasbarr le tabhairt suas	294	155
Deontas ón Státchiste nár tarraíngiodh	(339)	(144)
Glandliteanas don Státchiste	(45)	11
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	365	318
Iarmhéideanna eile dochair	17	13
	382	331
Creidiúnaithe		
Iarmhéideanna creidmheasa	(427)	(320)
	(45)	11

2.8 Ceangaltais

Is ionann Stg£375,000 in aghaidh na bliana na ceangaltais ar dhócha a thiocfaidh chun cinn sna blianta amach romhainn. Tagraíonn sé seo do chomhaontú maidir le coinneáil agus gnóthú pictiúr áirithe a bhí ar iasacht roimhe seo.

3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraiodh, agus breis is 25% amach ón tsuim a soláthraíodh.

Fo-theideal	Níos lú/(Níos mo) ná a soláthraíodh €000	Miniu
A.1.	319	Tháinig an coigilteas seo chun cinn de bharr lánchosc earcaíochta sa tSeirbhís Phoiblí.
A.3.	(154)	Costais taistil bhreise a bhaineann le taispeántais.
A.5.	(105)	Tháinig an farasharr seo chun cinn toisc gur ceannaíodh trealamh fótagrafach nua, scanóir leabhar do leabharlann/do sheirbhísí cartlainne agus de bharr costais óstála don suíomh gréasáin nua.
A.6.	357	Tá an coigilteas seo ann mar thoradh ar mhóriniúchadh coigilte fuinnimh gafa de láimh ag an nGailearaí.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair	2009 Measta €000	2009 Réadaithe €000	2008 Réadaithe €000
1.Admhálacha Ilghnéitheacha	1	1	12
2. Pinsin - asbhaint gaolmhar ar luach saothair na seirbhíse poiblí	296	262	—
Iomlán	**297**	**263**	**12**

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2009	2008
Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimsire) ag deireadh n bliana	119	138*

* Áirítear naoi bhfostaí 'fóirthinte na Nollaig'

	2009	2008
	€000	**€000**
Tuarastail agus pá	5,534	5,553
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	14	52
Liúntais eile	4	16
Liúntais le haghaidh ragobair agus tinrimh bhreise	92	130
ÁSPC an Fhostóra	481	511
Pá iomlán	6,125	6,262

5.1 Liúntais agus óicaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteorirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2009	2008
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgais speisialta no dualgas breise	6	—	3,709	30,523
Liúntais eile	51	—	840	—
Ragobair	90	4	12,746	14,330

5.2 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Sa bhgifiúr pá anseo thuas áirítear socraíocht €20,000 a comhaontaíodh faoi choimirce an Bhinse Achomhairc Fostaíochta.

Cuirtear carr ar fáil do Stiúrthóir an Ghailearaí faoina théarmaí fostaíochta.

6 Cuntais Ilghnéithneacha

6.1 Ciste Deontas-i-gCabhair le Haghaidh Sealbhuithe Agus Caomhnaithe

	Ceannach agus Deisiú Pictiúir €000	Caomhnú Saothair Ealaíne €000	Ceannach Leabhair agus Irisleabhair €000	Iomláin €000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2009	1	10	56	67
Deontas-i-gCabhair 2009 (Fo-theideal B.)	1,868	82	50	2,000
Caiteachas 2009	(1,783)	(44)	(37)	(1,864)
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2009	86	48	69	203

6.2 Ciste Deontas-I-gCabhair le Comhaltacht Iosanach an Ghailearaí Náisiúnta

	€000
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2009	253
Deontas-i-gCabhair 2009 (Fo-theideal C.)	43
Caiteachas 2009	(72)
Ollshócmhainní ag 31 Nollaig 2009	224

Vóta 34: Fiontar, Trádáil & Fostaíocht

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 34, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 ar na tuarastail agus na speansais d'Oifig an Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riartha ag an Oifig sin, le haghaidh íocaíochta d'fhóirdheontais áirithe agus chun deontais agus deontas-i-gcabhair a íoc, agus chun deontais áirithe a íoc faoi scéimeanna airgeadteoranta.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2009, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2009, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2008, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta.

SEÁN GORMAN
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn Fiontair Trádála agus Fostaíochta
30 Márta 2010

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig an Aire Fiontar,Trádála agus Fostaíochta le haghaidh 2009 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Fiontar,Trádála agus Nuálaíochta. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntas.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009.

Déanann Caibidilí 29 agus 30 de mo thuarascáil bhliantúil cur síos ar ábhair ar leithligh a chinn mé a bheith tábhachtach agus tuairisc mé orthu de réir Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú),1993.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
7 Meán Fómhair 2010

Vóta 34 Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta
Cuntas Leithreasa 2009

Seirbhís		2009 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
	€000	€000	€000	€000
Riarachán				
A.1. Tuarastail, pá agus liúntais		36,040	36,581	35,567
A.2. Taisteal agus cothú		1,246	1,201	1,572
A.3. Costais theagmhasacha		1,348	838	1,575
A.4. Seirbhísí poist agus teileachumarsáide		840	969	1,244
A.5. Fearais oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí ábhartha eile		4,819	4,682	5,253
A.6. Costais áitreabh oifige		1,566	1,243	1,686
A.7. Seirbhísí comhairleoireachta		155	58	545
A.8. Fógraíocht agus poiblíocht		351	199	249
A.9. Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach		5,535	5,605	4,343
A.10. An Chúirt Oibreachais		3,115	2,726	2,980
A.11. An tÚdarás Náisiúnta um Chearta Fostaíochta		8,731	7,936	9,595
A.12. Athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe		100	18	169
Forbairt Fiontraíochta, Eolaíochta agus Teicneolaíochta				
B.1. Forfás - Deontas do speansais riaracháin agus speansais ghinearálta		36,527	36,527	36,033
B.2. Intertrade Ireland		8,499	8,100	7,735
C.1. GFT Éireann - Deontas do speansais riaracháin agus speansais ghinearálta		41,877	41,877	44,099
C.2. GFT Éireann - Deontais do Thionscail		70,364	65,364	75,120
C.3. GFT Éireann - Deontais d'oibriúcháin foirgnimh		3,230	3,230	3,400
D.1. Fiontraíocht Éireann - Deontas do speansais riaracháin agus speansais ghinearálta		94,476	93,056	100,218

			2009 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
		€000	€000	€000	€000
D.2.	Fiontraíocht Éireann - Deontais do Thionscail				
	Soláthar na bliana reatha	100,146			
	Forghéilleadh Iarchurtha	3,500	103,646	111,646	56,370
D.3.	Fiontraíocht Éireann - Deontas do chaiteachais chaipitil		2,400	2,400	5,400
E.1.	Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne Teoranta Deontas do speansais riaracháin agus speansais ghinearálta		2	—	—
E.2.	Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionainne Teoranta - Deontais do Thionscail		700	700	1,289
F.	Cláir Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta				
	Soláthar na bliana reatha	318,966			
	Forghéilleadh Iarchurtha	6,000	324,966	323,554	309,184
G.	Forbairt Fiontraíochta Contae				
	Soláthar na bliana reatha	27,812			
	Forghéilleadh Iarchurtha	6,000	33,812	34,028	34,179
H.1.	Monatóireacht agus Measúnú ar Chláir an AE		100	19	23
H.2.	Forbairt Fiontraíochta Interreg		2,000	507	—
I.	An tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann Deontas do speansais riaracháin agus do speansais ghinearálta				
	Soláthar na bliana reatha	8,241			
	Forghéilleadh Iarchurtha	326	8,567	8,547	9,237
Forbairt an Fhórsa Saothair					
K.1.	FÁS Deontas do Speansais Riaracháin agus do Speansais Ghinearálta		150,111	150,111	149,754
K.2.	FÁS Tacaíochtaí Traenála agus Tacaíochtaí Comhtháthaithe				
	Bunaidh	108,245			
	Forlíontach	(20,500)	87,745	83,130	98,485
K.3.	FÁS Cláir Fostaíochta		440,669	424,669	434,550
K.4.	FÁS Caipiteal				
	Soláthar na bliana reatha	7,500			
	Forghéilleadh Iarchurtha	2,500	10,000	10,000	28,552
L.1.	Deontas d'Eagraíocht Náisiúnta na hÉireann do Dhaoine Dífhostaithe		52	52	52

			2009 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
Forbairt an Fhórsa Saothair		**€000**	**€000**	**€000**	**€000**
L.2.	Fiontraíocht Éireann - Scéim Shealadach um Fhóirdheontais Fostaíochta				
	Bunaidh	—			
	Forlíontach	20,501	20,501	18,200	—
M.1.	Cláir Feidhmiúcháin d'Fhorbairt Acmhainní Daonna- Cúnamh Teicniúil 1		1,653	874	503
M.2.	Clár Leonardo [1]		140	140	140
-	Tacaíocht Theicniúil do Thionscnaimh an Phobail 2		—	—	496
-	Cistiú Comhfhreagrach do Thionscnaimh an Phobail 2		—	—	40
-	Forbairt Chomhpháirtíochta Cothromaí do Thionscnaimh an Phobail 2		—	—	2,469
Cearta Fostaíochta agus Caidreamh Tionsclaíocha					
N.	An Coimisiún um Chaidreamh Oibreachais - Deontas do speansais riaracháin agus speansais ghinearálta		6,286	5,657	5,921
O.1.	Deontais do Sheirbhísí Oideachais agus Comhairliúcháin Cheardchumainn		1,200	1,200	1,510
O.2.	Cur Chun Cinn Chomhpháirtíochta de Chiste Nuálaíochta sa Láthair Oibre		805	357	418
P.	Cónascadh na gCeardchumann		50	—	10
Tráchtáil, Tomhaltóirí agus Iomaíocht					
Q.	Deontas don Údarás Iomaíochta		5,568	5,381	5,957
R.1.	An Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí - Deontas do speansais riaracháin agus speansais ghinearálta		8,588	6,105	7,587
R.2.	Tacaíocht do Thomhaltóirí		68	68	68
S.1.	Oifig um Chlárúcháin na gCuideachtaí agus Clárlann na gCara-Chumann - Deontas do speansais riaracháin agus speansais ghinearálta		8,912	8,728	9,801
S.2.	Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (deontas-i-gcabhair)		1,532	1,355	1,220

			2009 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
		€000	€000	€000	€000
Sláinte agus Sábháilteacht					
T.	Údarás Sláinte agus Sábháilteachta- Deontas do speansais riaracháin agus speansais ghinearálta		22,638	22,361	23,940
Seirbhísí Eile					
U.	Taighde lena n-áirítear suirbhéanna daonchumhachta		235	98	145
V.	Coiste Creata Náisiúnta do Pholasaithe Cothromaíochta Oibre/Saoil		175	83	153
W.	Suibscríbhinní d'Eagraíochta Idirnáisiúnta, srl.		17,330	17,317	16,189
X.1.	Coimisiúin, Coistí agus Iniúchtaí Speisialta		702	389	523
X.2.	Íocaíochtaí ilghnéitheacha		2,327	1,545	812
X.3.	Aoisliúntais agus Pinsin d'Fhoireann na Cúirte Oibreachais, an Choimisiúin um Chleachtais Shriantacha agus an Údaráis Iomaíochta		708	611	527
X.4.	Árachas Creidmheasa Easpórtála - Aisíoc leis an Státchiste		17	16	59
	Olliomlán				
	Bunaidh	**1,564,697**			
	Forlíontach	**1**			
	Forghéilleadh iarchurtha	**18,326**	**1,583,024**	**1,550,058**	**1,536,946**
Y.	**Bain de Leithreasaí i gcabhair**		**87,310**	**73,253**	**79,638**
	Glaniomlán				
	Bunaidh	**1,477,387**			
	Forlíontach	**1**			
	Forghéilleadh iarchurtha	**18,326**			
			1,495,714	**1,476,805**	**1,457,308**
	Barrachas don Bhliain			**€18,909,020**	**€59,036,998**
	Suim iarchurtha ón mbarrachas atá le tabhairt suas			**€6,440,000**	**€18,326,000**
	Barrachas le Tabhairt Suas			**€12,469,020**	**€40,710,998**

[1] Aicmíodh Clár Feidhmiúcháin d'Fhorbairt Acmhainní Daonna (M1) agus Clár Leonardo (M2) mar M3 agus M4 faoi seach i gcuntais ó bhlianta eile.

[2] Fotheidil nach bhfuil in úsáid:- Tacaíocht Theicniúil do Thionscnaimh(aicmíodh mar M1 roimhe seo); Cistiú Comhfhreagrach do Thionscnaimh an Phobail (aicmíodh mar M2 roimhe seo); Chomhpháirtíochtaí Forbartha do Thionscnaimh Chothroma an Phobail (aicmídodh mar M5 roimhe seo).

Nótaí don Chuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2009

	Nóta	€000	2009 €000	2008 €000
Caiteachas ar riarachán			62,056	64,778
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir			1,488,002	1,472,168
Ollchaiteachas			1,550,058	1,536,946
Bain de				
Leithreasaí i gcabhair			73,253	79,638
Glanchaiteachas			1,476,805	1,457,308
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil				
Ceannacháin in airgead tirim		(1,012)		
Dímheas		2,572		
Caillteanas ar dhiúscairtí		13	1,573	1,956
Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt				
Íocaíochtaí in airgead tirim			(1,323)	(1,054)
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha				
Laghdú ar fhabhraithe deiridh		(2,951)		
Méadú ar stoc		(17)		
			(2,968)	(3,347)
Caiteachas díreach			1,474,087	1,454,863
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara	1.1		26,798	23,165
Measchíosanna			2,996	3,146
Costas Iomlán Oibriúcháin			**1,503,881**	**1,481,174**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is ionann méid an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara agus an méid measta seo a leanas maidir le caiteachas Vóta 34 a thárlaigh in áit eile.

Vóta	2009 €000	2008 €000
7 Aoisliúntais and Liúntais Scoir	17,351	15,115
9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	292	298
10 Oifig na nOibreacha Poiblí	8,515	7,114
20 Garda Síochána	185	188
An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí srl	455	450
	26,798	**23,165**

2 Ráiteas faoi Shócmhainní agus faoi Dhliteanais ag 31 Nollaig 2009

	Nóta	2009 €000	2008 €000
Sócmhainní Caipitil	2.1	8,029	9,180
Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt	2.2	2,168	1,267
		10,197	**10,447**
Sócmhainní Reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	14,056	27,301
Stoic	2.4	351	334
Réamhíocaíochtaí		360	175
Ioncam fabhraithe		2,632	943
Iarmhéideanna eile dochair	2.5	1,899	1,994
Iomlán na Sócmhainní Reatha		**19,298**	**30,747**
Móide Dliteanais Reatha			
Costais fhabhraithe		855	797
Ioncam iarchurtha		3,748	4,883
Iarmhéideanna eile creidmheasa	2.6	6,668	10,728
Glandliteanas don Státchiste	2.7	9,287	18,567
Iomlán na nDliteanas Reatha		**20,558**	**34,975**
Glandliteanais Reatha		**(1,260)**	**(4,228)**
Glansócmhainní		**8,937**	**6,219**

2.1 Shócmhainní Caipitil

	Motar-Fheithiclí €000	Trealamh Oifige & TF €000	Troscán agus Feistis €000	Iomlán €000
Ollsócmhainní				
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2009	14	30,134	7,953	38,101
Breiseanna	—	1,377	57	1,434
Diúscairtí	—	(504)	(110)	(614)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2009	14	31,007	7,900	38,921
Dímheas carntha				
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2009	3	22,253	6,665	28,921
Dímheas don bhliain	3	2,166	403	2,572
Dímheas ar Dhiúscairtí	—	(503)	(98)	(601)
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2009	6	23,916	6,970	30,892
Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2009	**8**	**7,091**	**930**	**8,029**
Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2008	**11**	**7,881**	**1,288**	**9,180**

2.2 Shócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

	Feidhmchláir Ríomhairí Inmheánacha €000
Méid tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2009	1,267
Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain	1,323
Arna aistriú go clár sócmhainní	(422)
Méid tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2009	2,168

2.3 Banc agus Airgead Tirim

ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	15,090	28,921
Orduithe íocaíochta gan íoc	(1,034)	(1,620)
	14,056	27,301

2.4 Stoic

ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Stáiseanóireacht	267	276
Soláthairtí IT	65	41
Ábhair	19	17
	351	334

2.5 Iarmhéideanna eile Dochair ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Réamh-óinchistí	21	21
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	35	35
An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta	7	7
Iarmhéideanna dochair ilghnéithigh	522	573
Caiteachas in-fhorchúitithe	1,314	1,358
	1,899	1,994

2.6 Iarmhéideanna eile Creidmheasa ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Suim atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	120	47
Ranníocaíochtaí aoisliúntais	616	769
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	(101)	(76)
Tobhach Ioncaim	(58)	—
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	177	148
CBL ar Fhálacha laistigh den AE	31	17
	785	905
Cistí an Aontais Eorpaigh	3,257	7,408
Iarmhéideanna creidmheasa ilghnéitheacha	2,626	2,415
	6,668	10,728

2.7 Glandliteanas don Státchiste ag 31 Nollaig 2009	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Farasbarr le tabhairt suas	18,909	59,037
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(9,622)	(40,470)
Glandliteanas don Státchiste	9,287	18,567
Arna léiriú le		
Féichiúnaithe		
Banc agus airgead tirim	14,056	27,301
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	1,899	1,994
	15,955	29,295
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(785)	(905)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(5,883)	(9,823)
	(6,668)	(10,728)
	9,287	18,567

2.8 Ceangaltais

ag 31 Nollaig

Ceangaltais Dhomhanda		2009	2008
		€000	€000
(A)	Soláthair	239	4,213
(B)	Deontais	1,448,960	1,423,106

Ceangaltais chaipitil ilbhliantúla os cionn €6.35m

	Caiteachas a carnadh chomh fada le 31 Nollaig 2008	Caiteachas in 2009	Blianta dar gcionn
	€000	€000	€000
Údarás Forbartha Tionscail na hÉireann	38,000	40,100	170,000
Fiontraíocht Éireann	7,776	12,973	108,751
Forbairt na Sionnaine	—	2,288	18,883
Fondúireacht Eolaíochta Éireann	11,227	20,762	93,007
	57,003	76,123	390,641

2.9 Dliteanais Aibithe

B'ionann dliteanais aibnithe nár scaoileadh ag deireadh na bliana agus €417,322.

3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

Fo-theideal	Níos lú (níos mo) ná a soláthraíodh €000	Míniú
A.3.	510	Tharla an coigilteas mar thoradh ar éifeachtaí a baineadh amach maidir le traenáil foirne, iasacht seomra agus costais chruinnithe gnó.
A.8.	152	Ní raibh aon tionchar ag Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 in 2009, cé gur measadh é. Baineadh amach coigilteas chomh maith ó thaobh chostais fógraíochta de.
A.11.	795	Bhí costais dhlíthiúla An Údaráis Náisiúnta um Chearta Fostaíochta i bhfad níos ísle ná an tsuim mheasta. Baineadh amach coigilteas chomh maith maidir le ceannachán, TF agus líon foirne.
B.2.	399	Tharla an coigilteas mar thoradh ar chorraí maithe i ráta malairte an Euro/Punt Steirling in 2009.
C.2.	5,000	Tharla an coigilteas mar thoradh ar (i) laghdú in éilimh na ndeontas a fuarthas le linn 2009 agus (ii) roinnt iarratais deontais nár chomhlíon go hiomlán coinníollacha íocaíochta chun íocaíochtaí a dhéanamh faoi 31 Nollaig 2009.
D.2.	(8,000)	Fuair Fiontar Éireann cead ón Roinn Airgeadais €8 milliún breise a chaitheamh chun éileamh cliaint a mhaoiniú tríd an gCiste Cóbhsaíochta Fiontair. Fritháirithíodh an caitheamh seo le coigilteas de luach €8 milliún in áit eile ar an Vóta.
H.2.	1,493	Tharla an coigilteas mar thoradh ar ráta níos ísle de cheaduithe tionscnaimh ná mar a measadh.
L.2.	2,301	Bhí líon na bhfiontar a chuir iarratais isteach faoi réir na Scéime Sealadaí um Fhóirdheontais Fostaíochta níos ísle ná mear a measadh. Mar gheall gurbh fhotheideal ó éilimh nua é seo, ba dheacair leibhéal na tarraingthe anuas a rabhthas ag súil leis in 2009 a measadh.
M.1.	779	Níor thosaigh aon tacaíocht eachtrach d'aonad rialaithe airgeadais an CSE go dtí an dara leath de 2009. Cuireadh siar caiteachas arna bheartú maidir le gníomhaíochtaí trasnáisiúnta agus maidir le cumarsáid/go dtí an bhliain 2010.
O.2.	448	Bhí caiteachas níos ísle in 2009 ná mar a measadh mar gheall go raibh roinnt cuideachtaí ,ar ceadaíodh maoiniú dóibh faoi bhun an Chiste um Thionscnamh san Ionad Oibre, ag iarchur a bpleananna chun gníomhaíocht tionscadail a chur i bhfeidhm in 2009.
R.1.	2,483	Baineadh amach coigilteas san fhógraíocht, táillí gairmiúla agus coigilteas riaracháin eile agus tríd an mbac earcaíochta ar feitheamh ar shoiléiriú maidir leis an struchtúr institiúideach den chónasc molta idir an tÚdarás Iomaíochta agus an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí.
S.2.	177	Bhí an coigilteas san Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann inchurtha le folúntais foirne.
U	137	I gcomhréir le cinneadh an Rialtais maidir le caiteachas ar chomhairleoirí a laghdú, bhí caiteachas san fhotheideal seo níos ísle.
X.1.	313	Bhí an coigilteas mar thoradh ar éifeachtaí éagsúla riaracháin agus ar obair a cuireadh i sceideal 2010.
X.2.	782	Go príomha tharla an coigilteas mar thoradh ar chostais dhlíthiúla nár mhéadaigh mar a measadh. Réadaíodh roinnt coigiltis riaracháin chomh maith.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí i gcabhair	2009 Measta €000	2009 Réadaithe €000	2008 Réadaithe €000
1. Fáltais ón gCiste Árachais Shóisialaigh faoi réir Alt 56 den Acht um Íocaíochtaí Iomarcaíochta , 1967 (Binse Achomhairc Fostaíochta).	1,981	3,413	1,894
2. Táillí Chead Oibre	9,300	4,601	5,961
3. Ceadúnais Ghníomhaireachtaí Fostaíochta	250	213	289
4. An Oifig um Chlárú Cuideachtaí & Cláraitheoir na gCara-Chumann	22,669	22,648	2,098
5. Fáltais faoi Acht na dTrádmharcanna, 1963 agus faoi Acht na bPaitinní, 1964	8,600	8,878	10,191
6. Ceadúnais Chorr Trádála (an tÚdarás Iomaíochta)	10	10	9
7. Creidmheas Tomhaltais na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí	641	439	641
8. Fógrúchán Cumasc	256	208	328
9. Íocaíocht FÁS	3,000	3,953	3,785
10. Ciste Sóisialta na hEorpa	21,499	8,332	24,331
11. Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach - Dlíthiúil	100	17	139
12. Forbairt Fiontair Contae	80	99	570
13 An tÚdarás Iomaíochta - Fáltais	—	95	—
14. Beartas Fiontair (InterTrade Éireann)	27	77	44
15. Aisíocaíochta d'Údarás Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann	188	261	236
16. Aoisliúntas PIAB	900	1,404	925
17. Aoisliúntas den Údarás Sláinte agus Sábháilteachta*	400	509	—
18. Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí.	17,309	16,890	—
19. Ilghnéitheach*	100	1,206	1,197
Iomlán	**87,310**	**73,253**	**79,638**

*B'ionann an méid réadaithe in 2008 maidir le hAisíoc an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta agus €1,009,272. Cuirtear é seo san áireamh san fhigiúr ilghnéitheach sa Chuntas Leithreasa 2008.

Míniú ar athrúcháin shuntasacha

Tugtar míniú thíos i gcás gach fotheidil i gcás go raibh an toradh éagsúil leis an tsuim a réamh-mheasadh de níos mó ná €100,000, agus breis is 5%.

Teidea l	Níos lú/(níos mó) ná an tsuim €000	Míniú
1.	(1,432)	Tá an barrachas os cionn na suime measta inchurtha leis an méadú i líon na mball foirne atá ag déanamh éilimh maidir le hiomarcaíocht agus le dócmhainneacht, a bhfuil a gcuid costais inghnóthaithe ón gCiste Árachais Shóisialaigh.
2.	4,699	Tá an laghdú i bhfáltais na dtáillí Chead Oibre inchurtha leis an titim i líon na gceadúnas nua agus athnua a bhfuil táillí ag gabháil leo atá á n-eisiúint.
7.	202	Tá páirt ag formhór na n-idirghábhálaí creidmheasa sa trádáil mótair. Is í an crapadh i ndíolacháin carr in 2009 an phríomhchúis leis an athrúchán idir an t-ioncam measta agus an t-ioncam iarbhír.
9.	(953)	Baineann an t-earra seo le ranníocaíochtaí pinsin 'íoctar mar a úsáidtear maidir leis an bhfoireann i FÁS nach bhfuil páirt de scéim phinsin dhúnta (sé sin ANCO roimhe seo). Léiríonn an t-ioncam barrachais méid atá níos mó ná an tsuim mheasta de ranníocaíochtaí pinsin agus chuir an t-am de scoir aonair agus athruithe foirne san eagraíocht leis seo.
10.	13,167	Níor cuireadh éileamh d'íocaíocht an CSE faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh in 2009, cé gur measadh é sin, ar feitheamh a chur i bhfeidhm. Ceaptar go gcuirfear an t-éileamh isteach in 2010.
13.	(95)	Léiríonn na fáltais na costais dhlíthiúla a bronnadh ar an Údarás Iomaíochta nár tuaradh roimh ré.
16.	(504)	Baineann an t-earra seo le ranníocaíochtaí pinsin don fhoireann i mBord Measúnaithe Díobhálacha Pearsanta (PIAB). Ganniontráladh réamhaisnéís na bhfáltas do 2009.
17.	(109)	Baineann an t-earra seo le ranníocaíochtaí pinsin d'fhoireann an Údaráis Sláinte & Sábháilteachta. Ganniontráladh réamhaisnéís na bhfáltas do 2009.
19.	(1,106)	Tá an t-athrúchán go mór mór incurtha leis aisíoc mBord Fiontair Chontae agus Chathrach i Nollaig 2009 d'airgead deontais nár úsáideadh.

4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

	Measta €	Réadaithe €
Creidmheas Easpórtála - Gnóthú ón Iaráic	500,000	319,173
UFT Éireann - Fáltais do Tionscnaimh Idir-Naisc.	—	104,996
UFT Éireann - Barrachas ioncaim féin-acmhainne	—	1,444,000
UFT Éireann - Aisíocaíochtaí deontais	2,282,000	2,282,000
Fiontar Éireann - Barrachas ioncaim féin-acmhainne - Reatha (D1, D2, F)	71,000	1,176,319
Fiontar Éireann - Barrachas ioncaim féin-acmhainne - Caipiteal (D2, D3, G)	471,000	2,979,524
Fiontar Éireann - Aisíocaíochtaí deontais - Caipiteal (F)	1,000	733,655
Forfas - Barrachas ioncaim féin-acmhainne	—	332,000
FÁS - Díolachán na Sócmhainní *	22,000,000	—
Pá a thabhairt suas go deonach	—	106,166
Ilghnéitheach	31,000	92,166
	25,356,000	9,569,999

*Léiríodh go mícheart i Meastacháin Athbhreithnithe don Seirbhís Phoiblí meastachán do Fás - Díol Sócmhainní (€22,000) mar €22,000,000.

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2009	2008
Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimseartha) ag deireadh na bliana	912	995
	€000	**€000**
Pá	47,741	46,383
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	899	953
Liúntais eile	410	383
Ragobair	793	1,220
ÁSPC an Fhostóra	2,633	2,659
Pá iomlán	**52,476**	**51,598**

Nóta: Tá pá iomlán de €52,476 á mhuirear chuig fotheidil A.1, A.9, A.10, A.11, A.12, M.1 and S.1.

5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2009	2008
			€	€
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	146	9	21,699	19,851
Liúntais eile	244	6	46,458	36,989
Ragobair	269	22	26,908	30,818

Nóta: Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

5.2 Íocaíochtaí Feidhmíochta agus Fiúntais

Níor íocadh aon dámhachtainí fiúntais in 2009.

Íocadh dearbhán de luach €250 do bhuaiteoir an chomórtais ainmnithe do Scéim nua um Moltaí Foirne.

6 Míreanna Ilghnéitheacha

6.1 Maoiniú ón AE

Tá suim de €8,331,595 a fuarthas ó Chiste Sóisialta na hEorpa agus a thaispeántar mar leithreas-i-gcabhair, san áireamh sa chaiteachas a taifeadadh d'fhocheannteidil: - K.2. agus M.1.

I dteannta na deontais ón Vóta, fuair na comhlachtaí seo a leanas, faoi choimirce na Ranna, cúnamh díreach ón AE in 2009 mar a thaispeántar thíos:

Fotheideal	Cur Síos	2009			2008
		ERDF	Eile	Iomlán	Iomlán
		€	€	€	€
E.2.	SFADCo	71,985	39,116	111,101	967,141
F	Fondúireacht Eolaíochta	—	109,173	109,173	—
I.1.	Údarás Sláinte & Sábháilteachta	—	—	—	31,392
K.1.	FÁS	—	867,638	867,638	928,234
M.2.	Clár Leonardo	—	1,008,785	1,008,785	—
	Iomlán	**71,985**	**2,024,712**	**2,096,697**	**1,926,767**

6.2 Coimisiúin agus Fiosrúcháin

	Bliain arna cheaptha	2009	2008
		€	€
Coiste Creata Náisiúnta do Pholasaithe Cothromaíochta Oibre/Saoil	2004	83,048	153,194
Comhchoiste Oibreachais	1946	76,167	84,764
Fiosrúcháin Um Dhlí na gCuideacthaí	1994	72,642	49,881
Grúpa Athbhreithnithe um Dlí na gCuideachctaí	2000	24,919	52,535
Grúpa ar Rialúchán Gnó	2006	7,918	36,292
Sábháilteacht san Ionad Oibre	2002	200,000	295,450
Coiste Iniúchta na Ranna	2004	2,049	4,598
Grúpa Athbhreithnithe Dlí ar Dhíolachán	2009	5,157	—
Iomlán		**471,900**	**676,714**

6.3 Ilghnéitheach

Faoi bhun na bhforálacha d'alt 91 den Acht Airgeadais, tugtar ar aghaidh €6,440,000 de leithdháiltí (nár caitheadh) den fhachtóir chaipitil de fotheidil C.2. agus H.2., go dtí 2010 mar an tsuim a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

Thug an Roinn Airgeadais cead i Meán Fómhair 2009 suim de €319,802 a dhíscríobh, a gearradh ar an Vóta i mblianta roimhe sin i leith íocaíochtaí chuig clár faoi ThionscnamhPobail EQUAL. Tá an tsuim a bhí i gceist measta a bheith do-aisghabhála.

6.4 Íocaíochtaí Ilghnéitheacha

Tobhach Fostaíochta agus Oiliúna - Ráiteas íocaíochtaí a rinneadh i gcomhréir Alt 25(1) d'Acht um Sheirbhísí Saothair, 1987

	Iomlán don bhliain dá críoch 31 Nollaig 2009 €	Caiteachas a carnadh chomh fada le 31 Nollaig 2009 €	Iomlán don bhliain dá críoch 31 Nollaig 2008 €
Méid a fuair an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta	1,344,089	30,194,512	997,269
Méid a d'íoc an tAire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta isteach sa Státchiste [1]	1,309,374	30,194,512	1,031,984

[1] B'ionann an méid ar íocadh leis an Státchiste i Nollaig 2008 maidir leis an bhliain sin agus €34,715 ach ní bhfuair an Roinn seo é go dtí Eanáir 2009.

Vóta 35: Ealaíona, Spórt agus Turasóireacht

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 35, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009, le haghaidh thuarstail agus chostais Oifig an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta, lena n-áirítear seirbhísí áirithe atá faoi riaradh na hOifige sin, agus d'íocaíocht fóirdheontas, deontas agus deontais-i-gcabhair áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2009, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2009, as leithreasaí neamhchaite a bhain le 2008, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir leis an tsuim a bheidh le tabhairt suas a iarchur.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú, seachas i gcás an mhéid seo a leanas:

Dímheas

Déantar sócmhainní caipitil a dhímheas ar bhonn líne dírigh thar a saol úsáideach measta ag tosú sa mhí ina chuirtear an t-sócmhainn i bhfeidhm.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, ta ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm sa Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Tá rialuithe, lena n-áirítear próiseas cigireachta, i bhfeidhm chun a chinntiú go n-úsáidtear deontais a bhronntar faoin gClár Caipitil Spóirt mar ba chóir. Maidir leis sin, léirigh tuarascáil ar úsáid an mhaoinithe deontais a íocadh in 2006 go bhfuil ceisteanna tagtha chun solais maidir le conas a chur deonaí faoi leith maoiniú caipitil a soláthraíodh dóibh i bhfeidhm. Beidh tuarascáil dheiridh an Aonaid Iniúchta Inmheánaigh réidh faoi dheireadh Mheán Fómhair.

CON HAUGH
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Ealaíon Spóirt agus Turasóireachta
11 Meitheamh 2010

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig an Aire Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta le haghaidh 2009 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir agus Spóirt. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
7 Meán Fómhair 2010

Vóta An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta
Cuntais Leithreasa 2009

Seirbhís		2009 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
	€000	€000	€000	€000
Riarachán				
A.1. Tuarastail, pá agus liúntais		10,361	10,062	10,662
A.2. Taisteal agus cothú		316	220	340
A.3. Costais theagmhasacha		450	178	279
A.4. Seirbhísí poist agus teileachumarsáide		560	256	420
A.5. Fearais oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí gaolmhara		915	382	443
A.6. Costais áitreabh oifige		609	335	365
A.7. Seirbhísí comhairleoireachta		80	77	224
A.8. Fógraíocht agus Poiblíocht		41	12	64
A.9. Athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe		10	10	22
Seirbhísí Turasóireachta				
B.1. Fáilte Ireland - (deontas i gcabhair)		78,687	76,694	82,594
B.2. Turasóireacht Éireann Teoranta - Deontas le haghaidh riaracháin agus costais ghinerálta		19,400	18,970	19,954
B.3. Cuideachta Forbartha Aerfort Neamhchustaim na Sionna Teoranta - (forbairt turasóireachta) (deontas-i-gcabhair)		832	832	865
B.4. Ciste Margaíochta Turasóireachta (Ciste deontas-i-gcabhair)		47,250	47,250	50,000
B.5. Forbairt táirge turasóireachta (deontas-i-gcabhair)		7,111	5,611	14,800
Seirbhísí Spóirt agus Caitheamh Aimsire				
C.1. Deontas le haghaigh comhlachtaí spóirt agus soláthar áiseanna spóirt agus caitheamh aimsire (páirtmaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)		56,000	58,738	60,137
C.2. Deontas le haghaigh soláthar agus athchóiriú linnte snámha		12,400	11,670	20,448
C.3. Comhairle Spóirt na hÉireann (deontas-i-gcabhair) (páirtmaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)		51,689	51,677	57,182

Seirbhís		2009 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
	€000	€000	€000	€000
C.5. Bóthar Lansdowne		1,500	1,500	115,999
C.6. An Ciste Rásaíochta Capall agus Cúnna		68,128	68,128	76,286
C.7. Deontas chun cabhrú le spórt i gceantair faoi mhíbhuntáiste (Cistí Díomhaoine arna maoiniú)		1,304	1,304	874
Ealaíon agus Cultúr				
D.1. Íocaíochtaí comhchéimneacha le hacmhainní a ghintear ag an gCartlann Náisiúnta		66	52	41
D.2. Liúntais Ghinearálta an gCartlann Náisiúnta General expenses of the National Archives agus Comhairle Comhairliúcháin an gCartlann Náisiúnta		1,821	1,813	2,153
D.3. Costais Ghinearálta Áras Nua-Ealaíne na hÉireann Leabharlann Chester Beatty, An Cheolárais Náisiúnta agus An Gailearaí Crawford (deontas-i-gcabhair)		15,646	15,631	17,763
D.4. Tionscadail Chultúrtha		5,320	5,317	6,974
D.5. Bonneagar Chultúrtha		19,847	17,842	32,921
D.6. Cultúr Éireann		4,553	4,550	4,748
D.7. An Chomhairle Ealaíon (páirtmaoinithe as an gCrannchur Náisiúnta) (deontas-i-gcabhair)		73,350	73,350	81,620
D.8. Costais Ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann (deontas-i-		15,415	15,415	19,017
D.9. Costais Ghinratálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann (deontas-i-gcabhair)		10,742	10,742	11,875
D.10. Bord Scannán na hÉireann (deontas-i-gcabhair)				
Soláthar na bliana reatha	20,340			
Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas	1,500			
		21,840	21,840	23,189
An Mór-Iomlán				
Soláthar na bliana reatha	529,141			
Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas	1,500			
		530,641	**526,855**	**718,762**

Ealaíon agus Cultúr		2009 Suim Soláthraithe sa Mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
	€000	€000	€000	€000
E. **Bain de Leithreasaí-i-gcabhair**		**5,065**	**4,810**	**1,522**
An Glan-Iomlán				
Bunfhoinse	524,076			
Suim iarchurtha ón bhfarasbarr atá le tabhairt suas	1,500	**525,576**	**522,045**	**717,240**
Farasbarr don bhliain			**€3,531,481**	**€8,103,023**
Le Tabhairt Suas			**—**	**€1,500,000**
Farasbar le tabha			**€3,531,481**	**€6,603,023**

Nótaí maidir le Cuntais Leithreasa

1 Ráiteas Chostas Oibriúchaín do 2009

	Note	€000	2009 €000	2008 €000
Caiteachas ar riarachán			11,532	12,819
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir			515,323	705,943
An t-Móriomlán			526,855	718,762
Bain de				
Leithreasaí i gcabhair			(4,810)	(1,522)
An Glan-iomlán			522,045	717,240
Athruithe maidir le sómhainní caipitil				
Ceannacháin		(683)		
Dímheas		597		
Caillteanas ar dhiúscairtí		25		
			(61)	94
Athruithe i nglanshócmhainní reatha				
Laghdú ar fhabhraithe deiridh		(640)		(5,048)
Laghdú i stoic		10		18
			(630)	
Caiteachas díreach			521,354	712,304
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara	1.1		13,638	13,702
Measchíosanna			6,979	6,526
Costais oibriúcháin iomlán			**541,971**	**732,532**

1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an glanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara déanta suas den na méid méasta seo a leanas maidir le Vóta 35 iompartha in áit eile

Vóta	2009 €000	2008 €000
7. Aoisliúntais and Liúntais Scoir	6,400	6,620
10. Oifig na n-Oibreacha Poiblí	6,579	6,359
19. Dlí, Comhionannais agus Athchóiriú Dlí	388	435
20. An Garda Síochána	171	189
An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí srl (Uimh. 38 de 1938, srl)	100	99
	13,638	**13,702**

2 Ráiteas faoi Shóchainní agus Dhliteanais ag 31 Nollaig 2009

	Nóta	2009 €000	2008 €000
Sóchmhainní Caipitil	2.1	3,187	2,733
		3,187	**2,733**
Sóchmhainní Reatha			
Banc agus airgead tirim	2.2	1,334	2,884
Stoic	2.3	38	48
Réamhíocaíochtaí		79	63
Ioncam fabhraithe		244	52
Iarmhéideanna eile dochair	2.4	173	70
Iomlán na Sóchmhainní Reatha		**1,868**	**3,117**
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais Fhabhraithe		239	671
Iarmhéideanna eile creidmheasa	2.6	1,061	1,313
Glandliteanas don Státchiste	2.7	446	1,641
Iomlán Dliteanais Reatha		**1,746**	**3,625**
Glansóchmhainní Reatha		**122**	**(508)**
Glansóchmhainní		**3,309**	**2,225**

2.1 Shóchmhainní Caipitil

	Trealamh Oifige €000	Troscán agus feistis €000	Iomláin €000
Sóchmhainní móriomlán			
Costas nó Luacháil ag 1 Eanáir 2009	3,479	4,582	8,061
Coigeartú ar fhigiúirí deiridh 2008*	—	329	329
Breiseanna	245	503	748
Diúscairtí	(603)	(32)	(635)
Costas nó Luacháil ag 31 Nollaig 2009	3,121	5,382	8,503
Dímheas Carntha			
Iarmhéid Tosaigh ag 1 Eanáir 2009	2,505	2,823	5,328
Coigeartú ar fhigiúirí deiridh 2008*	—	1	1
Dímheas don Bhliain	394	203	597
Dímheas ar Dhiúscairtí	(585)	(25)	(610)
Dímheas Carnach ag 31 Nollaig 2009	2,314	3,002	5,316
Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2009	**807**	**2,380**	**3,187**
Glanshócmhainní ag 31 Nollaig 2008	**974**	**1,759**	**2,733**

Nóta: Tháinig an coigeartú ar na hiarmhéideanna tosaigh chun cinn tar éis athbhreithniú a rinneadh ar chlár sócmhainní na Roinne.

2.2 Banc agus Airgead Tirim ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	1,433	3,068
Orduithe íocaíochta gan íoc	(99)	(184)
	1,334	2,884

2.3 Stoic ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Stáiseanóireacht	20	28
Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise	18	19
Foilseacháin	—	1
	38	48

2.4 Iarmhéideanna eile dochair ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
OOP	—	21
Míreanna eile atá ar fionraí	173	49
	173	70

2.5 Iarmhéideanna eile creidmheasa ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Suimeanna dlite don Stát		
Cáin Ioncaim	177	116
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa	82	132
Seirbhísí Gairmiúla Cáin Siarchoinneála	21	15
Cáin bhreisluacha	45	109
Pinsin	10	9
	335	381
Cuntais Fionraí eile	104	205
Ciste Tiomnachta Crowley	622	727
	1,061	**1,313**

2.6 Glandliteanas don Státchiste

ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Farasbarr le tabhairt suas	3,531	8,103
Deontas ón státchiste nár tarraingíodh	(3,085)	(6,462)
Glandliteanas don Státchiste	446	1,641
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Banc agus Airgead Tirim	1,334	2,884
Iarmhéideanna dochair: fionraí	173	70
	1,507	2,954
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(335)	(381)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(726)	(932)
	(1,061)	(1,313)
	446	1,641

2.7 Ceangaltais

ag 31 Nollaig	€000	€000
Ceangaltais Domhanda		
Ceangaltais ar dhócha iad a bheith le tabhú sna blianta romhainn le haghaidh:-		
Fomhírchinn deontais	*7,061*	*1,261*

	Caiteachas 2002 - 2008	Caiteachas go dtí 2009	Blianta ina dhiaidh sin	Costas Iomlán
Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla				
Cengaltais faoi Scéimeanna Deontais Caipitil	443,821	58,738	117,263	619,822
Deontais Áiseanna Spórt & Caitheamh Aimsire	115,576	11,670	5,932	133,178
Clár Linnte Snámha na nÚdarás Áitiúla	48,412	12,173	29,379	89,964
ACCESS (deontais forbairt chultúrtha)	80,368	5,122	11,761	97,251
Tionscnaimh Chaipitil Ealaíon eile	184,229	1,500	4,500	190,229
Athfhorbairt Bóthar Lansdowne				
***Lánscoradh an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta ar 1 Iúil 2009 agus comhtháthaíodh a feidhmeanna agus a foireann le Rannóg Cuimsithe Shóisialta na Roinne.

Nótaí ag gabháil leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2009

	Nóta	€000	2009 €000	2008 €000
Caiteachas ar riarachán			374,523	362,109
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir			10,503,029	9,155,982
Olliomlán			10,877,552	9,518,091
Bain de				
Leithreasaí-i-gcabhair			219,040	190,051
Glaniomlán			10,658,512	9,328,040
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil				
Ceannacháin		(9,204)		(12,891)
Dímheas		15,837		15,055
Caillteanas ar dhiúscairtí		13	6,646	111
Athruithe maidir le sócmhainní atá á				
Íocaíochtaí in airgead tirim			(17,325)	(12,777)
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha				
Laghdú ar fhabhraithe deiridh		(1,588)		1,411
Méadú ar stoc		(323)	(1,911)	83
Caiteachas díreach			10,645,922	9,319,032
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara	1.1		36,637	28,555
Measchíosanna			16,458	17,409
Costas oibriúcháin iomlán			10,699,017	9,364,996

1.1 Glanseirbhísí Gaolmhara

Cuimsíonn méid chaiteachas na nglanseirbhísí gaolmhara na méideanna measta seo a leanas maidir le Vóta 38 a íocadh in áiteanna eile

Vóta		2009 €000	2008 €000
7	Aoisliúntas agus Liúntais Scoir	27,950	19,771
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	8,453	8,537
20	An Garda Síochána	176	190
	An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí srl.	58	57
		36,637	28,555

2 Ráiteas faoi Shócmhainní agus faoi Dhliteanais amhail ag 31 Nollaig 2009

	Nóta	2009 €000	2008 €000
Sócmhainní Caipitil	2.1	50,843	55,147
Sócmhainní atá á bhForbairt	2.2	27,659	12,623
		78,502	67,770
Sócmhainní Reatha			
Banc agus airgead tirim	2.3	48,950	15,902
Stoic	2.4	1,739	1,416
Réamhíocaíochtaí		2,332	2,418
Ioncam fabhraithe		7	—
Iarmhéideanna eile dochair	2.5	12,033	3,154
Glandliteanas ó/(don) Státchiste	2.7	23,855	(93,785)
Iomlán na Sócmhainní Reatha		88,916	(70,895)
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais fhabhraithe		15,798	17,474
Iarmhéideanna eile creidmheasa	2.6	84,838	(74,729)
Iomlán na nDliteanas Reatha		100,636	(57,255)
Glandliteanais Reatha		(11,720)	(13,640)
Glansócmhainní		66,782	54,130

2.1 Shócmhainní Caipitil

	Trealamh Oifige	Troscán agus Feistis	Iomlán
	€000	€000	€000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2009	220,348	27,865	248,213
Aistriú [1]	273	169	442
Breiseanna	9,774	1,709	11,483
Diúscairtí	(214)	(164)	(378)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2009	230,181	29,579	259,760
Dímheas Carntha			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2009	173,122	19,944	193,066
Dímheas ar aistriú	225	154	379
Dímheas don bhliain	14,078	1,759	15,837
Dímheas ar dhiúscairtí	(209)	(156)	(365)
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2009	187,216	21,701	208,917
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2009	42,965	7,878	50,843
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2008	47,226	7,921	55,147

[1]Tar éis díscaoilte an Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine ar 1 Iúil 2009 agus comhtháthú a cuid feidhmeanna agus foirne chuig Rannán Cuimsithe Shóisialta na Roinne, aistríodh sócmhainní seasta le luach ag costas de €441,013 chuig an Roinn.

Aistríodh sócmhainn seasta le luach ag costas de €1,068 ón Údarás Clárúcháin Maoine chuig an bPríomh-Oifig Clárúcháin i Meitheamh 2009

2.2 Shócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

	Ríomhchláir Intí
	€000
Méideanna tugtha ar aghaidh ag 1 Eanáir 2009	12,623
Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain	17,325
Aistrithe go dtí clár na sócmhainní	(2,289)
Méideanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2009	27,659

Tabhair faoi deara: Ní chuimsíonn íocaíochtaí airgid thirim bogearraí a fhorbraítear go hinmheánach agus a fhorbraítear go hiomlán i rith chúrsa na bliana.

2.3 Banc agus Airgead Tirim ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Iarmhéid An Post[1]	237,972	91,369
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	(184,273)	(70,314)
Orduithe íocaíochta gan íoc	(4,749)	(5,153)
	48,950	15,902

2.4 Stoic ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Stáiseanóireacht	1,726	1,372
Ábhar inchaite Teicneolaíochta Faisnéise	13	44
	1,739	1,416

2.5 Iarmhéideanna Eile Dochair ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Airleacain do An Post do chaiteachas postais	885	1,092
Airleacain do OOP do throscán oifige agus obair leitreach	808	220
Míreanna eile dochair atá ar fionraí	10,212	1,753
Caiteachas eile is réidir a aisghabháil	128	89
	12,033	3,154

[1]Mar a socraíodh le An Post, déanann Vóta 38 agus an Ciste Árachais Shóisialaigh (CÁS) íocaíochtaí roimh ré le An Post le híoc as caiteachas scéime. Ar 31 Nollaig 2009, bhí iarmhéid cláraithe €237.9 milliún ag Vóta 38 a íocadh le An Post agus bhí iarmhéid cláraithe €69.6 milliún ag an CÁS a bhí dlite do An Post. Is é an glanmhéid comhcheangailte a bhí á choinneáil ag An Post do Vóta 38 agus don CÁS ná €168.3 milliún.

2.6 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa ag 31 Nollaig	**Nóta**	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Méideanna dlite don Stát			
Cáin Ioncaim		2,083	2,141
Ranníocaíochtaí Aoisliúntais		368	306
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa		1,811	1,230
Cáin Bhreisluacha Interstat		49	32
Cáin Shiarchoinneálach		1,798	483
Fáltais bhreise atá le híoc leis an Státchiste		75	33
		6,184	4,225
Asbhaintí Párolla		2,386	1,995
AÍCG Ar Fionraí	6.5	7,000	—
Dlite don/(ón) Chiste Árachais Shóisialaigh maidir le hÍocaíochtaí do Lucht Cuardaigh Fostaíochta agus Saor-Scéimeanna		68,991	(93,878)
Míreanna eile creidmheasa atá ar fionraí		277	12,929
		84,838	(74,729)

2.7 Glandliteanas (ón)/don Státchiste ag 31 Nollaig 2009	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Farasbarr leithreasaí le tabhairt suas	258,497	119,177
Deontas an Státchiste nár tarraingíodh	(282,352)	(25,392)
Glandliteanas (ón)/don Státchiste	(23,855)	93,785
Arna léiriú le:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	12,033	97,032
Banc agus airgead tirim	48,950	15,902
	60,983	112,934
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(6,184)	(4,192)
Iarmhéideanna creidmheasa: ar fionraí	(78,654)	(14,957)
	(84,838)	(19,149)
	(23,855)	93,785

2.8 Ceangaltais ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Iomlán na dtiomantas infhoghníomhaithe le dlí ar dócha a thiocfaidh chun cinn sna blianta	53,958	39,804

3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

Fotheideal	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
A.3.	4,031	Coinnítear leithdháileadh teagmhasachta na Roinne, rud a usáidtear le freastal ar chúinsí gan choinne, coinnítear san fhoroinn seo é. Bhí coigealtas 2009 i gceist toisc nach raibh gá le teagmhasacht na Roinne.
A.10.	7,664	Tar éis do shocruithe nua a bheith tugtha isteach le haghaidh caiteachas TF agus Teileachumarsáide i bhFeabhra 2009 (mar gheall ar Chinneadh Rialtais in Iúil 2008 a raibh sé mar chuspóir leis priacail a laghdú agus luach níos fearr ar airgead a bhaint amach), bhí gá le cead foirmiúil le dul ar aghaidh le gach tionscadal a bhain le TF, lenar áiríodh Tionscadail Ríomhrialtais. Ós rud é nach bhfuarthas an cead riachtanach le haghaidh thionscadal an Chárta Seirbhísí Poiblí go dtí Deireadh Fómhair 2009, níor cuireadh an tionscadal seo fada go leor chun cinn chun go ndéanfaí aon chaiteachas mór i rith 2009.
E.	185,674	Bhí gannchaiteachas i gceist toisc go raibh líon meánach faighteoirí níos lú ann ná mar a bhíothas ag súil leis sa scéim.
F.	(5,625)	Tabhaíodh róchaiteachas faoin bhfo-cheannteideal seo toisc go raibh líon faighteoirí níos mó ann ná mar a bhíothas ag súil leis, rud a chiallaigh go raibh luachanna meánacha íocaíochta níos airde i gceist.
G.	(13,494)	Bhí róchaitheamh i gceist faoin bhfo-cheannteideal seo toisc go raibh luachanna meánacha íocaíochta níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis i gceist leis an Liúntas um Fhilleadh ar Oideachas. Laghdaíodh é seo toisc go raibh líon meánach faighteoirí níos lú i gceist faoi scéim an Liúntais um Fhilleadh ar Obair ná mar a bhíothas ag súil leis.
H.	9,151	Bhí coigealtas i gceist toisc go raibh líon meánach faighteoirí níos lú ann ná mar a bhíothas ag súil leis.
J.	(2,809)	Tharla an róchaitheamh faoin bhfo-cheannteideal seo toisc go raibh líon meánach faighteoirí níos mó ann ná mar a bhíothas ag súil leis.
L	44,497	Bhí gannchaiteachas i gceist faoin bhfo-cheannteideal seo toisc go raibh líon faighteoirí níos lú ann ná mar a bhíothas ag súil leis, rud a chiallaigh go raibh luachanna meánacha íocaíochta níos ísle i gceist.
N.	82,612	Bhí líon meánach faighteoirí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leis ag baint leis an Liúntas Leasa Forlíontach Bunúsach agus leis na hÍocaíochtaí Riachtanas Eisceachtúil agus Práinneach faoin bhfo-cheannteideal seo. Bhí meáin níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis i gceist le líon faighteoirí an Liúntais Cíosa agus Ús Morgáiste LLS.

Fotheideal	Níos lú/(níos mó) ná a soláthraíodh	Míniú
	€000	
P.	13,000	Bhí líon meánach faighteoirí níos lú ann faoin bhfo-cheannteideal seo ná mar a bhíothas ag súil leis.
T.1.	2,524	Lánscoradh an Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta agus comhtháthaíodh leis an Roinn í, in Iúil 2009. Baineann caiteachas 2009 leis an gcéad leath den bhliain amháin.
V.	358	Thabhaigh an fo-cheannteideal seo gannchaitheamh toisc go raibh piocúlacht scéime níos moille i measc na n-iarratasóirí ná mar a bhíothas ag súil leis.
W.	9,983	Bhí líon meánach faighteoirí níos lú ann sa scéim seo ná mar a bhíothas ag súil leis.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair	2009 Measta €000	2009 Réadaithe €000	2008 Réadaithe €000
1. Aisghabháil na gcostas riaracháin ón gCiste Árachais Shóisialaigh	181,000	181,000	165,300
2. Aisghabhálacha ró-íocaíochtaí Cúnaimh Shóisialaigh	9,300	14,175	12,761
3. Aisíocaíocht ón gCiste Árachais Shóisialaigh i leith méideanna a íocadh ar dtús mar Chúnamh Sóisialach	5,600	9,545	8,244
4. Fáltais faoi na forálacha i leith “Dliteanas um Theaghlach a Chothú” i gCuid XII den Acht Leasa Shóisialaigh (Comhdhlúthú), 2005	1,500	851	1,150
5. Fáltais ó Oifig an Chláraitheora Ghinearálta	550	718	562
6. Fáltais na gCuntas Díomhaoin	1,000	—	—
7. Fáltais ó Chiste Sóisialta na hEorpa do ghníomhachtú agus do pháirtíocht na ndaoine faoi mhíchumas	1,500	232	250
8. Ilghnéitheach	1,000	3,164	1,784
9. Fáltais ó Asbhaint ó Luach Saothair na Seirbhíse Poiblí a bhaineann le Pinsin	11,633	9,355	—
Iomlán	213,083	219,040	190,051

Nóta: Áirítear sna Fáltais Ilghnéitheacha suim de €77,854 a fuarthas ón nGníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaine tar éis a scaoilte agus comhtháthú a cuid feidhmeanna agus foirne chuig Rannóg Cuimsithe Shóisialta na Roinne.

Míniú ar athruithe suntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le gach ceannteideal caitheachais a raibh an toradh a bhain leis éagsúil ón méid measta, le breis is €100,000, agus le breis is 5%.

Teideal	Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000	Míniú
2.	(4,875)	Ní féidir fáltais faoin gceannteideal seo a thuar go cruinn.
3.	(3,945)	Ní féidir fáltais faoin gceannteideal seo a thuar go cruinn.
4.	649	Ní féidir fáltais faoin gceannteideal seo a thuar go cruinn.
5.	(168)	Ní féidir fáltais faoin gceannteideal seo a thuar go cruinn.
6.	1,000	Ní bhfuarthas aon fháltais ó ba rud é nach ndeachaigh an scéim bhainteach chun tosaigh chomh tapa is bhíothas ag súil leis.
7.	1,268	Bhí aisíoc an ESF níos lú ná mar a bhí súil leis de bharr caiteachais níos lú ná mar a bhítear ag súil leis de bharr nach ndeachaigh an gné idir-ghníomhaireachta ar aghaidh mar a bhí súil leis.
8.	(2,164)	Ní féidir fáltais faoin gceannteideal seo a thuar go cruinn.
9.	2,278	Bhí na fáltais níos ísle faoin gceannteideal seo ná mar a bhíothas ag súil leis, de bharr na rátaí leasaithe asbhainte a bhaineann le pinsin i mBealtaine 2009 go príomha.

4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste

	2009	2008
	€000	€000
Airgead Coinsiasa[1]	67	13
Costais Finnéithe[2]	16	4
Barrachas na Gníomhaireachta um Thacaíocht Teaghlaigh ó 2007	—	1,900
An Bord um Fhaisnéis do Shaoránaigh - díol réadmhaoine	—	1,045
	83	2,962

[1]Áirítear in Airgead Coinsiasa suimeanna de €8,616 agus €16,777 i leith 2007 agus 2008, faoi seach
[2] Áirítear i gCostais Finnéithe suime de €7,858 i leith 2008

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2009	2008
Líon foirne ag deireadh na bliana (comhionann le fostaithe lánaimsire)	4,690	4,459

	2009	2008
	€000	€000
Pá	217,294	198,449
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	698	648
Liúntais eile	691	432
Ragobair	7,677	5,842
ÁSPC an Fhostóra	10,729	9,513
Pá iomlán	**237,089**	**214,884**

5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre

	Líon na bhfaighteoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2009	2008
			€	€
Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise	411	19	32,899	28,543
Liúntais eile	115	17	14,656	13,921
Ragobair	2,713	125	25,940	24,864

Tabhair faoi deara: Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

5.2 Íocaíochtaí Feidhmíochta agus Fiúntais

Bhí iomlán €33,141 caite ar an scéim Ionchuir agus dámhachtainí tugtha do 15 oifigeach.

Bronnadh iomlán €212,455 ar fhoireann Roinne mar dhámhachtainí fiúntais, mar a bhí ceadaithe faoin Scéim Buiséad Riaracháin, arb ionann í agus dámhachtainí do 24 duine ar leith, idir €300 agus €750, agus do 22 foireann idir €200 agus €750 in aghaidh an bhaill foirne.

5.3 Socruithe Eile maidir le Luach Saothair

Íocadh íocaíochtaí d'iomlán €9,000 le 3 ball foirne i leith liúntas oiliúna do dhílárú, faoi réir Chiorclán 19/2007 ón Roinn Airgeadais.

Fuair ball foirne €2,250 maidir le bheith ina b(h)all den Bhord um Chúnamh Dlíthiúil.

6 Míreanna Ilghnéitheacha

6.1 Aisghabháil ró-íocaíochtaí

Aisghabháil ró-íocaíochtaí cúnaimh ar luach €14,175,379 in aisíocaíochtaí airgid thirim agus trí choinneáil siar ón gCiste Árachais Shóisialaigh (Sochar), tá teidlíochtaí curtha san áireamh faoi Fho-Cheanntheideal Y. Chomh maith leis sin, rinneadh aisghabhálacha ar luach €9,416,885 trí asbhaintí ó theidlíochtaí Cúnaimh.

Bhí staid achomair na ró-íocaíochtaí Cúnaimh ar 31 Nollaig 2009, mar seo a leanas:

Fotheideal	**2009**	**2008**
	Caiteachas	**Caiteachas**
	€000	**€000**
Ró-íocaíochtaí amuigh	191,167	174,884
Mionathrú do bhlianta roimhe seo*	(741)	1,360
Glanmhéid na Ró-Íocaíochtaí a cláraíodh	45,604	36,360
	236,030	212,604
Lúide:		
Suimeanna aisghafa	23,592	18,318
Méideanna díscríofa mar mhéideanna do-aisghabhála	6,966	3,119
	30,558	21,437
Ró-íocaíochtaí amuigh	205,472	191,167

*Déantar mionathruithe chun leasuithe siarghabhálacha a léiriú a bhí ceadaithe sa chóras ODM roimhe seo in éineacht le hearráid chuntasaíochta bliana roimhe sin. Réitíodh na ceisteanna seo ó shin agus ní bheidh aon ghá le mionathrú a dhéanamh ar iarmhéid tosaigh 2010.

6.2 Cúiteamh

Íocadh cúiteamh agus costais bhainteacha dhlíthiúla agus ilghnéitheacha ar luach iomlán €67,454 in 10 chás d'éileamh díobhála pearsanta agus i gcás socruithe eile maidir le fostaithe.

Rinneadh íocaíochtaí d'iomlán €25,551 maidir le costais dhlíthiúla, damáistí agus costais in 8 gcás maidir le díobháil phearsanta a tharla in áitribh na Roinne agus i gcásanna eile.

Rinneadh íocaíocht €60,000 mar chuid d'Íocaíochtaí Dlíthiúla agus Cúitimh an Phearsanra, maidir le socrú cáis a bhí á thabhairt chuig an mBinse Achomhairc Fostaíochta in aghaidh na Roinne.

Rinneadh íocaíochtaí ex-gratia agus íocadh costais dhlíthiúla ar luach iomlán €127,773 le haghaidh Liúntas Míchumais, Sochar Linbh, Liúntas Cúramóra agus Aisghabháil Cothabhála.

6.3 Tabhairt ar Aghaidh an Bhuiséid Riaracháin

Mar a comhaontaíodh leis an Roinn Airgeadais faoin scéim Buiséad Riaracháin, tá coigilteas €2,814,000 a tugadh ar aghaidh ó 2009 san áireamh i Meastacháin 2010.

6.4 Maoiniú ón AE

Fuarthas €231,857 ón AE maidir leis an Tionscadal Gníomhachtaithe Míchumais. Is clár idirghníomhaireachta é an tionscadal atá á chómhaoiniú ag an Roinn agus ag Clár Oibríochtúil Infheistíochta Chiste Sóisialta na hEorpa i gCaipiteal Daonna le haghaidh na tréimhse 2007-2013.

6.5 Cuntas Fionraí AÍCG

Ionas gurbh fhéidir tabhairt isteach Ardán nua Íocaíochta agus Comhréitigh Gníomhaireachtaí (AÍCG) a éascú i rith 2009, bhí gá le dhá chuntas nua fionraí a oscailt le haghaidh Vóta 38 agus an Chiste Árachais Shóisialaigh. Ar 31 Nollaig 2009, bhí iarmhéid sochair €6,999,575 i gcuntas Fionraí an Vóta agus bhí sé dlite don Chiste Árachais Shóisialaigh. Taispeánann an t-iarmhéid i gCuntas Fionraí an Chiste Árachais Shóisialaigh iarmhéid dochair €8,383,567. Cuimsíonn sé seo an méid atá dlite ó chuntas fionraí an Vóta.

I gcomhairle leis an Roinn Airgeadais, cuireadh suimeanna de €576,614 agus €431,800 chun muirear i Vóta 38 agus sa Chiste Árachais Shóisialaigh (SIF) faoi seach, in 2009 chun suimeanna agus iarmhéideanna coinnithe ar fionraí go dtí go mbeidh réiteach orthu a ghlanadh. De bharr aois, castacht agus líon na suimeanna atá i gceist (3,799 mír le luach de €1,008,414) ní raibh sé praiticiúil taighde a dhéanamh agus suimeanna indibhidiúla a bhreacadh. Dá réir sin tá na suimeanna a bhí ar fionraí tugtha san áireamh sa chuntas ar bhunús caiteachais anailíse bliantúil agus tá na ceannteidil chuí chaiteachais ar Vóta 38 agus SIF araon coigeartaithe.

Amhail 31 Lúnasa 2010, ba ionann iarmhéid coinnithe na héagsúlachtaí ar fionraí PARP gan réiteach agus €1,521,753. Tá dul chun cinn suntasach déanta chun na suimeanna seo a aithint agus bhí iarratas ar chead na Roinn Airgeadais chun na coigeartuithe cuí agus deiridh a dhéanamh go mór chun cinn.

6.6 Eile

Rinneadh measúnú ar mhí-leithghabháil ar airgead poiblí ar fiú €195,471 é, a raibh éileamh calaoiseach ar ragobair déanta ina leith, ar 1 ball foirne sa tréimhse ó 2001 - 2009. Meastar go mbeidh an suim iomlán faighte ar ais faoi 2014.

Vóta 39: Sláinte agus Leanaí

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 39, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Sláinte agus Leanaí agus ar sheirbhísí áirithe eile arna riaradh ag an Oifig sin, ina n-áirítear deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2009, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsaid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú.

Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm in Oifig an Aire Sláinte agus Leanaí .

Feabhsú Rialaithe Inmheánacha

Tá na gníomhartha breise seo tógtha, nó á dtógáil, d'fhonn an córas rialuithe inmheánaigh a fheabhsú.

Oiliúint Foirne

Oibríonn an Roinn an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (CBFF) le cabhrú chun riachtanais oiliúna foirne a aithint, bainistíocht airgeadais agus scileanna cuntasóireachta san áireamh. Tá creidiúnú go dtí na leibhéil is airde bainte amach ag Aonad Airgeadais na Roinne maidir lena hoiliúint ar an gcóras párolla Corepay agus a uirlis ghaolmhar éirim ghnó, a úsáidtear chun críche anailíse, tuairiscithe agus pleanála. Tá oiliúint bhreise déanta maidir le nósanna imeachta bhainistíocht airgeadais phoiblí agus le saincheisteanna cáinghaolmhara, mar CBL, Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla agus Sochar Comhchineáil. Eagraíonn Aonad Oiliúna na Roinne seimineáir freisin do gach ball foirne sa Roinn i réimsí ábhartha mar dhlíthíocht.

Teicneolaíocht Faisnéise

Rinne an Roinn feabhsú breise ar shlándáil TF le linn na bliana. Chomh maith leis sin, cuireadh tús le corprú Chlár Sócmhainní na Roinne isteach sa Chóras Bhainistíocht Airgeadais (CBA) i 2009. Ceadóidh seo don Roinn aistriú go hiomlán d'úsáid mhodúl Chlár Sócmhainní an CBA dá Cuntais Leithreasa 2010. Tá úsáid Ríomhaistriú Airgid (RA) leathnaithe a thuilleadh le linn 2009 leis an scéim nua um Chúram agus Oideachais Luath-óige agus íocaíocht maidir le soláthróirí earraí agus seirbhísí eile a thabhairt san áireamh.

Bainistíocht Rioscaí

Oibríonn an Roinn córas Bhainistíocht Rioscaí a comhtháthaíodh níos dlúithe, le linn 2009, isteach sa chóras phleanáil ghnó. Forbraíodh Polasaí Bhainistíocht Rioscaí leasaithe le linn 2009 (agus eisíodh é go luath i 2010) le próisis bhainistíocht rioscaí agus monatóireacht rioscaí a shruthlíniú faoin gCoiste Comhairlithe Bainistíochta.

Iniúchadh Inmheánach & Coiste Iniúchta

Ullmhaítear clár bliantúil iniúchta faoi choimirce an Choiste Iniúchta agus tuairiscíonn an t-Aonad Inmheánach Iniúchta don Choiste ar fheidhmiú an chláir seo agus ar thabhairt i gcrích na dtuarascálacha iniúchta. Le linn 2009 cuireadh cúig thuarascáil i gcrích agus eisíodh iad, agus cuireadh obair iniúchta maidir le hocht dtuarascáil eile i gcrích agus d'aontaigh an Coiste Iniúchta na tuarascálacha deiridh i 2010. Feidhmíonn an Coiste Iniúchta agus an tAonad Inmheánach Iniúchta faoi Chairt scríofa.

Rialuithe Riaracháin agus Airgeadais

Tá Cód um Rialachas Corparáideach agus Airgeadais suiteáilte ag an Roinn ó 2007. Tá ról láidir ag Coiste Comhairlithe Bainistíochta (CCB) na Roinne i maoirsiú bhainistíocht airgeadais agus i rialú airgeadais. Pléitear tuarascáil mhíosúil airgeadais ag CCB a chlúdaíonn an staid airgeadais ar Vóta 39 (An Roinn Sláinte agus Leanaí) agus ar Vóta 41 (Oifig an Aire Leanaí agus Gnóthaí Óige). (Cuimsíonn an tuarascáil seo freisin sonraí maidir le Vóta 40 (Feidhmeannas na Seirbhíse Sláinte)).

Tá Fo-choiste bunaithe ag CCB ar Rialuithe Inmheánacha Airgeadais chun maoirsiú a dhéanamh ar oibríocht timpeallacht rialú airgeadais na Roinne. Cuimsíonn obair an Fho-choiste scrúdú agus iarobair ar Thuarascálacha Inmheánacha Iniúchta, Rioscaí Airgeadais ón gClar Rioscaí, Tuarascálacha an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste a bhaineann leis an Earnáil Sláinte agus leis an Seirbhís Phoiblí níos leithne agus miontuairiscí an Aire Airgeadais d'fhonn a dheimhniú go ngníomhaítear ar mholtaí ábhartha maidir le rialuithe inmheánacha airgeadais.

MICHAEL SCANLAN
Oifigeach Cuntasaíochta

31 Márta 2010

Deimhniú an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá Cuntas Leithreasa an Vóta ar Oifig an Aire Sláinte agus Leanaí le haghaidh 2009 iniúchta agam faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmhaíodh an Cuntas de réir an Ráiteas ar Bheartais agus Phriosabail Chuntasaíochta. Tá dualgais an Oifigigh Chuntasaíochta agus an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis na Cuntais Leithghabhála, agus bunús tuairime an iniúchta, leagtha amach i gCuid 1 den imleabhar seo.

Tá an fhaisnéis agus na mínithe ar fad a mheas mé a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta faighte agam. Is é mo thuairim go raibh leabhair chearta chuntas coinnithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí. Tá an Cuntas Leithreasa ag teacht lena bhfuil sna leabhair chuntais.

Is é mo thuairim, go dtugann an Cuntas Leithreasa léargas ceart ar fháltais agus ar chaiteachas an Vóta don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2009.

Déanann Caibidil 36 de mo thuarascáil bhliantúil cur síos ar ábhair ar leithligh a chinn mé a bheith tábhachtach agus tuairisc mé orthu de réir Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú),1993.

Seán Ó Buachalla

SEÁN Ó BUACHALLA
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
7 Meán Fómhair 2010

Vóta 39 Health and Children
Cuntas Leithreasa 2009

Seirbhís		2009 Suim soláthraithe sa Mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
		€000	€000	€000
Riarachán				
A.1.	Tuarastail, pá agus liúntais	34,913	32,679	32,010
A.2.	Taisteal agus cothú	850	538	954
A.3.	Costais theagmhasacha	1,727	1,065	1,735
A.4.	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	1,000	599	788
A.5.	Fearais oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí gaolmhara	2,351	1,507	2,152
A.6.	Costais áitreabh oifige	1,100	561	958
A.7.	Seirbhísí comhairleoireachta	988	524	1,483
A.8.	Athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe	200	27	36
Deontais				
B.1.	Deontais do chomhlachtaí taighde	38,578	37,718	39,922
B.2.	Deontais do ghníomhaireachtaí sláinte agus d'eagraíochtaí eile cosúil leo (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	3,985	3,985	3,985
Seirbhísí eile				
C.	Caiteachas maidir leis an Eagraíocht Sláinte Domhanda agus comhlachtaí idirnáisiúnta eile	2,220	2,263	1,808
D.	Fiosrúcháin reachtúla agus neamh-reachtúla agus táillí dlí agus socruithe ilghnéitheacha	32,074	13,000	20,054
E.1.	Comhlachtaí forbarthacha, comhchomhairleacha, maoirseachta agus comhairleacha	152,554	133,503	138,843
E.2.	An Bord um Chur Chun Cinn Sábháilteacht Bia	7,000	5,623	7,000
E.3.	Bord an Chiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála	90,300	90,350	104,641
E.4.	Interreg na hÉireann/ Thuaisceart Éireann	340	216	143
E.5.	Oifig an Ombudsman do Leanaí	2,310	2,310	2,411
F.1.	Íocaíochtaí maidir le míchumas de bharr Tailidimíde	395	374	378

		2009 Suim soláthraithe sa Mheastachán	2009 Toradh	2008 Toradh
Seirbhísí eile (ar lean)		**€000**	**€000**	**€000**
F.2.	Íocaíochtaí maidir le daoine a mhaíonn go ndearnadh díobháil dóibh de bharr vaicsínithe	1	—	—
F.3.	Íocaíochtaí le cuntas speisialta a bunaíodh faoi alt 10 de na hAchtanna um Bhinse Cúitimh i nDáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002	64,286	49,000	64,286
F.4.	Íocaíochtaí le ciste cúitimh a bunaíodh faoi alt 11 de na hAchtanna um Bhinse Cúitimh i nDáil le Heipitíteas C 1997 agus 2002	11,349	5,200	11,349
G.	Craobhscaoileadh faisnéise, comhdhálacha agus foilseacháin maidir le sláinte agus seirbhísí sláinte	1,969	1,117	1,763
H.	Íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht Éileamh Stáit maidir le costais i ndáil le faillí chliniciúil	30,000	29,979	42,608
Seirbhísí caipitil				
I.	Deontais maidir le tógáil, trealamhú (TFC. san áireamh) gníomhaireachtaí a mhaoinítear ag an Roinn	15,000	13,298	22,383
	Olliomlán	**495,490**	**425,436**	**501,690**
J.	**Bain de Leithreasaí -i- gcabhair**	**4,316**	**5,600**	**4,014**
	Glaniomlán	**491,174**	**419,836**	**497,676**
	Farasbarr le tabhairt suas		**€71,337,879**	**€35,706,297**

Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin do 2009

	Nóta	€000	2009 €000	2008 €000
Caiteachas ar riarachán			37,500	40,116
Caiteachas ar sheirbhísí agus ar chláir			387,936	461,574
Olliomlán			425,436	501,690
Bain de				
Leithreasaí-i-gcabhair			5,600	4,014
Glaniomlán			419,836	497,676
Athruithe maidir le sócmhainní caipitil				
Ceannacháin		(158)		
Dímheas		378		
Airgead tirim ó dhiúscairtí		—		
Caillteannas ar dhiúscairtí		4	224	1,417
Athruithe maidir le sócmhainní atá á bhforbairt				
Íocaíochtaí in airgead tirim			—	—
Athruithe maidir le glansócmhainní reatha				
Laghdú ar fhabhraithe deiridh		(2,110)		
Méadú ar stoc		(29)		
			(2,139)	(11,845)
Caiteachas díreach			417,921	487,248
Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara	1.1		18,243	15,808
Measchíosanna			4,297	4,471
Iomlán an chostas oibriúcháin			**440,461**	**507,527**

1.1 Seirbhísí gaolmhara
Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 39 a tabhaíodh in áit eile.

Vóta		2009 €000	2008 €000
7	Aoisliúntais and Liúntais Scoir	8,684	7,138
9	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim	5,624	5,739
10	Oifig na nOibreacha Poiblí	3,316	2,209
20	Garda Síochána	344	450
	An Príomh-Chiste – Pinsin na nAirí srl	275	272
		18,243	**15,808**

2 Ráiteas faoi Shócmhainní agus faoi Dhliteanais ag 31 Nollaig 2009

	Nóta	2009 €000	2008 €000
Sócmhainní Caipitil	2.1	1,475	1,714
Sócmhainní atá á bhforbairt	2.2	—	—
		1,475	**1,714**
Sócmhainní Reatha			
Stoic	2.4	102	73
Réamhíocaíochtaí		220	234
Ioncam Fabhraithe		2,176	2
Iarmhéideanna eile dochair	2.5	9,214	6,155
Glandliteanas ón Státchiste	2.7	4	237
Iomlán na Sócmhainní Reatha		**11,716**	**6,701**
Lúide Dliteanais Reatha			
Costais fhabhraithe		529	494
Iarmhéideanna creidmheasa eile	2.6	1,379	1,153
Banc agus airgead tirim	2.3	7,839	5,239
Iomlán na nDliteanas Reatha		**9,747**	**6,886**
Glansócmhainní reatha		**1,969**	**(185)**
Glansócmhainní		**3,444**	**1,529**

2.1 Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil

	Trealamh Oifige €000	Troscán agus Feistis €000	Iomláin €000
Ollsócmhainní			
Costas nó luacháil ag 1 Eanáir 2009	9,986	2,691	12,677
Breiseanna	122	21	143
Diúscairtí	(7,165)	(153)	(7,318)
Costas nó luacháil ag 31 Nollaig 2009	2,943	2,559	5,502
Dímheas Carntha:			
Iarmhéid tosaigh ag 1 Eanáir 2009	8,969	1,994	10,963
Dímheas don bhliain	251	127	378
Dímheas ar dhiúscairtí	(7,163)	(151)	(7,314)
Dímheas carnach ag 31 Nollaig 2009	2,057	1,970	4,027
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2009	886	589	1,475
Glansócmhainní ag 31 Nollaig 2008	1,017	697	1,714

2.2 Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

	Feidhmiúcháin Ríomhaire Inmheánacha €000
Suimeanna tugtha ar aghaidh ar 1 Eanáir 2009	—
Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain	—
Aistrithe go clár na sócmhainní	—
Suimeanna tugtha ar aghaidh ag 31 Nollaig 2009	—

2.3 Banc agus Airgead Tirim

ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Iarmhéid ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim	2,145	(904)
Orduithe íocaíochta gan íoc	5,694	6,143
	7,839	5,239

2.4 Stoic

ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
Stáiseanóireacht	36	48
Ábhar inchaite TF	66	25
	102	73

2.5 Iarmhéideanna eile dochair ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Airleacain don OOP	81	171
Tuarastail in-fhorchúitithe	651	512
Caiteachais taistil a forchúitíodh	25	15
Forchúiteamh scéim na bpas taistil	104	96
Binse Cúitimh	8,340	5,328
Míreanna eile dochair atá ar fionraí	13	33
	9,214	6,155

2.6 Iarmhéideanna eile creidmheasa ag 31 Nollaig	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Suim atá dlite don Stát		
Cáin ioncaim	11	528
Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta	10	194
Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla	78	119
Cáin Bhreisluacha	21	22
Pinsin	384	124
Fáltais bhreise atá le híoc leis an Státchiste	97	—
	601	987
Asbhaintí den phárolla atá gcoinneáil ar fionraí	144	34
Míreanna eile creidmheasa atá ar fionraí	634	132
	1,379	1,153

2.7 Glandliteanas don Státchiste ag 31 Nollaig 2009	**2009** **€000**	**2008** **€000**
Farrasbarr le tabhairt suas	71,338	35,706
Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh	(71,342)	(35,943)
Glandliteanas don Státchiste	(4)	(237)
Arna léiriú ag:		
Féichiúnaithe		
Iarmhéideanna Dochair: Fionraí	9,214	6,155
	9,214	6,155
Creidiúnaithe		
Dlite don Stát	(601)	(987)
Banc agus Airgead Tirim	(7,839)	(5,239)
Iarmhéideanna dochair: ar fionraí	(778)	(166)
	(9,218)	(6,392)
	(4)	(237)

2.8 Ceangaltais ag 31 Nollaig	2009 €000	2008 €000
(A) Ceangaltais Dhomhanda		
Ceangaltais is dóigh a thiocfaidh chun cinn blianta ina dhiaidh sin i gcás:		
Fotheidil soláthair	776	1,360
(B) Ceangaltais Chaipitil Ilbhliantúla		
1. Ceangaltais chaipitil is féidir a fhorfheidhmiú go dleathach		
Caiteachas sa bhliain	13,298	22,383
Ceangaltais le comhlíonadh blianta ina dhiaidh sin	29,123	43,401

2. Tionscadail Chaiptil os cionn €6.3 milliún:

	Caiteachas a carnadh go 31 Nollaig 2008 €m	Íoctha i 2009 €m	Le híoc blianta dar gcionn €m	Iomlán €m
An tSeirbhís Náisiúnta Scagtha Ailse - síneadh náisiúnta chuig réigiúin sa Deisceart/Iarthar	21.070	0.979	0.030	22.079
An Bord Taighde Sláinte (Áis Taighde Chliniciúil) Ospidéal Naomh Séamus agus Líonra Taighde Chliniciúil Bhaile Átha Cliath)	0.500	0.725	10.250	11.475
Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí	21.570	1.704	10.280	33.554

3 Athruithe maidir le Caiteachas

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caiteachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, tar éis d'aon athrú a bheith déanta i meastacháin fhorlíontacha, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

Fo-theid-eal	Níos lú (níos mó) ná a soláthraíodh €000	Míniú
A.2.	312	D'eascair an coigilteas as laghduithe a rinneadh ar na rátaí faofa taistil agus cothaithe le linn na bliana agus laghdú ar an líon ag taisteal.
A.3.	662	D'eascair an coigilteas as feidhmiú bearta chiorrúchán chaiteachais.
A.4.	401	D'eascair an coigilteas as feidhmiú bearta chiorrúchán chaiteachais.
A.5.	844	D'eascair an coigilteas go príomha as costais chlódóireachta agus TFC níos lú ná mar a réamh-mheasadh.
A.6.	539	D'eascair an coigilteas as costais tógáil áitribh níos lú ná mar a réamh-mheasadh.
A.7.	464	D'eascair an coigilteas as moill ag tosú comhairleachtaí áirithe.
A.8.	173	D'eascair an coigilteas as caiteachas níos lú ná mar a réamh-mheasadh.
D	19,074	Níor tháinig an meastachán ar chostais dhlíthiúla agus socraíochtaí áirithe i gcrích faoi mar a réamh-mheasadh.
E.1.	19,051	D'eascair an coigilteas as cuíchóiriú gníomhaireachtaí sláinte, an moratorium ar earcú agus caiteachas eile níos lú ná mar a réamh-mheasadh.
E.2.	1,377	D'eascair an coigilteas as caiteachas níos lú ná mar a réamh-mheasadh.
E.4.	124	D'eascair an coigilteas as caiteachas níos lú ná mar a réamh-mheasadh.
F.3.	15,286	D'eascair an coigilteas as caiteachas níos lú ná mar a réamh-mheasadh.
F.4.	6,149	D'eascair an coigilteas as caiteachas níos lú ná mar a réamh-mheasadh.
G.	852	D'eascair an coigilteas as caiteachas níos lú ná mar a réamh-mheasadh.
I.	1,702	Tharla an choigilt de bharr tosca ama a bhain le seachadadh tionscadal éagsúla.

4 Fáltais

4.1 Leithreasaí-i-gcabhair	2009 Measta €000	2009 Réadaithe €000	2008 Réadaithe €000
1. Ilghnéitheach	1	473	4,014
2. Fáltais ó Asbhaint a Bhaineann le Pinsean ar Luach Saothair Seirbhíse Poiblí	4,315	5,127	—
Iomlán	4,316	5,600	4,014

Míniú ar athrúcháin shuntasacha

Tugtar míniú thíos maidir le gach fotheideal caitheachais a raibh an toradh a bhain leis breis is €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim a soláthraíodh, agus breis is 5% amach ón tsuim a soláthraíodh (25% i gcás na bhfotheideal riaracháin).

Teideal	Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta €000	Míniú
1	(472)	Tharla an éagsúlacht mar gheall ar fháltas na gcostas maidir le costais finnéithe i gcás a thóg cuideachtaí tobac éagsúla in aghaidh an Aire Sláinte agus Leanaí agus eile. Níor leanadh leis an gcás áfach.
2	(812)	Tugadh isteach an Asbhaint a Bhaineann le Pinsean ar Luach Saothair Seirbhíse Poiblí i 2009 agus gannmheasadh an méid dlite ó ghníomhaireachtaí sláinte.

4.2 Fáltais bhreise le híoc leis an Státchiste

Fuarthas fáltais eile de €96,584 i rith na bliana

5 Líon agus Pá na bhFostaithe

	2009	2008
Líon foirne (comhionann le fostaithe lánaimseartha) **ag deireadh na bliana**	488	529

	2009 €000	2008 €000
Pá	30,879	30,093
Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise	312	306
Liúntais eile	9	9
Ragobair	203	272
ÁSPC an Fhostóra	1,276	1,330
Pá iomlán	**32,679**	**32,010**

5.1 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

	Líon na bhfaight-eoirí	Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó	Uasíocaíocht aonair	Uasíocaíocht aonair
			2009 €	2008 €
Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise	60	11	35,763	20,187
Liúntais eile	48	—	473	463
Ragobair	59	6	22,174	26,019

Nóta: Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

6 Míreanna Ilgnéitheacha

6.1 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

Fotheideal	Cur síos	2009	2009	2008
		Measta	Toradh	Toradh
		€000	€000	€000
B2	Deontais do ghníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla eile (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)	3,985	3,985	3,985
		3,985	**3,985**	**3,985**

Faoi fhotheideal B2 íocadh iomlán de €3.985 milliún le gníomhaireachtaí sláinte agus eagraíochtaí comhchosúla eile. Tá sonraí an mhaoinithe íoctha ar fáil ar shuíomh Gréasain na Roinne "'www.dohc.gov.ie".

6.2 Coimisiúin agus Fiosrúcháin

	Bliain an cheaptha	Iomlán íoctha go deireadh 2009	2009	2008
		€000	€000	€000
A. An Coimisiún um Shábháilteacht Othar agus Dearbhú Cáilíochta	2007	294	12	168
B. Coimisiún Imscrúdúcháin 2004 chun imscrúdú a dhéanamh ar chúrsaí maidir le bainistíocht, feidhmiú agus maoirseacht Theach Banaltrais Leas Cross	2007	1,816	569	1,071
		2,110	581	1,239

7 Cuntais Ilghnéitheacha

Tá Ciste Speisialta Slánaíocht um Chnáimhseachas bunaithe óna slánófar ospidéil rannpháirteacha áirithe maidir le sainéilimh chnáimhseachais. Déanann na hospidéil rannpháirteacha ranníocaíochtaí isteach sa chiste. De bhreis air sin, faoi théarmaí socraithe leis an Medical Protection Society aistríodh cistí áirithe (An Ciste Speisialta Cnáimhseachais) le páirtmhaoiniú a dhéanamh ar chostas éilimh shainithe chnáimhseachais ar chnáimhseoirí ainmnithe. Tá na Cistí seo á mbainistiú ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát. Is é an cuspóir ná go sásófar éilimh ar an gcéad ásc ó na Cistí agus go n-íocfaidh an Roinn aon easnamh sa chlúdach. Tá maoin go leor ag na Cistí chun éilimh ionchais a shásamh go ceann i bhfad agus ní éiríonn ceist easnaimh faoi láthair.

Vóta 40: Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 40, ceanglaítear orm an Cuntas Leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an Cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa Chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2009 ar thuarastail agus speansais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus seirbhísí áirithe eile arna riar ag an bhFeidhmeannacht, lena n-áirítear deontais ilghnéitheacha.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2009, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6.

Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le Cuntais Leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an Cuntas á ullmhú [seachas i gcás an mhéid seo a leanas

Luach Saothair

Speansais charntha lena n-áirítear dliteanais i ndáil le luach saothar arna thuilleamh go dtí 31 Nollaig 2009.

Ráiteas ar Shócmhainní Caipitil

Áiítear sna sócmhainní seasta inláimhsithe Talamh, Foirgnimh, Obair idir Lámha, Trealamh agus Mótafheithiclí. Luaitear breiseanna sócmhainní seasta inláimhsithe ó 1 Eanáir 2005 ag a gcostas stairiúil lúide dímheas carntha. Áirítear na luachanna carraeireachta de na sócmhainní seasta inláimhsithe ó na forais réamhtheachtaithe ar tháinig FSS i gcomharba orthu sa chlár iarmhéideanna tosaigh ar lá bunaithe na heagraíochta, 1 Eanáir 2005, ag a gcostas/luacháil bunaidh. Áiríodh freisin cuntas an dímheasa charnaigh ar an gclár iarmhéideanna tosaigh.

Déantar dímheas a ríomh chun costas/luacháil gach sócmhainne seasta inláimhsithe a dhíscríobh thar a thréimhse úsáideach eacnamaíoch ar bhonn na líne dírí ag na rátaí seo a leanas:

Talamh: ní dhéantar talamh a dhímheas.

Foirgnimh: dímheasta ag 2.5% in aghaidh na bliana.

Foirgníocht mhodúlach (.i. Foirgnimh réamhdhéanta): dímheasta ag 10% in aghaidh na bliana.

Obair idir lámha: gan aon dímheas.

Trealamh - ríomhairí agus córais TFC: dímheasta ag 33.33% in aghaidh na bliana.

Trealamh - eile: dímheasta ag 10% in aghaidh na bliana.

Mótarfheithiclí: dímheasta ag 20% in aghaidh na bliana.

Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil atá á bhForbairt

Níor cuireadh i gcrích Ráiteas ar leithligh mar go bhfuil Sócmhainní Caipitil atá á bhForbairt san áireamh mar Obair idir Lámha sa Ráiteas faoi Shócmhainní Caipitil.

Stoic

Luaitear stoic ag a gcostas agus a luach glan inréadaithe, cibé acu is ísle. Is éard is luach glan inréadaithe ann ná fáltais ó dhíolacháin lúide costais a thaibheofar ar dhíol stoic.

Dliteanais Aibithe

Is éard is dliteanais aibithe ann ná sonraisc arna n-íoc i mí Eanáir 2010 a bhí dlite le híoc roimh 31 Nollaig 2009.

Ullmhú an Chuntais Leithreasa ó na Ráitis Airgeadais Bliantúla

Éilíonn alt 36 (2) den Acht Sláinte, 2004 ar an FSS Ráitis Airgeadais Bliantúla a ullmhú sa bhfoirm a theastaíonn ón Aire Sláinte agus Leanaí agus éilíonn Alt 36 (3) go n-ullmhaítear na cuntais seo de réir na gcaighdeán cuntasaíochta a bheidh sainithe ag an Aire. Ullmhaítear na AFS ar bhonn ioncaim agus caiteachais. Sé sin, go n-aithnítear gach gan ioncam a bhaineann leis an tréimhse, cibé an bhfuarthas an t-ioncam sin nó nach bhfuarthas agus go muirearaítear an caiteachas ar fad a bhaineann leis an tréimhse, achtúireach agus fabhraithe araon. Taispeánann iarmhéid an chuntais barrachas an ioncaim os cionn an chaiteachais nó vice versa.

Ullmhaítear an Cuntas Leithreasa ar bhuonn fáltas agus íocaíochtaí agus aithníonn sé airgead tirim a fuarthas agus a íocadh le linn thréimhse an chuntais. Is cuntas neamh-carntha é agus tugtar aon airgead nach bhfuil caite ag deireadh na bliana ar ais don Státchiste.

Tá an muirear chuig Vóta an FSS comhdhéanta de chaiteachas a taifeadadh ar bhonn limistéar agus ar chaiteachas a bhaineann le cláir atá riartha go náisiúnta.
Táirgítear an caiteachas ar bhonn limistéar do limistéir a bhí ann roimh an FSS agus cineann sé ó chórais leagáidí a fheidhmítear sna limistéir sin. Tá córais airgeadais na Feidhmeannachta deartha chun cuntais bunaithe ar fhabhrú a tháirgeadh agus braitheann na figiúirí atá bunaithe ar airgead tirim atá riachtanach do chuntasaíocht Vóta ar réitigh shuntasacha ar na figiúirí fabhraithe. Cineann siad seo ón AFS trí fáil réidh le míreanna nach airgead tirim iad agus anailís a dhéanamh ar gach cuntas sócmhainní agus dliteanais chun iarmhéideanna na gcuntas fionraí a aithint. Is í eochair an phróisis seo ná go n-ullmhaítear an dá chuntas, i ndáiríre, leis na hidirbheartaíochtaí foinsí céanna. Tá achoimre ar réiteach thoradh an vóta leis na AFS san áireamh i Nóta 1 den Chuntas Leithreasa.

I ndeireadh na dála, cé go dtáirgíonn an próiseas seo toradh foriomlán atá cothrom le heisíoc Vóta na Feidhmeannachta sa bhliain, tá an muirear chuig roinnt de na fotheidil indibhidiúla bunaithe ar leithroinntí.

Is scéim tacaíochta airgeadais nua í Scéim Tacaíochta na dTeach Altranais dóibh siúd a dteastaíonn cúram uathu i dtithe altranais. Is iad príomhchuspóirí na scéime ná tacaíocht Stáit a chothromú d'fhaighteoirí chúram cónaithe fadtéarmach poiblí agus príobháideacha agus a chinntiú go bhfuil cúram cónaithe fadtéarmach inacmhainne dóibh siúd a dteastaíonn sé uathu. Síníodh mar dlí an reachtaíocht a cheadaigh an scéim an 1 Iúil 2009. Dearadh Fotheideal B.16 chun cuntas a choinneáil ar gach caiteachas ar chúram cónaitheach fadtéarmach atá comhdhéanta de cheithre eilimint:

- fóirdheontais a íocadh maidir le cónaitheoirí i dtithe altranais phríobháideacha, a bhí ina gcónaí ann sular tugadh isteach an NHSS agus a bhfuil roghnaithe acu gan a bheith páirteach sa scéim NHSS;
- íocaíochtaí conarthaí leaba a íocadh maidir le cónaitheoirí i dtithe altranais phríobháideacha, a bhí ina gcónaí ann sular tugadh isteach an NHSS agus a bhfuil roghnaithe acu gan a bheith páirteach sa scéim NHSS;
- íocaíochtaí le tithe altranais phríobháideacha maidir le cónaitheoirí atá páirteach san NHSS.
- céatadán den ollchaiteachas ar aonaid chúram cónaithe poiblí.

Déantar na chéad trí eilimint a mhuirear go díreach chuig an bhfotheideal. Tá an ceathrú eilimint bunaithe ar mhodh leithroinnte costas forbartha ag an FSS, a chionroinneann, go hachoimreach costais a n-aonad fadtéarmacha ar bhunús leapacha a leithroinnt ar ghrúpaí cúraim éagsúla.

Leithroinntí Eile

Sa bhreis ar Fhotheideal B.16 maoiníonn fotheidil limistéar-bunaithe caiteachas faoi leith atá á riaradh go lárnach (e.g. conarthaí náisiúnta atá á íoc ag FSS Corparáideach) agus dá réir sin, leithroinntear an caiteachas gaolmhar ar na fotheidil sin ar mheastachán bunaidh.

Toradh 2008 - Figiúirí Comparáideacha

Áirítear i bhFhotheideal B.10. maoiniú ar scéimeanna pobail áitiúla a bhí leithroinnte cheana ar fhotheidil B.1 go B.8. Tá maoiniú na scéimeanna pobail ar fad á íoc go díreach ag an tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Príomhúil (PCRS) agus ní hamháin ag an Scéim Seirbhísí Chartaí Leighis san áireamh sa bhfotheideal seo anois.

Áirítear i bhFotheideal B.9 maoiniú do sholáthraithe deonacha do mhíchumas intleachtúil a bhí leithroinnte roimhe seo i bhfotheideal B.1.

Áirítear i bhfotheideal C.3 an caiteachas reatha ar chórais faisnéise a raibh cuntas orthu roimhe seo i bhfotheidil B.1 go B.8.

Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar aon leis an gCuntas, tá ráiteas san fhormáid chaighdeánach curtha isteach agam maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais atá i bhfeidhm i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.

Ráiteas faoi Fheabhaú Rialuithe Inmheánacha

Le linn 2009 chuir an Stiúrthóireacht Airgeadais i gcrích Athbhreithniú foirmiúil ar an gCóras um Rialú Inmheánach i bhFeidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, agus úsáideadh a thorthaí chun eolas a sholáthar don Ráiteas seo faoi Rialú Inmheánach Airgeadais. Bainisteoirí airgeadais a rinne an t-athbhreithniú, ar bainisteoirí iad a bhfuil saineolas ar leith acu sna réimsí airgeadas, iniúchadh agus rialú. Cuireadh ar bun teimpléad ó na hathbhreithnithe bliantúla a rinneadh ar an gcóras um rialú inmheánach a rinneadh i mblianta roimhe seo ar baineadh úsáid aisti chun an t-athbhreithniú seo a dhéanamh sa bhliain 2009. Thagair modheolaíocht don athbhreithniú do na nithe seo a leanas:

- Chuir an Bhainistíocht Shinsearach i gcrích Ráitis faoi Dhearbhú Rialuithe dáileadh síos trí struchtúr eagrúcháin FSS chuig leibhéal an Bhainisteora Ghinearálta (nó a choibhéis);
- Cuireadh i gcrích torthaí ar agallaimh dhéthaobhacha struchtúrtha le sampla trasghearrthach de tuairim is 100 bainisteoir agus ceannairí seirbhís agus a bhfreagraí ar cheistneoir maidir le rialuithe inmhéanch le linn gach agallaimh;
- Tuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánaí;
